

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)**

11270/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0397 (COD)**

**EMPL 265
SOC 467
CODEC 1344**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a mhéid a bhaineann le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme – An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 6 go dtí an 9 Iúil 2026)

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla le haghaidh nós imeachta na comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin togra seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL), Li ANDERSSON (An Chlé, FI), leasú comhréitigh (leasú 209), thar ceann EMPL, ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin a raibh Gabriele BISCHOFF (S&D, DE) tar éis dréacht-tuarascáil a ullmhú ina leith, agus leasú amháin (leasú 210) ar an rún reachtach ina bhfuil ráitis.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh na leasuithe sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 7 Iúil 2026, glacadh an leasú comhréitigh (leasú uimhir 209) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, chomh maith le leasú 210 ar an rún reachtach. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é².

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

² Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le **cló trom agus cló iodálach** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘■’ a léirítear téacs a scriosadh.

P10_TA(2026)0239

Comhordú córas slándála sóisialta

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2026 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme (COM(2016)0815 – C8-0521/2016 – 2016/0397(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0815),
- ag féachaint d’Airteagal 294(2), agus d’Airteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0521/2016),
- ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Seanad na Fraince, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
- ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 7 Iúil 2017¹,
- ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 12 Iúil 2017²,
- ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 29 Aibreán 2026 go ndéanfaidh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Achainíocha,

¹ IO C 345, 13.10.2017, lch. 85.

² IO C 342, 12.10.2017, lch. 65.

- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A8-0386/2018),
- 1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
- 2. ag cur sonrú sna ráitis ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;
- 3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige é a thogra a leasú go substaintiúil;
- 4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Iúil 2026 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 48 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

¹ *IO C 345, 13.10.2017, lch. 85.*

² *IO C 342, 12.10.2017, lch. 65.*

³ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2026.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig córas nuachóirithe maidir le comhordú na slándála sóisialta i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2010 ar bhonn Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004¹ agus (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².
- (2) Leasaíodh Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 le Rialachán (AE) Uimh. 465/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, go háirithe i réimse chinneadh na reachtaíochta is infheidhme agus na sochar dífhostaíochta, agus chun oiriúnuithe teicniúla a dhéanamh ar na tagairtí don reachtaíocht náisiúnta sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.
- (3) Tá sé tagtha chun cinn de thoradh meastóireachtaí agus plé laistigh den Choimisiún Riaracháin um Chomhordú Córas Slándála Sóisialta ('an Coimisiún Riaracháin') gur cheart leanúint de phróiseas an nuachóirithe i réimsí na sochar cúraim fhadtéarmaigh, na sochar dífhostaíochta agus na sochar teaghlaigh ***chun gur cothroime agus gur soiléire na rialacha a bhaineann leis na sochair sin, agus gur fusa iad a chur i bhfeidhm, trí bhíthin malartú taithí agus dea-chleachtais riaracháin. Chun na malartuithe sin a éascú, ba cheart úsáid teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn freisin.***

¹ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/883/oj>).

² Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/987/oj>).

³ Rialachán (AE) Uimh. 465/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme (IO L 149, 8.6.2012, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/465/oj>).

- (4) Is den bhunriachtanas é i gcónaí go gcoinneodh na rialacha comhordúcháin bord ar bhord leis an gcomhthéacs dlíthiúil agus sochaíoch athraitheach ina bhfeidhmíonn siad, trí fheidhmiú chearta na saoránach a éascú a thuilleadh agus an tsoiléireacht dhlíthiúil, dáileadh cóir cothromasach ar an ualach airgeadais idir institiúidí na mBallstát lena mbaineann, an tsimplíocht riaracháin agus in-fhorghníomhaitheacht na rialacha á n-áirithiú an tráth céanna.



- (5) Go dtí seo, níor cuimsíodh go sainráite sochair cúraim fhadtéarmaigh faoi raon feidhme ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, ach go ndearnadh, ***i bprionsabal, iad*** a chomhordú ***i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le*** sochair bhreuiteachta, as ar eascair éiginnteacht dhlíthiúil d'institiúidí agus do dhaoine araon a bhí ag éileamh sochair cúraim fhadtéarmaigh. Is gá creat dlíthiúil cobhsaí a fhorbairt laistigh den Rialachán a bheidh oiriúnach do shochair cúraim fhadtéarmaigh, ***lena leanfar de chomhordú a dhéanamh ar shochair bhreuiteachta mar riail ghinearálta agus*** lena n-áirítear sainmhíniú follasach ar na sochair sin ***agus liosta*** de na sochair sin.



- (6) I réimse na sochar dífhostaíochta, ba cheart do na Ballstáit uile na rialacha maidir le comhiomlánú tréimhsí árachais a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. ■

- (7) *Chun a áirithiú go mbeidh fiornasc idir an duine atá dífhostaithe agus an margadh saothair sa Bhallstát a chuireann na sochair dhífhostaíochta ar fáil, ba cheart na rialacha maidir le comhiomlánú tréimhsí chun teidlíocht ar shochair dhífhostaíochta a thabhairt, cé is moite d'oibrithe trasteorann atá dífhostaithe go hiomlán amhail dá dtagraítear in Airteagal 65(2), (3) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, a bheith faoi réir an choinníll go bhfuil tréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta gan bhriseadh d'aon mhí amháin ar a laghad curtha i gcrích le deanaí ag an duine árachaithe sa Bhallstát sin, agus gurrannchuidigh sé, dá bhrí sin, le maoiniú scéim sochar dífhostaíochta an Bhallstáit sin le linn tréimhse réamhshainithe. I gcás nach bhfuil tréimhse dá leithéid curtha i gcrích sa Bhallstát is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaíthe nó féinfhostaithe, ba cheart gurb é an Ballstát roimhe sin ina ndearna an duine sin tréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta a chur i gcrích a bheadh inniúil, ar choinníoll go ndearna an duine tréimhse gan bhriseadh d'aon mhí amháin ar a laghad a chur i gcrích sa Bhallstát sin. Ba cheart an éifeacht chéanna a bheith ag an gclárú le seirbhísí fostaíochta i mBallstát an árachais is déanaí agus a bheadh ag an gclárú le seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit ina raibh an duine dífhostaithe faoi árachas roimhe sin. I gcás nach ndearna an duine an tréimhse riachtanach a chur i gcrích i gceachtar de na Ballstáit sin, ba cheart gurb é an Ballstát is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaíthe nó féinfhostaithe a bheadh inniúil.*

- (8) **■** Chun feabhas a chur ar na deiseanna do dhaoine dífhostaithe atá ag bogadh go Ballstát eile chun obair a lorg agus chun feabhas a chur ar a ndeiseanna ath-imeascadh i margadh an tsaothair agus chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna thar theorainneacha, *ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh an fhéidearthacht a fheidhmiú chun an tréimhse maidir le honnmhairiú sochar dífhostaíochta a fhadú go dtí deireadh thréimhse teidlíochta chun sochar an duine sin.*

- (9) *Daoine dífhostaithe a raibh cónaí orthu, le linn a ngníomhaíochta is déanaí, i mBallstát seachas an Ballstát inniúil agus a leanann de bheith ina gcónaí sa Bhallstát eile sin nó a fhilleann ann, ba cheart dóibh sochair a fháil i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, ar choinníoll go bhfuil tréimhsí árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta gan bhriseadh de 22 sheachtain ar a laghad curtha i gcrích acu sa Bhallstát ina ndearna siad a ngníomhaíocht is déanaí ('tréimhse chleamhnachta'). Chun an tréimhse chleamhnachta a ríomh, níor cheart ach tréimhsí árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta gan bhriseadh a chuirtear i gcrích faoi reachtaíocht an Bhallstáit inniúil a chur san áireamh. Faoi réir chur i gcrích na tréimhse cleamhnachta, is faoin mBallstát inniúil atá sé a mheas an gcomhlíonann an duine coinníollacha maidir le teidlíocht i leith sochair dhífhostaíochta arna leagan síos ina reachtaíochta náisiúnta, amhail is dá mbeadh an duine sin ina chónaí nó ina cónaí sa Bhallstát sin. Ba cheart don duine na hoibleagáidí a leagtar síos i reachtaíocht is infheidhme an Bhallstáit inniúil a chomhlíonadh. Má chinneann an duine é féin nó í féin a chur ar fáil do sheirbhísí fostaíochta Ballstáit eile chun obair a lorg ann, ba cheart dó nó di na coinníollacha a leagtar síos i reachtaíocht an Bhallstáit eile sin a chomhlíonadh agus a bheith faoi réir an nós imeachta rialaithe arna eagrú sa Bhallstát eile sin. Ba cheart don institiúid sa Bhallstát a ndeachaigh an duine dífhostaithe ann faisnéis ábhartha maidir le seiceáil leantach ar staid an duine dhífhostaithe a chur ar fáil, ar bhonn míosúil, don Bhallstát inniúil, go háirithe i dtaobh an bhfuil sé nó sí fós cláraithe leis na seirbhísí fostaíochta agus an bhfuil na nósanna imeachta eagraithe seiceála agus gníomhachtúcháin nó socrúcháin fostaíochta á gcomhlíonadh aige nó aici.*

- (10) *Faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009, agus i gcomhréir leis an dualgas maidir le faisnéis fhrithpháirteach agus comhar fhrithpháirteach, ba cheart d'institiúidí na mBallstát, inter alia, na sonraí is gá a mhalartú chun athruithe ar imthosca atá ábhartha maidir le cearta agus oibleagáidí na ndaoine lena mbaineann faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a bhrath. D'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh úsáid bhreise a bhaint as modhanna leictreonacha chun feabhas a chur ar chomhlíonadh an dualgais maidir le faisnéis fhrithpháirteach agus comhar fhrithpháirteach.*

- (11) *Tá roinnt gnéithe sonracha i gceist leis an margadh saothair i Lucsamburg. Is sciar thar a bheith suntasach den daonra oibre iomlán i Lucsamburg iad oibrithe imeallchríche, ar mó go mór é ná sciar na n-oibrithe imeallchríche i ndaonra oibre na mBallstát eile. Le tabhairt isteach na rialacha nua a bhaineann le hoibrithe imeallchríche agus le hoibrithe trasteorann, meastar go mbeidh ualach trom riaracháin ar údarás fostaíochta poiblí Lucsamburg de dheasca méadú mór ar líon na n-oibrithe imeallchríche a mbeadh sé ina institiúid inniúil dóibh. Is iomchuí, dá bhrí sin, tréimhse níos faide céimnithe isteach a thabhairt do Lucsamburg, ar lena linn a leanfadh Airteagail 65 agus 86 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Airteagail 56 agus 70 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe] d'fheidhm a bheith acu, chun go dtabharfaí an t-am a bhfuil gá leis chun na céimeanna ullmhúcháin uile is gá a ghlacadh chun aistriú rianúil a dhéanamh ón gcreat rialála atá ann faoi láthair go dtí na rialacha nua agus chun an córas slándála sóisialta a choigeartú. Le linn na tréimhse céimnithe isteach sin, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 56a de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, a thugtar isteach leis an Rialachán seo, maidir le Lucsamburg.*

- (12) *I bhfianaise bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-347/12, Wiering¹, chun an forlionadh difreálach a ríomh, tá dhá chatagóir sochar teaghlaigh den chineál céanna ann, eadhon, sochair theaghlaigh in airgead tirim atá beartaithe go príomha chun athsholáthar a dhéanamh ar ioncam nár tuilleadhmar gheall ar thréimhsí tógála linbh, agus gach sochar teaghlaigh eile ■ .*
- (13) *Na sochair theaghlaigh in airgead tirim atá beartaithe go príomha chun athsholáthar a dhéanamh ar an ioncam nár tuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, nó ar ioncam nach féidir leis an duine a thuilleamh, mar gheall ar thréimhsí tógála linbh, tá siad ceaptha chun riar ar riachtanais aonair nó phearsanta an tuismitheora faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit inniúil agus is féidir, dá bhrí sin, iad a dhealú ó shochair theaghlaigh eile ós rud é go bhfuil siad beartaithe chun tuismitheoir a chúiteamh as caillteanas ioncaim nó tuarastail le linn an ama a chaitear ag tógáil linbh seachas go díreach chun freastal ar chostais ghinearálta teaghlaigh.*

¹ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 13 Meitheamh 2014, Wiering, C-347/12, ECLI:EU:C:2014:300.

- (14) Chun leasuithe tráthúla ar **■ Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009** a chumasú chun forbairtí ar an leibhéal náisiúnta a ionchorprú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis na hlarscríbhinní a ghabhann le **■ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004** agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

¹ **IO L 123, 12.5.2016, lch. 1,**
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinst/2016/512/oj.

- (15) D'fhonn tacú le hiarrachtaí na mBallstát an chialais agus earráidí a chomhrac agus na rialacha comhordúcháin á gcur i bhfeidhm acu, is gá bunús dlí breise a bhunú le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta na ndaoine a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 maidir leo, ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***¹. Chuirfeadh sin ar a chumas do Bhallstát chun ■ comparáid a dhéanamh idir na sonraí atá i seilbh a institiúidí inniúla agus na sonraí atá i seilbh Ballstáit eile, chun earráidí nó neamhréireanna a mbeadh iniúchadh sa bhreis ag teastáil ina leith a shainaithint.
- (16) D'fhonn dlús a chur leis an nós imeachta lena ndéantar doiciméid a fhíorú agus a tharraingt siar ***i gcásanna*** calaoise nó earráide, is gá neartú a dhéanamh ar an gcomhoibriú agus ar an malartú faisnéise idir an institiúid eisiúna agus an institiúid a dhéanann tarraingt siar a iarraidh. I gcás ina bhfuil amhras faoi bhailíocht doiciméid nó faoi chruinneas na fianaise tacaíochta ■ , is chun leasa na mBallstát agus na ndaoine lena mbaineann é go dtiocfadh na hinstitiúidí lena mbaineann ar chomhaontú laistigh de thréimhse réasúnta ama.

¹ ***Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).***

- (17) *Ba cheart nós imeachta mionsonraithe maidir le comhar a bheith ann i gcás ina bhfuil amhras ann faoi bhailíocht na ndoiciméad a bhaineann leis an reachtaíocht slándála sóisialta is infheidhme maidir le sealbhóir na ndoiciméad sin. Is gá freisin rialacha sa bhreis maidir le haisghníomhaíocht a leagan síos i gcás ina ndéantar doiciméad a tharraingt siar nó a cheartú. Áirítear leis sin, cásanna inar cheart do na Ballstáit lena mbaineann a marana a dhéanamh faoi chomhaontú a thabhairt i gcrích ar bhonn Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i gcás cuid de na tréimhsí nó iomlán na dtréimhsí a chlúdaítear leis an doiciméad.*
- (18) Chun feidhmiú éifeachtach éifeachtúil na rialacha comhordúcháin a áirithiú, is gá soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha lena gcinntear an reachtaíocht is infheidhme i leith fostaithe a ghabhann dá ngníomhaíocht eacnamaíoch in dhá Bhallstát nó níos mó, chun go soláthrófaí cothromaíocht mhéadaithe leis na dálaí a bhfuil feidhm acu maidir le daoine ■ a sheoltar chun gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch i mBallstát aonair. ■
- (19) *Ba cheart an nasc le córas slándála sóisialta Bhallstát tionscnaimh na ndaoine fostaithe a sheoltar chuig Ballstát eile a threisiú trí fhoráil a dhéanamh d'íostréimhse chleamhnachta roimh ré.*

- (20) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun go n-áiritheofaí dálaí aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ***agus na rialacha maidir le gnóthú dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 987/2009***. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.
- (21) Más rud é nach féidir le Ballstát fógra a thabhairt maidir leis an meánchostas bliantúil in aghaidh an duine i ngach aoisghrúpa do bhliain tagartha laistigh den spriocdháta riachtanach, ba cheart don Bhallstát a bheith ábalta éilimh don bhliain sin, bunaithe ar na meánchostais bhliantúla don bhliain díreach roimhe sin a foilsíodh san *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a chur isteach. Ba cheart aisíocaíocht an chaiteachais ar shochair chomhchineáil ar bhonn méideanna socruithe, a bheith chomh gar agus is féidir don chaiteachas iarbhír. Ba cheart, maolú ón oibleagáid fógra a thabhairt a bheith faoi réir údarú an Choimisiúin Riaracháin agus níor cheart é a dheonú 2 bhliain as a chéile.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

- (22) ■ Maidir leis an nós imeachta frithchúitimh a bhfuil feidhm aige i gcásanna ina gcuirtear reachtaíocht Ballstáit i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, ba cheart é a leathnú freisin chuig cásanna ***nach raibh institiúid inniúil chun sochair a dheonú ná chun ranníocaíochtaí a fháil***. Ina theannta sin, sa chomhthéacs sin, is gá na forálacha maidir le teorannú sa dlí náisiúnta nach bhfuil i gcomhréir le chéile a dhífheidhmiú chun a áirithiú nach gcuirtear bac ar shocrú aisghníomhach idir na hinstitiúidí de dheasca aon teorainn ama a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta nach bhfuil comhoiriúnach agus lena mbunaítear an tráth céanna, tréimhse teorannaithe aonfhoirmeach 3 bliana, ag comhaireamh siar ón uair a cuireadh tús leis an nós imeachta idirphlé dá dtagraítear faoi Airteagal 5(3) agus (4) agus Airteagal 6(3) den Rialachán sin, chun a áirithiú nach ndéantar an nós imeachta sin lena réitítear díospóidí a dhírathú.

- (23) Is bealach é an gnóthú éifeachtach le calaois agus mí-úsáid a chosc agus le dul i ngleic leo, agus le feidhmiú rianúil scéimeanna slándála sóisialta a áirithiú. Tá na nósanna imeachta um ghnóthú dá bhforáiltear i gCaibidil III de Theideal IV de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 bunaithe ar na nósanna imeachta agus ar na rialacha dá bhforáiltear i dTreoir 2008/55/CE ón **gComhairle** ¹. Tháinig Treoir 2010/24/AE ón gComhairle² in ionad na Treorach sin, lena dtugtar isteach ionstraim aonfhoirmeach atá le húsáid le haghaidh bearta forghníomhúcháin chomh maith le foirm chaighdeánach chun fógra a thabhairt faoi ionstraimí agus bearta a bhaineann le héilimh. In athbhreithniú a rinne an Coimisiún Riaracháin, bhí formhór na mBallstát den tuairim gur bhuntáiste é ionstraim aonfhoirmeach a úsáid le haghaidh forghníomhú, cosúil leis an ionstraim dá bhforáiltear i dTreoir 2010/24/AE. Is gá, dá bhrí sin, go mbeadh na rialacha maidir le cúnamh frithpháirteach i ngnóthú éileamh slándála sóisialta, de réir na mbeart nua atá i dTreoir 2010/24/AE chun gnóthú níos éifeachtaí agus feidhmiú rianúil na rialacha comhordúcháin a áirithiú.

¹ *Treoir 2008/55/CE ón gComhairle an 26 Bealtaine 2008 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le tobhaigh, dleachtanna, cánacha áirithe agus bearta eile a ghnóthú (IO*

L 150, 10.6.2008, lch. 28, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/55/oj>).
² *Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a ghnóthú (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/24/oj>).*

- (24) Chun athruithe ar an dlí i mBallstáit áirithe **agus sa Ríocht Aontaithe**¹ a chur i gcuntas agus chun deimhneacht dhlíthiúil a ráthú do na geallsealbhóirí, **ba cheart** na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 **agus** le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a leasú.
- (25) **Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² **agus thug an Maoirseoir tuairim an 8 Bealtaine 2017.**
- (26) **Cé gur féidir feidhm láithreach a bheith ag cuid de na forálacha sa Rialachán seo ós rud é nach n-éilítear aon chur chun feidhme leo, is iomchuí foráil a dhéanamh do dháta cur i bhfeidhm níos déanaí i gcás forálacha áirithe den Rialachán seo chun dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit iad a chur chun feidhme,**

¹ **Scoir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann de bheith ina Ballstát an 31 Eanáir 2020. De bhun an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, leanann Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 d'fheidhm a bheith acu maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i leith na ndaoine dá dtagraítear in Airteagail 30, 32 agus 33 den Chomhaontú sin.**

² Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2001/45/oj>).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an aithris seo a leanas:

‘(2a) Le hAirteagail 45 agus 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), áirithítear saorghluaiseacht oibrithe lena ndíothófar aon idirdhealú de bhíthin a náisiúntachta agus déantar foráil do ghlacadh na mbeart is gá i réimse na slándála sóisialta chun an tsaoirse sin a áirithiú. Ina theannta sin, faoi Airteagal 21 CFAE, beidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna forálacha arna nglacadh lena gcur chun feidhme.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aithris 5:

‘5. Is den riachtanas é, faoi chuimsiú an chomhordaithe sin, cóir chomhionann san Aontas faoi na reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla a ráthú do na daoine lena mbaineann.

(5a) Agus prionsabal na córa comhionainne dá bhforáiltear sa Rialachán seo á fheidhmiú, ní mór cásdli na Cúirte Breithiúnais a urramú. Thug an Chúirt Bhreithiúnais léirmhíniú ar an bprionsabal sin agus ar an gcaidreamh atá idir an Rialachán seo agus, inter alia, Treoir 2004/38/CE, sna breithiúnais a thug sí i gCásanna C-140/12, Brey*, C-333/13, Dano, C-67/14, Alimanovic***, C-299/14, Garcia-Nieto**** agus C-308/14 Commission v the United Kingdom*****.**

(5b) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirfear cosc ar shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais atá neamhghníomhach go heacnamaíoch, ón gcoinníoll a chomhlíonadh nach mór cumhdach cuimsitheach árachais breoiteachta sa Bhallstát óstach a bheith acu, mar a leagtar síos i dTreoir 2004/38/CE. Ba cheart cead a bheith acu, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, ranníocaíocht a dhéanamh ar bhealach comhréireach le scéim um chumhdach cuimsitheach árachais breoiteachta mura bhfuil siad in ann na critéir ábhartha maidir le rochtain ar chumhdach cuimsitheach árachais breoiteachta sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu a chomhlíonadh ar shlí eile.

-
- * Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Meán Fómhair 2013, Brey, C-140/12, ECLI:EU:C:2013:565.
- ** Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Samhain 2014, Dano, C-333/13, ECLI:EU:C:2014:2358.
- *** Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Meán Fómhair 2015, Alimanovic, C-67/14, ECLI:EU:C:2015:597.
- **** Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 25 Feabhra 2016, García-Nieto, C-299/14, CLI:EU:C:2016:114.
- ***** Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Meitheamh 2016, C-308/14, Commission v UK, ECLI:EU:C:2016:436.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aithris 18b:

“(18b) In Iarscríbhinn III, Fochuid FTL, a ghabhann le Rialachán (AE)

Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún*, déantar an coincheap ‘bunáit’ i gcás foireann eiltle agus baill den fhoireann cábáin a shainmhíniú mar an suíomh arna shannadh ag an oibreoir don bhall den fhoireann, óna gcuireann an ball den fhoireann tús agus deireadh le tréimhse dualgais de ghnáth, nó óna gcuireann sé nó sí tús agus deireadh le sraith de thréimhsí dualgais agus, i gcás nach bhfuil an t-oibreoir freagrach, faoi ghnáthchúinsí, as cóiríocht an bhaill den fhoireann lena mbaineann.

* Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj>).

”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aithris 24:

‘(24) *I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, ba cheart, i bprionsabal, leanúint* de shochair cúraim fhadtéarmaigh do dhaoine árachaithe agus do bhaill a dteaghlach a chomhordú, ***i gcomhréir leis*** na rialacha is infheidhme maidir le sochair bhreoiteachta. ***Mar sin féin, ba cheart go gcuirfí san áireamh sna rialacha sin, cineál sonracha na sochar cúraim fhadtéarmaigh.*** Is gá freisin foráil d’fhorálacha sonracha i gcás forluí sochar cúraim fhadtéarmaigh comhchineáil agus in airgead tirim.

(24a) *Ní thagraíonn sochair cúraim fhadtéarmaigh ach do na sochair sin amháin arb é is príomhchuspóir dóibh freastal ar riachtanais cúraim duine, a dteastaíonn go leor cúnaimh ó dhaoine eile uaidh nó uaithi, mar gheall ar lagú de shiocair, mar shampla, seanaoise, míchumais nó breoiteachta, chun tabhairt faoi ghnáthghníomhaíochtaí bunriachtanacha laethúla ar feadh tréimhse fhada ama. Thairis sin, ní thagraíonn sochair cúraim fhadtéarmaigh ach do na sochair sin amháin ar féidir iad a mheas mar shochair slándála sóisialta de réir bhrí an Rialacháin seo. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, mar shampla i gCás C-433/13, Commission v Slovak Republic*, is sochair slándála sóisialta iad sochair a dheonaítear gan measúnú aonair lánroghnach a dhéanamh ar riachtanais phearsanta na dtairbhíthe, ar bhonn staid atá sainithe go dlíthiúil. Ba cheart sochair cúraim fhadtéarmaigh a léirmhíniú dá réir sin. Go sonrach, níor cheart cúnamh sóisialta ná liachta a áireamh i sochair cúraim fhadtéarmaigh. Ní mheastar gur sochair cúraim fhadtéarmaigh chun críocha an Rialacháin seo iad sochair a dheonaítear ar bhonn lánroghnach, tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar riachtanais phearsanta an éilitheora.*

* Breithiúnas ón gCúirt an 16 Meán Fómhair 2015, An Coimisiún v Poblacht na Slóvaice, C-433/13 P, ECLI:EU:C:2015:602.’;

(5) *cuirtear isteach na haithrisí seo a leanas:*

‘(32a) Is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh an tréimhse 6 mhí dá bhforáiltear in Airteagal 64(1), pointe (c), den Rialachán seo a fhadú, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-551/16, Klein Schiphorst.*

*(32b) Ráthaítear le hAirteagal 45 CFAE saoirse ghluaiseachta d’oibrithe laistigh den Aontas agus cuirtear toirmeasc ar aon idirdhealú atá bunaithe ar náisiúntacht idir oibrithe na mBallstát maidir le, inter alia, fostaíocht. De bhun Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, tá oibrithe, inter alia oibrithe imeallchríche le cearta bunúsacha den sórt sin a theachtadh freisin, gan idirdhealú. Foráiltear le hAirteagal 5 den Rialachán sin, go bhfaighidh náisiúnach de Bhallstát atá ar thóir oibre ar chríoch Ballstáit eile an cúnamh céanna ansin is a thugtar sna hoifigí fostaíochta sa Stát sin dá náisiúnaigh féin agus iad ar thóir fostaíochta.*

(32c) *Le Cinneadh 573/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, bunaítear líonra uile-Aontais Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) arb é is aidhm dó comhar idir na Ballstáit i réimse na fostaíochta a spreagadh faoi chuimsiú réimsí freagrachta na SPFanna, lena n-áirítear trí thacú le soghluaisteacht mhéadaithe dheonach gheografach agus ghairmiúil ar bhonn cothrom chun freastal ar riachtanais shonracha mhargadh an tsaothair.*

* *Breithiúnas ón gCúirt an 21 Márta 2018, J. Klein Schiphorst, C-551/16, ECLI:EU:C:2018:200.*

** *Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/492/oj>).*

*** *Cinneadh Uimh. 573/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhar feabhsaithe idir na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) (IO L 159, 28.5.2014, lch. 32, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2014/573\(2\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2014/573(2)/oj));*

(6) cuirtear isteach na haithrisí seo a leanas:

‘(35a) Chun an forlíonadh difreálach a ríomh, déantar breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-347/12, Wiering* a chur san áireamh sa Rialachán seo, agus na soiléirithe agus na simplithe riachtanacha á soláthar an tráth céanna. Agus cineál ar leith na sochar teaghlaigh éagsúil atá sna Ballstáit á gcur san áireamh, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an dá chatagóir sochar teaghlaigh ar bhonn a bpríomhchuspóra, a n-aidhme agus an bonn ar a ndéanfaítear iad.

(35b) Maidir le sochair theaghlaigh in airgead tirim **atá** beartaithe **go príomha** chun athsholáthar a dhéanamh ar ioncam **nár tuilleadh, go páirteach nó go hiomlán, nó ioncam nach féidir leis an duine a thuilleamh, mar gheall ar thógáil linbh, is féidir na sochair sin a idirdhealú ó shochair theaghlaigh eile atá beartaithe chun freastal ar chostais teaghlaigh. De bharr go bhféadfaí a mheas gur** cearta aonair iad **na sochair sin** nach mbaineann ach leis an tuismitheoir faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, **ba cheart go bhféadfaí iad a fhorchoimeád go heisiach don tuismitheoir lena mbaineann.** Tá na **sochair aonair sin** liostaithe i gCuid I d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart don Bhallstát a bhfuil inniúlacht thánaisteach aige a bheith in ann gan na rialacha tosaíochta a chur i bhfeidhm i gcás fhorluí na gceart chun sochar teaghlaigh faoi reachtaíocht an Bhallstáit inniúil agus faoi reachtaíocht Bhallstát cónaithe na mball teaghlaigh maidir leis na sochair sin. I gcás nach gcuireann Ballstát na rialacha tosaíochta i bhfeidhm, ní mór dó é sin a dhéanamh go comhsheasmhach i leith na ndaoine uile a bhfuil teidlíocht acu agus ar den chineál céanna a gcás, agus é a liostú i gCuid II, d’Iarscríbhinn XIII.

(35c) Déanann an Rialachán seo Rialachán Uimh. 4/2009 ón gComhairle a chur i gcuntas i gcás inarb ábhartha.**

*** Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 13 Meitheamh 2014, Wiering, C-347/12, ECLI:EU:C:2014:300.**

**** Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forghníomhú cinntí agus comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála (IO L 7, 10.1.2009, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/2009/4\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/2009/4(1)/oj)).’;**

(7) cuirtear isteach an aithris seo a leanas:

"(39a) Tá *feidhm* ag *acquis* ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, maidir le próiseáil sonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo.

*** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).";**

(8) cuirtear isteach na haithrisí seo a leanas:

‘(40a) I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá na Ballstáit lena áirithiú gur féidir le fostóirí nó na daoine lena mbaineann, faoi réir bhunú na nósanna imeachta ábhartha, an reachtaíocht slándála sóisialta is infheidhme agus iarraidh ar chinneadh na reachtaíochta slándála sóisialta is infheidhme a rochtain agus an iarraidh sin a chur i gcrích go hiomlán ar líne. Le nós imeachta atá go hiomlán ar líne áirítear admháil fála uathoibríoch, mura seoltar aschur an nós imeachta láithreach. Ba cheart an nós imeachta a bheith soldáimhsithe. Leis an Rialachán seo, ceanglaítear ar na Ballstáit feabhas a chur de réir a chéile ar an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí nua chun na sonraí is gá chun na rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta a chur i bhfeidhm, a mhalartú, a rochtain agus a phróiseáil. Áirítear ar na rialacha sin, na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 15, 16 agus 19 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009.*

(40b) *I bhfianaise chuspóir na reachtaíochta maidir le comhordú na slándála sóisialta san Aontas, cé go bhfuil freagracht ar na Ballstáit oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a chomhlíonadh, níor cheart go ndéanfaidh bearta ionchasacha i gcoinne sáruiithe ar na hoibleagáidí sin, bac a chur ar fheidhmiú na saorghluaiseachta laistigh den Aontas. Go háirithe, bearta chun aghaidh a thabhairt ar mhainneachtain na n-oibleagáidí a shonraítear in Airteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a chomhlíonadh, lena gceanglaítear fógra a thabhairt d'institiúid inniúil an Bhallstáit a bhfuil a reachtaíocht infheidhme sula gcuirtear tús le gníomhaíocht i mBallstát eile agus an iarraidh ar fhianú dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, ní bheidh srianta gan údar agus díréireacha ar fheidhmiú na saorghluaiseachta ag na daoine lena mbaineann mar thoradh orthu. Ní bhíonn athrú ar an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme mar thoradh go huathoibríoch ar mhainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, rud ba cheart a chinneadh i gcomhréir le Teideal II den Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart na hoibleagáidí sin a léirmhíniú agus a fhorghníomhú go comhsheasmhach i gcomhréir le cásdlí seanbhunaithe na Cúirte Breithiúnais maidir leis an bhfianú ar an reachtaíocht is infheidhme, a eisítear de ghnáth trí bhíthin deimhniú ar a dtugtar Doiciméad Iniompartha A1 (PDA1), agus a réamhtheachtaí, an deimhniú E-101.*

(40c) *Chun a áirithiú go leanfaidh rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta de bheith oiriúnach dá bhfeidhm, tá sé tábhachtach dul chun cinn teicneolaíoch agus tairbhí na digiteála a chur san áireamh, go háirithe maidir le malartú faisnéise idir na hinstitiúidí inniúla a chuíchóiriú agus a shimpliú. Is féidir le dul chun cinn teicneolaíoch i gcomhordú na slándála sóisialta, amhail córas Eorpach um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta atá curtha chun feidhme go hiomlán agus oibríochtúil, rannchuidiú leis an bpróiseas a shimpliú agus le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a chomhlíonadh. Beidh digitiú an phróisis maidir le fianuithe slándála sóisialta a iarraidh agus a fháil, lena n-áirítear maidir leis an reachtaíocht is infheidhme, ina chéim thábhachtach eile i dtreo réiteach lena gcumasaítear na fianuithe sin a fhíorú i bhfíor-am thar theorainneacha, rud a fhágfaidh go bhféadfar a mbailíocht a dheimhniú go mear. Tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag comhoibriú go dlúth chun digitiú na n-idirghníomhaíochtaí sin idir daoine aonair agus comhlachtaí poiblí a chur chun cinn, amhail trí thionscnamh an Phas Eorpaigh Slándála Sóisialta. D'fhéadfadh Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití arna mbunú le Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** a bheith ina gcóras digiteach lena n-éascaítear sainaithint agus fíorú thar theorainneacha atá soláimhsithe agus slán.*

(40d) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i ndigitiú a gcóras slándála sóisialta, de réir mar is iomchuí, inter alia d'fhonn eispéireas digiteach rianúil a áirithiú do shaoránaigh shoghluaiste agus do ghnólachtaí soghluaiste freisin. Chuige sin, d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as na hionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais atá ar fáil. I gcás inarb infheidhme, d'fhéadfaí an cistiú sin a ghíaráil chun tacú le hathchóirithe ábhartha ar an leibhéal náisiúnta a bhfuil gá leo chun forghníomhú cuí an Rialacháin seo agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a chur chun cinn agus chun calaois agus earráid a chomhrac, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar bhailiú agus ar thuairisciú sonraí.

*(40e) Is é is cuspóir don Údarás Eorpach Saothair (ELA), inter alia, cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún dlí an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú go héifeachtach agus córais slándála sóisialta a chomhordú laistigh den Aontas, lena rannchuidítear, dá bhrí sin, laistigh dá shainordú, le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair ar fud an Aontais a áirithiú. De bhun Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, déantar an comhar idir na Ballstáit a éascú agus a fheabhsú leis an ELA, lena n-áirítear trí chigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a éascú, a d'fhéadfadh a bheith bainteach freisin le comhlíonadh na hoibleagáide maidir le fógra a thabhairt agus le mí-úsáidí maidir le díolúintí ón oibleagáid sin a bhrath, agus chun comhar agus luathú malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú. Le ELA, cuirtear chun cinn an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as sásraí malartaithe leictreonaigh agus bunachair sonraí idir na Ballstáit chun rochtain ar shonraí i bhfíor-am a éascú agus chun calaois a bhrath, agus féadfaidh sé feabhsuithe féideartha ar úsáid na sásraí agus na mbunachar sonraí sin a mholadh.*

-
- * *Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj>).*
- ** *Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj>).*
- *** *Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1149/oj>).’;*

(9) cuirtear an aithris seo a leanas leis:

(46) Leis an Rialachán seo, urramaítear ***na*** cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa ***Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine***, agus tá sé le cur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus leis na prionsabail sin,;

(10) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i bpointe (i)(1), *cuirtear an méid seo a leanas in ionad* phointe (ii):

‘(ii) *maidir le sochair chomhchineáil de bhun Theideal III, Caibidil 1, aon duine atá sainithe nó atá aitheanta mar dhuine den teaghlach nó atá ainmnithe mar dhuine den teaghlach de réir reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil cónaí air nó uirthi;*’;

(b) i bpointe (va), *cuirtear an méid seo a leanas in ionad* phointe (i):

‘(i) *chun críocha Theideal III, Caibidil 1 maidir le sochair bhreoiteachta, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta, sochair chomhchineáil dá bhforáiltear faoi reachtaíocht Ballstáit agus atá beartaithe chun costas cúraim liachta agus táirgí agus seirbhísí a ghabhann leis an gcúram sin a sholáthar, a chur ar fáil, a íoc go díreach nó a aisíoc;*

(ia) *chun críocha Theideal III, Caibidil 1 maidir le sochair cúraim fhadtéarmaigh, sochair chomhchineáil dá bhforáiltear faoi reachtaíocht Ballstáit agus atá beartaithe chun costas cúraim fhadtéarmaigh, dá dtagraítear i bpointe (vb) den Airteagal seo, a sholáthar, a chur ar fáil, a íoc go díreach nó a aisíoc;*’;

(c) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(vb) ciallaíonn ‘sochair cúraim fhadtéarmaigh’ sochair chomhchineáil *nó in airgead tirim, arb é is cuspóir dóibh aghaidh a thabhairt ar riachtanais cúraim duine a bhfuil*, mar gheall ■ ar lagú, cúnamh suntasach ó dhuine eile nó ó dhaoine eile *ag teastáil* uaidh nó uaithi chun tabhairt faoi ghnáthghníomhaíochtaí bunriachtanacha ■ *den saol laethúil ar feadh tréimhse fhada ama chun* tacú *lena* neamhspleáchas pearsanta, lena n-áirítear sochair a dheonaítear ■ chun *na críche céanna* don duine a sholáthraíonn an cúnamh sin;’;

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d’Airteagal 3(1):

‘(a) sochair bhreoiteachta agus sochair cúraim fhadtéarmaigh;’;

(12) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. *Tabharfaidh na Ballstáit fógra i scríbhinn don Choimisiún faoi na dearbhuithe arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 1, pointe (l), an reachtaíocht agus na scéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 3, na coinbhinsiúin a ndeachthas isteach iontu dá dtagraítear in Airteagal 8(2), na sochair íosta dá dtagraítear in Airteagal 58, chomh maith le haon leasuithe substainteacha orthu. Sonrófar sna fógraí sin an dáta óna mbeidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na scéimeanna arna sonrú ag na Ballstáit.*’;

(13) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear *an méid seo a leanas* in ionad Airteagal 2:

‘2. *Chun críocha an Teidil seo, daoine a fhaigheann sochair airgid thirim mar gheall ar a ngníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe nó dá dheasca sin, measfar go bhfuil siad ag gabháil don ghníomhaíocht sin. Ní bheidh feidhm aige sin maidir le pinsin easláine, seanaoise nó marthanóirí, maidir le pinsin i leith tionóiscí ag an obair nó a bhaineann le galair ceirde, nó le sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim a sholáthraítear don duine a dteastaíonn cúram uaidh nó uaithi.’;*

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:

“5. Maidir le gníomhaíocht mar bhall d’fhoireann eitle n  d’fhoireann c b  n a dh  nann seirbh  s  d’aerphaisin  r  n  seirbh  s  aerlasta a chur i gcr  ch, measfar gur gn  mha  ocht   a ngabhtar di   sa Bhallst  t ina mbeidh an bhun  it lonnaithe, mar a shainmh  n  tear in Iarscr  bhinn III, Fochuid FTL, a ghabhann le Rialach  n (AE) Uimh. 965/2012.”;

.

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

‘Airteagal 12

Rialacha speisialta

1. Duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe i mBallstát thar ceann fostóir ar gnách leis a ghníomhaíochtaí a dhéanamh san áit sin agus a ndéanann an fostóir sin é a sheoladh chuig Ballstát eile chun obair a dhéanamh thar ceann an fhostóra sin, leanfaidh an duine sin de bheith faoi réir reachtaíocht an chéad Bhallstáit, ar choinníoll nach sáróidh fad tréimhse réamh-mheasta na hoibre sin 24 mhí agus nach mbeidh an duine sin ***á chur in ionad duine*** fostaithe eile ***a seoladh de bhun na míre seo nó*** in ionad duine féinfhostaithe amhail dá dtagraítear i ***mír 2***.
2. Duine a ghabhann de ghnáth do ghníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe i mBallstát amháin agus a rachaidh go Ballstát eile chun gabháil do ghníomhaíocht chomhchosúil, leanfaidh an duine sin de bheith faoi réir reachtaíocht an chéad Bhallstáit, ar choinníoll nach sáróidh fad tréimhse réamh-mheasta na hoibre sin 24 mhí agus nach mbeidh an duine sin á chur in ionad ***duine*** fostaithe eile ***a seoladh de bhun mhír 1 nó*** in ionad duine féinfhostaithe ***amhail dá dtagraítear sa mhír seo***.

3. *I gcás nach ndéanann duine fostaithe amhail dá dtagraítear i mír 1 nó duine féinfhostaithe amhail dá dtagraítear i mír 2 an obair nó an ghníomhaíocht a chur i gcrích sa Bhallstát eile agus go gcuirtear duine eile ina ionad, leanfaidh an duine eile sin de bheith faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit as a seoltar é nó í nó arb ann is gnách leis nó léi gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe, ar choinníoll nach sáróidh fad tréimhse na hoibre nó an ghníomhaíocht ina hiomláine arna déanamh ag na daoine uile lena mbaineann sa Bhallstát eile 24 mhí agus go gcomhliontar na coinníollacha eile a leagtar síos i mír 1 nó i mír 2.’;*

(15) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘4a. Duine a ghabhann do ghníomhaíocht fostaíochta nó féinfhostaíochta i mBallstát amháin agus a fhaigheann sochair dhífhostaíochta ó Bhallstát eile ag an am céanna, beidh an duine sin faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit a íocann na sochair dhífhostaíochta.

5. Déileálfar le daoine dá dtagraítear i míreanna 1 go 4a, chun críocha na reachtaíochta arna cinneadh i gcomhréir leis na forálacha seo, amhail is dá mbeidís ag gabháil dá gcuid gníomhaíochtaí go léir mar dhaoine fostaithe nó féinfhostaithe agus dá mbeidís ag fáil a n-ioncam go léir sa Bhallstát lena mbaineann.’;

(16) i dTeideal III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 1:

‘Sochair bhreuiteachta, sochair cúraim fhadtéarmaigh, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta’;

(17) in Airteagal 19, *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

‘

1. *Mura bhforáiltear dá mhalairt de bhun mhír 2, beidh duine árachaithe agus a bhaill nó a baill teaghlaigh a fhanann i mBallstát seachas an Ballstát inniúil i dteideal na sochar comhchineáil a thagann chun bheith riachtanach ar fhorais liachta nó mar gheall ar an ngá atá le cúram fadtéarmach le linn a bhfanachta, lena ndéantar cineál na sochar agus fad ionchasach an fhanachta a chur i gcuntas. Cuirfear na sochair sin ar fáil thar ceann na hinstitiúide inniúla ag institiúid Bhallstát an fhanachta, i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Bhallstáit sin, amhail is dá mbeadh*

(18) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo, déanfaidh duine árachaithe atá ag taisteal chuig Ballstát eile chun sochar comhchineáil, dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (va)(i), a fháil le linn an fhanachta, údarú a lorg ón institiúid inniúil.’;

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

‘Airteagal 30

Ranníocaíochtaí ó phinsinéirí

1. Institiúid de chuid Ballstáit atá freagrach faoin reachtaíocht a chuirtear i bhfeidhm maidir le hasbhaintí i leith ranníocaíochtaí maidir le breoiteacht, cúram fadtéarmach, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta, ní fhéadfaidh sí na hasbhaintí sin a iarraidh agus a ghnóthú, arna ríomh i gcomhréir leis an reachtaíocht a chuireann an institiúid sin i bhfeidhm, ach amháin a mhéid atá costas na sochar sin de bhun Airteagail 23 go 26 le seasamh ag institiúid an Bhallstáit sin.
2. I gcás, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 25, ina bhfuil fáil ar shochair bhreoiteachta, sochair cúraim fhadtéarmaigh, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta faoi réir íocaíocht ranníocaíochtaí nó íocaíochtaí comhchosúla faoi reachtaíocht an Bhallstáit ina gcónaíonn an pinsinéir lena mbaineann, ní bheidh na ranníocaíochtaí sin iníoctha de bhua na cónaitheachta sin.’;

(20) in Airteagal 32, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. I gcás ina mbeidh ceart díorthach ar shochair ag ball teaghlaigh de réir reachtaíocht Ballstáit amháin nó níos mó, beidh feidhm ag na rialacha tosaíochta seo a leanas:

(a) i gcás cearta atá ar fáil ar bhonn éagsúil, is mar seo a leanas a bheidh an t-ord tosaíochta:

- (i) cearta atá ar fáil ar bhonn gníomhaíocht de chuid an duine árachaithe mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe;
- (ii) cearta atá ar fáil ar bhonn pinsean a bheith á fháil ag an duine árachaithe;

(iii) cearta atá ar fáil ar bhonn áit chónaithe an duine árachaithe;

(b) i gcás cearta díorthacha atá ar fáil ar an mbonn céanna, socrófar an t-ord tosaíochta trí thagairt a dhéanamh d'áit chónaithe an bhaill teaghlaigh mar chritéar tánaisteach;

(c) i gcásanna nach féidir an t-ord tosaíochta a shuí ar bhonn phointe (a) nó (b), is í an tréimhse árachais is faide de chuid an duine árachaithe faoi scéim pinsin náisiúnta a bheidh infheidhme.';

(21) *cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:*

‘Airteagal 33a

Sochair cúraim fhadtéarmaigh

1. *Déanfaidh an Coimisiún Riaracháin, tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, liosta mionsonraithe de shochair cúraim fhadtéarmaigh a tharraingt suas a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 1, pointe (vb), ina léireofar, i ngach cás, an sochair chomhchineáil nó sochair in airgead tirim iad agus i dtaobh an soláthraítear don duine a fhaigheann cúram nó don chúramóir iad.*
2. *I gcás ina mbeidh saintréithe na sochar a chomhordaítear faoi Chaibidil eile de Theideal III ag sochair cúraim fhadtéarmaigh a thagann faoin gCaibidil seo freisin féadfaidh Ballstát, de mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, na sochair sin a chomhordú i gcomhréir le rialacha na Caibidle sin, ar choinníoll go bhfuil toradh foriomlán an chomhordaithe sin chomh fabhrach céanna ar a laghad do na tairbhíthe, amhail is dá ndéanfaí na sochair a chomhordú mar shochair cúraim fhadtéarmaigh faoin gCaibidil seo, agus ar choinníoll go liostaítear iad in Iarscríbhinn XII, lena sonraítear an Chaibidil de Theideal III a bhfuil feidhm aici.*
3. *Beidh feidhm ag Airteagal 34(1) agus (2) den Rialachán seo freisin maidir leis na sochair sin a liostaítear in Iarscríbhinn XII.’;*

(22) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:*

‘Airteagal 34

Forluí sochar cúraim fhadtéarmaigh

1. *I gcás ina bhfuil duine a fhaigheann sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim ón mBallstát inniúil de bhun Airteagal 21 nó Airteagal 29, i dteideal freisin, de bhun na Caibidle seo, sochair chomhchineáil atá beartaithe chun na críche céanna a éileamh ó institiúid an Bhallstáit chónaithe nó fanachta, agus go bhfuil na sochair chomhchineáil sin faoi réir aisiocaíocht ag institiúid an Bhallstáit inniúil de bhun Airteagal 35, beidh feidhm ag Airteagal 10. Chuige sin, má fhaigheann an duine lena mbaineann na sochair chomhchineáil sin, laghdófar méid na sochar in airgead tirim arna ndeonú ag an mBallstát inniúil faoi luach na sochar comhchineáil sin.*
2. *Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó, nó a n-údaráis inniúla, aontú ar bhearta eile nó ar bhearta forlíontacha nach mbeidh buntáiste níos lú ag gabháil leo do na daoine lena mbaineann ná mar a ghabhann leis na prionsabail a leagtar síos i mír 1.*
3. *I gcás ina gcuirtear sochair cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim ar fáil faoi reachtaíocht níos mó ná Ballstát amháin le linn na tréimhse céanna agus do na leanaí céanna, beidh feidhm ag na rialacha tosaíochta i gcás forluí a leagtar síos in Airteagal 68(1).’;*

(23) in Airteagal 50, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Mura gcomhlíonann an duine lena mbaineann, tráth áirithe, na coinníollacha a leagtar síos le reachtaíocht uile na mBallstát a bhfuil sé/sí faoina réir, nó mura gcomhlíonann sé nó sí a thuilleadh na coinníollacha sin, ní chuirfidh na hinstiúidí a chuireann reachtaíocht i bhfeidhm a mbeidh a coinníollacha comhlíonta, nuair a bheidh an ríomh á chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 52(1), pointe (b), na tréimhsí a cuireadh i gcrích faoin reachtaíocht nach mbeidh a gcoinníollacha comhlíonta, nó nach mbeidh siad á gcomhlíonadh a thuilleadh, i gcás ina dtugann an méid sin méid níos ísle de shochair.’;

(24) *cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:*

‘Airteagal 60a

Rialacha speisialta maidir le comhiomlánú tréimhsí le haghaidh sochair dhífhostaíochta

Chun críocha Airteagal 6 a chur i bhfeidhm nuair a chuirtear i bhfeidhm é i gcomhthéacs na Caibidle seo, ní chomhiomlánóidh an Ballstát inniúil ach na tréimhsí a chuirtear san áireamh faoi reachtaíocht an Bhallstáit inar cuireadh i gcrích na tréimhsí chun an ceart ar shochair dhífhostaíochta a fháil nó a choinneáil.’;

(25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 61, 62 agus 63:

‘Airteagal 61

Rialacha speisialta ar chomhiomlánú tréimhsí árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta agus an inniúlacht sochair dhífhostaíochta a íoc

1. Seachas i gcás daoine atá dífhostaithe go hiomlán dá dtagraítear in Airteagal 65(2), (3) agus (5), *beidh chur i bhfeidhm Airteagal 6 agus Airteagal 60a* ag an mBallstát *is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe* coinníollach ar thréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta *gan bhriseadh d’aon mhí amháin* ar a laghad a bheith curtha i gcrích ag an duine lena mbaineann le déanaí, i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit faoina n-éilítear na sochair.
2. I gcás nach bhfuil tréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta *gan bhriseadh d’aon mhí amháin ar a laghad* curtha i gcrích ag duine dífhostaithe i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit dá dtagraítear i *mír 1*, beidh an duine sin i dteideal sochair dhífhostaíochta i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit dheireanaigh inar chuir sé nó sí *tréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta i gcrích, ar choinníoll gur tréimhse gan bhriseadh de mhí amháin ar a laghad a bhí i gceist leis an tréimhse sin. An Ballstát a thiocfaidh chun bheith inniúil de bhun na míre seo, déanfaidh sé na sochair dhífhostaíochta a sholáthar, i gcomhréir lena reachtaíocht, tar éis dó Airteagal 6 agus Airteagal 60a a chur i bhfeidhm a mhéid is gá, agus i gcomhréir le hAirteagal 64a.*

3. *I gcás nach bhfuil tréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta gan bhriseadh d'aon mhí amháin ar a laghad curtha i gcrích ag duine dífhostaithe i gceann amháin de na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2 den Airteagal seo, tiocfaidh an Ballstát is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaíthe nó féinfhostaithe chun bheith inniúil, agus cuirfidh sé na sochair dhífhostaíochta ar fáil, i gcomhréir lena reachtaíocht, tar éis dó Airteagal 6 agus Airteagal 60a a chur i bhfeidhm a mhéid is gá.*

Airteagal 62

Sochair a ríomh

1. *Institiúid inniúil Ballstáit dá bhforáiltear lena reachtaíocht maidir le sochair a ríomh ar bhonn mhéid an tuarastail nó an ioncaim ghairmiúil a bhí ann roimhe sin, cuirfidh sí san áireamh go heisiach an tuarastal nó an t-ioncam gairmiúil a fuair an duine i gceist i dtaobh a ghníomhaíochta nó a ghníomhaíochta is deireanaí mar dhuine fostaíthe nó féinfhostaithe faoin reachtaíocht sin.*

2. *Beidh feidhm ag mír 1 freisin i gcás ina bhforáiltear leis an reachtaíocht arna riar ag an institiúid inniúil do thréimhse shonrach thagartha chun an tuarastal nó an t-ioncam gairmiúil a chinneadh, a fhónann mar bhonn chun na sochair a ríomh agus i gcás, le linn na tréimhse sin ina hiomláine nó le linn cuid den tréimhse sin, go raibh an duine lena mbaineann faoi réir reachtaíocht Ballstáit eile.*
3. *De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2 den Airteagal seo, a mhéid a bhaineann leis na daoine difhostaithe a chlúdaítear faoi Airteagal 65(2), an chéad fhomhír agus an dara fhomhír, cuirfidh institiúid an Bhallstáit chónaithe, faoi choinníollacha agus teorainneacha na reachtaíochta a chuireann sé i bhfeidhm, san áireamh an tuarastal nó an t-ioncam gairmiúil a fuair an duine lena mbaineann sa Bhallstát a raibh sé nó sí faoi réir a reachtaíochta le linn a ghníomhaíochta nó a gníomhaíochta deireanaí mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe, i gcomhréir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.*

Airteagal 63

Forálacha speisialta maidir le rialacha cónaithe a tharscaoileadh

Chun críocha na Caibidle seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 7 ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear le hAirteagail 64, 64a agus 65, agus beidh feidhm aige laistigh de na teorainneacha a fhorordaítear ann.’;

(26) leasaítear Airteagal 64 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear *an méid seo a leanas* in ionad phointe (c):

‘(c) *coinneoidh an duine dífhostaithe a theidlíocht nó a teidlíocht ar shochair ar feadh tréimhse 6 mhí ón dáta a scoir an duine dífhostaithe de bheith ar fáil do sheirbhísí fostaíochta an Bhallstáit a d’fhág sé nó sí, ar choinníoll nach sáraíonn fad iomlán na tréimhse dá bhforáiltear na sochair ina leith fad iomlán na tréimhse a mbeidh teidlíocht aige nó aici ar shochair faoi reachtaíocht an Bhallstáit sin; féadfaidh na seirbhísí inniúla nó na hinstitiúidí an tréimhse 6 mhí a fhadú go dtí deireadh na tréimhse a mbeidh teidlíocht ag an duine sin ar shochair;*’;

(b) cuirtear *an méid seo a leanas* in ionad mhír 3:

‘3. *Mura rud é go mbeidh reachtaíocht an Bhallstáit inniúil níos fabhraí, idir dhá thréimhse fostaíochta, is é 6 mhí a bheidh san uastréimhse iomlán ina bhféadfaidh duine dífhostaithe a theidlíocht nó a teidlíocht ar shochair a choinneáil faoi mhír 1 den Airteagal seo agus Airteagal 64a; féadfaidh na seirbhísí inniúla nó na hinstitiúidí an tréimhse sin a fhadú go dtí deireadh na tréimhse a mbeidh teidlíocht ag an duine sin ar shochair.*’;

(27) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 64a

Rialacha speisialta maidir le daoine dífhostaithe a bhogann go Ballstát eile gan na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 61(1) agus Airteagal 64 a chomhlíonadh

- 1. I gcás dá dtagraítear in Airteagal 61(2), *déanfaidh* an Ballstát *a thiocfaidh chun bheith* inniúil sochair dhífhostaíochta a sholáthar, *i gcomhréir lena reachtaíocht*, don tréimhse a leagtar síos in Airteagal 64(1), pointe (c), má chuireann an duine dífhostaithe é féin nó í féin ar fáil do na seirbhísí fostaíochta sa Bhallstát *is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe* agus má chomhlíonann sé nó sí na coinníollacha a leagtar síos faoi reachtaíocht an Bhallstáit sin. *Is ionann an éifeacht a bheidh ag clárú le seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe is a bheidh ag clárú le seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit inniúil*. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 64(2) go (4).**
- 2. Más mian leis an duine dífhostaithe dá dtagraítear i mír 1 obair a lorg i mBallstát seachas an Ballstát atá inniúil chun sochair dhífhostaíochta a thabhairt nó sa Bhallstát *is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe, beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 64. Chun na críocha sin, léitear Airteagal 64(1), pointe (a) mar bheith ag tagairt do sheirbhísí fostaíochta an Bhallstáit is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe.*’;**

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 65:

‘Airteagal 65

Daoine dífhostaithe a raibh cónaí orthu i mBallstát eile seachas an Ballstát inniúil

1. ***Duine atá dífhostaithe go hiomlán, dífhostaithe go páirteach nó dífhostaithe go treallach agus*** a raibh cónaí air nó uirthi, le linn a ghníomhaíochta nó a gníomhachta deireanaí mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe, i mBallstát seachas an Ballstát inniúil, cuirfidh sé é féin nó í féin ar fáil **■** do na seirbhísí fostaíochta sa Bhallstát inniúil, ***nó, i gcás daoine atá dífhostaithe go páirteach nó dífhostaithe go treallach, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh siad iad féin ar fáil don fhostóir dá bhfuil sé nó sí fós ar fáil.***

Gheobhaidh an duine sin sochair i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit inniúil amhail is dá mbeadh cónaí air nó uirthi sa Bhallstát sin agus beidh sé nó sí faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos leis an reachtaíocht sin. Cuirfidh institiúid an Bhallstáit inniúil na sochair sin ar fáil.

2. De mhaolú ar mhír 1, cuirfidh duine atá dífhostaithe go hiomlán ■ é féin nó í féin ar fáil do na *seirbhísí fostaíochta sa Bhallstát cónaithe* ■ ar choinníoll *gur fíor an méid seo a leanas:*

- (a) *le linn a ghníomhaíochta nó a gníomhaíochta deireanaí mar dhuine fostaíthe nó féinfhostaithe, go raibh cónaí ar an duine sin i mBallstát seachas an Ballstát inniúil;*
- (b) *go leanann an duine sin de bheith ina chónaí nó ina cónaí sa Bhallstát cónaithe, nó gur fhill sé nó sí ar an mBallstát cónaithe; agus*
- (c) *nach ndearna an duine sin tréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta gan bhriseadh de 22 sheachtain go heisiach a chur i gcrích faoi reachtaíocht an Bhallstáit inniúil.*

Gheobhaidh an duine atá dífhostaithe go hiomlán dá dtagraítear sa chéad fhomhír sochair i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit chónaithe amhail is dá mbeadh gach tréimhse árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta curtha i gcrích aige nó aici faoi reachtaíocht an Bhallstáit sin. Is í institiúid an Bhallstáit chónaithe a thabharfaidh na sochair sin.

Duine atá dífhostaithe go hiomlán dá dtagraítear sa mhír seo, a bheadh i dteideal sochair dhífhostaíochta faoi reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit inniúil, agus faoin reachtaíocht sin amháin, gan Airteagal 6 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh sé, de rogha air sin, é féin nó í féin a chur ar fáil do na seirbhísí fostaíochta sa Bhallstát sin agus gheobhaidh sé nó sí sochair i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit sin amhail is dá mbeadh cónaí air nó uirthi ann.

3. *Ní bheidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo maidir le duine atá dífhostaithe go hiomlán a chuir i gcrích, le linn a ghníomhaíochta nó a gníomhaíochta is déanaí sular tháinig sé nó sí chun bheith dífhostaithe, tréimhsí árachais mar dhuine féinfhostaithe nó tréimhsí féinfhostaíochta a aithnítear chun críche teidlíochta ar shochair dhífhostaíochta i mBallstát seachas a Bhallstát cónaithe nó a Ballstát cónaithe, agus ar chuir a Bhallstát cónaithe nó a Ballstát cónaithe fógra isteach, de bhun Airteagal 9, ina sonraítear nach bhfuil aon chatagóir daoine féinfhostaithe cumhdaithe ag córas sochar dífhostaíochta an Bhallstáit sin.*
4. Mura mian le duine atá dífhostaithe go hiomlán *amhail* dá dtagraítear i *mír 1, mír 2, an tríú fomhír, nó i mír 3, den Airteagal seo* teacht chun bheith ar fáil nó leanúint de bheith ar fáil do sheirbhísí fostaíochta an Bhallstáit inniúil tar éis dó nó di a bheith cláraithe ann *agus má chinneann sé nó sí* obair a lorg sa Bhallstát cónaithe, *beidh feidhm mutatis mutandis ag* Airteagal 64, *cé is moite de mhír 1, pointe (a), de.*

5. *I gcás ina gcinneann duine atá dífhostaithe go hiomlán dá dtagraítear i mír 4 obair a lorg sa Bhallstát chónaithe agus gur chuir sé nó sí tréimhsí árachais, fostaíochta nó féinfhostaíochta i gcrích roimhe sin faoi reachtaíocht an Bhallstáit sin, arna gcomhiomlánú le tréimhsí a cuireadh i gcrích i mBallstát na gníomhaíochta deireanaí agus i mBallstáit eile na ngníomhaíochtaí eile roimhe sin, féadfaidh sé nó sí, tar éis dheireadh na tréimhse ar lena linn a fhaigheann sé nó sí sochair dhífhostaíochta ó institiúid an Bhallstáit inniúil de bhun mhír 4, sochair dhífhostaíochta a éileamh faoi reachtaíocht an Bhallstáit chónaithe, amhail is dá mbeadh na tréimhsí uile curtha i gcrích aige nó aici sa Bhallstát sin. Cuirfidh institiúid inniúil an Bhallstáit chónaithe sochair dhífhostaíochta ar fáil i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit sin. Déanfar an tréimhse ar lena linn a fuair an duine dífhostaithe sochair faoi reachtaíocht an Bhallstáit inniúil a asbhaint ó thréimhse chomhfhreagrach na teidlíochta ar shochair faoi reachtaíocht an Bhallstáit chónaithe.*
6. *Féadfaidh duine atá dífhostaithe go hiomlán dá dtagraítear san Airteagal seo é féin nó í féin a chur ar fáil do sheirbhísí fostaíochta an Bhallstáit inniúil nó an Bhallstáit chónaithe, sa bhreis ar é nó í féin a chur ar fáil do sheirbhísí fostaíochta an Bhallstáit a chuireann na sochair faoi mhír 1 nó 2 ar fáil.’;*

(29) scriostar Airteagal 65a;

(30) leasaítear Airteagal 68 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás teidlíochtaí forluiteacha, soláthrófar sochair theaghlaigh i gcomhréir leis an reachtaíocht a n-ainmnítear mar reachtaíocht a bhfuil tosaíocht aici i gcomhréir le mír 1. I dtaca le teidlíochtaí chun sochar teaghlaigh de bhua reachtaíocht atá ar neamhréir, cuirfear ar fionraí na teidlíochtaí sin suas go dtí an méid dá bhforáiltear sa chéad reachtaíocht i gcás sochair den chineál céanna, agus cuirfear ar fáil forlíonadh difreálach, más gá, i dtaca leis an tsuim a sháraíonn an méid sin. Mar sin féin, níl aon cheanglas ann i leith an forlíonadh difreálach sin a sholáthar maidir le leanaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile nuair atá teidlíocht ar na sochair atá i gceist bunaithe ar chónaí amháin.

2a. Chun críche an fhorlíonaidh dhifreálaigh a ríomh i gcás sochair theaghlaigh faoi mhír 2, beidh dhá chatagóir de shochair chomhchosúla ann:

(a) na sochair theaghlaigh in airgead tirim atá ceaptha go príomha chun athsholáthar a dhéanamh ar ioncam nár tuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, nó ar ioncam nach féidir leis an duine a thuilleamh, mar gheall ar thógáil linbh; agus

(b) sochair theaghlaigh nach iad na sochair theaghlaigh dá dtagraítear i bpointe (a).’;

(31) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 68b

Foráil speisialta maidir le sochair theaghlaigh in airgead tirim atá ceaptha chun athsholáthar a dhéanamh ar ioncam le linn *na tréimhse tógála linbh*

1. Na sochair theaghlaigh *dá dtagraítear in Airteagal 68(2a), pointe (a), den Rialachán seo*, a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, Cuid I, *den Rialachán seo*, ní dhámhfar iad *faoi* reachtaíocht an Bhallstáit inniúil *ach amháin ar an duine atá faoi réir na reachtaíochta sin*. Ní bheidh aon cheart díorthaithe ann i ndáil leis na sochair sin. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 68a den Rialachán seo maidir leis na sochair sin agus ní cheanglófar ar an institiúid inniúil éileamh a chur san áireamh a bheadh curtha isteach ag an tuismitheoir eile, ag caomhnóir nó ag institiúid atá ag gníomhú mar chaomhnóir an linbh nó na leanaí de bhun Airteagal 60(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme.
2. De mhaolú ar Airteagal 68(2), i gcásanna forluí teidlíochtaí faoi reachtaíocht atá ar neamhréir, féadfaidh Ballstát sochar teaghlaigh dá dtagraítear i mír 1 a bhronnadh ina iomláine ar an tairbhí gan beann ar an méid dá bhforáiltear sa chéad reachtaíocht. Na Ballstáit a chuirfidh maolú den sórt sin i bhfeidhm, liostófar iad in Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, ina léireofar an sochar teaghlaigh a bhfuil feidhm ag an maolú ina leith.’;

(32) *in Airteagal 72, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*

‘(ea) tuairimí a sholáthar, má iarrann an Coimisiún é, i luathullmhúchán na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 88b den Rialachán seo agus in Airteagal 86a den Rialachán Cur Chun Feidhme, agus aon tograí ábhartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha cur chun feidhme sin;’;

(33) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach i ‘Teideal V - FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA’:

‘Airteagal 75a

Oibleagáidí na n-údarás inniúil

1. Áiríteoidh na húdaráis inniúla, ***i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus lena gcleachtas náisiúnta***, go gcuirfear a n-institiúidí ***ábhartha ar an eolas*** faoi na forálacha uile agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad, bídís reachtach nó eile, lena n-áirítear cinntí an Choimisiúin Riaracháin, sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus i gcomhréir le téarmaí an Rialacháin seo agus an Rialacháin Cur Chun Feidhme.
2. D’fhonn a áirithiú go gcinntear an reachtaíocht is infheidhme i gceart, déanfaidh na húdaráis inniúla ***i gcás inarb iomchuí***, comhoibriú idir ***a n-institiúidí*** agus ***comhlachtaí ábhartha eile*** a chur chun cinn, ***amhail*** cigireachtaí saothair, ina mBallstáit féin.’;

(34) scriostar Airteagal 86, gan dochar d'Airteagal 91, an ceathrú mír agus an cúigiú mír;

(35) *in Airteagal 87a, scriostar mír 2;*

(36) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 87b

Foráil idirthréimhseach a bhaineann leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 91 den Rialachán seo agus in Airteagal 97 den Rialachán Cur Chun Feidhme

*1. Ní bhfaighfear aon chearta de bhun na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 91, an tríú mír, den Rialachán seo ná in Airteagal 97, an dara mír, den Rialachán Cur Chun Feidhme roimh **na dátaí** cur i bhfeidhm **ábhartha dá dtagraítear ann.***

2. Aon tréimhse árachais agus, i gcás inarb iomchuí, aon tréimhse fostaíochta agus féinfhostaíochta nó chónaithe a cuireadh i gcrích faoi reachtaíocht Ballstáit *roimh na dátaí* cur i bhfeidhm *ábhartha a leagtar amach in Airteagal 91, an tríú mír, an ceathrú mír agus an cúigiú mír), den Rialachán seo agus in Airteagal 97, an dara mír, an tríú mír agus an ceathrú mír, den Rialachán Cur Chun Feidhme*, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann san áireamh iad chun na cearta a fuarthas de bhun na bhforálacha sin a chinneadh.
3. Faoi réir mhír 1 den Airteagal seo, féadfar cearta a fháil de bhun na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 91, an tríú mír, den Rialachán seo agus in Airteagal 97, an dara mír, den Rialachán Cur Chun Feidhme, fiú má bhaineann siad le teagmhais a thagann chun cinn roimh dháta chur i bhfeidhm na bhforálacha sin sa Bhallstát lena mbaineann.
4. *I gcás, de bhun Theideal II den Rialachán seo, go bhfuil duine faoi réir reachtaíocht Ballstáit seachas an reachtaíocht a raibh sé nó sí faoina réir roimh an ... [dáta chur i bhfeidhm na leasuithe a tugadh isteach leis an Rialachán leasaitheach], leanfaidh an reachtaíocht is infheidhme roimh an dáta sin d' fheidhm a bheith aici ar feadh idirthréimhse a mhairfidh fad nach dtiocfaidh aon athrú ar an staid. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin in aon chás an ... [10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaitheach].*

Féadfaidh an duine lena mbaineann a iarraidh nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag an idirthréimhse maidir leis nó léi. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid na hinstitiúide arna hainmniú ag údarás inniúil an Bhallstáit chónaithe. Iarrataí arna gcur isteach an ... [27 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaitheach] nó roimhe sin, measfar iarrataí den sórt sin a bheith curtha isteach an ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaitheach]. Iarrataí arna gcur isteach tar éis an ... [27 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaitheach], measfar iad a bheith curtha isteach ar an gcéad lá den mhí tar éis an dáta a chuirfear isteach iad.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le hAirteagal 12. Leanfaidh Airteagal 12, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], d'fheidhm a bheith aige maidir le daoine fostaithe a sheoltar chuig Ballstát eile, nó maidir le daoine féinfhostaithe a ghabhann do ghníomhaíocht chomhchosúil i mBallstát eile roimh an ... [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].

5. Leanfaidh *Teideal III, Caibidil 6*, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht *i bhfeidhm* an Rialacháin leasaithigh], d'fheidhm a bheith aige maidir le sochair dífhostaíochta *ar cuireadh iarratais isteach ina leith* roimh ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].
6. *Leanfaidh Teideal III, Caibidil 1*, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], d'fheidhm a bheith aige maidir le sochair dhífhostaíochta *ar cuireadh iarratais isteach ina leith roimh* an dáta cur i bhfeidhm ábhartha a leagtar amach in Airteagal 91, an tríú mír, an ceathrú mír agus an cúigiú mír.

7. *Leanfaidh Teideal III, Caibidil 8, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], d'fheidhm a bheith aige maidir le sochair theaghlaigh do leanaí a rugadh roimh ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].';*

(37) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 88:

‘Airteagal 88

Tarmligean na cumhachta chun na hIarscríbhinní a leasú

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 88a chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis an Rialachán Cur Chun Feidhme a leasú go tréimhsiúil arna iarraidh sin don Choimisiún Riaracháin.

Airteagal 88a

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. ***Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 88 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón ...***[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 88 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa Chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 88 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(38) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘Airteagal 88b

An chumhacht chun gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an nós imeachta *a shonrú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, teorainneacha ama* a bheidh le leanúint chun *coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Teideal II* den Rialachán seo *agus na nósanna imeachta comhfhreagracha a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme a chur chun feidhme*. Leis na gníomhartha *cur chun feidhme* sin, déanfar *nósanna imeachta* caighdeánacha a bhunú maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) eisiúint, formáid agus ábhar *fianuithe* lena ndeimhnítear an reachtaíocht slándála sóisialta *is infheidhme maidir lena sealbhóir, chomh maith leis an admháil uathoibríoch go bhfuarthas an iarraidh ar fhianuithe den sórt sin, ina léireofar a dháta eisiúna agus an fhaisnéis atá san iarraidh;*
 - (b) na heilimintí sin nach mór a fhíorú sular féidir na fianuithe a eisiúint, *a tharraingt siar nó a cheartú;*
 - (c) tarraingt siar *nó ceartú* na bhfianuithe ag an institiúid *eisiúna i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme*.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88c(2).

Airteagal 88c

Nós imeachta coiste

- 1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***
- 2. I gcás ina ndéantar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.’.***

(39) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 91:

‘Airteagal 91

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2010.

D’ainneoin an dara mír, beidh feidhm ag na dátaí cur i bhfeidhm seo a leanas:

- (1) na forálacha seo a leanas, sa leagan a bheidh i bhfeidhm ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe], beidh feidhm acu ón dáta sin:***
 - (a) Airteagal 11(5);***
 - (b) Airteagal 50(2);***
 - (c) Airteagal 72(ea);***
 - (d) Airteagal 75a agus Airteagal 86;***
 - (e) Airteagal 87a(2);***
 - (f) Airteagail 87b, 88, 88a, 88b agus 88c;***
 - (g) Iarscríbhinní I, II, III, IV, VI, VIII, IX, X agus XI.***
- (2) na forálacha seo a leanas, sa leagan a bheidh i bhfeidhm ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe], beidh feidhm acu ón ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe]:***

- (a) *Airteagal 1, pointí (i)(1)(ii), (va)(i), (va)(ia) agus (vb);*
- (b) *Airteagal 3(1), pointe (a);*
- (c) *Airteagal 9(1);*
- (d) *Airteagal 11(2);*
- (e) *Airteagal 12;*
- (f) *Airteagal 13(4a) agus (5);*
- (g) *Airteagal 19(1);*
- (h) *Airteagal 20(1);*
- (i) *Airteagal 30;*
- (j) *Airteagal 32(3);*
- (k) *Airteagail 33a, 34, 60a, 61, 62 agus 63;*
- (l) *Airteagal 64(1)(c) agus (3);*
- (m) *Airteagail 64a, 65 agus 65a;*
- (n) *Airteagal 68(2) agus (2a);*
- (o) *Airteagal 68b;*
- (p) *Iarscríbhinní XII agus XIII.*

D'anneoin an tríú mír den Airteagal seo, maidir le daoine a raibh Lucsamburg ar an mBallstát inniúil ina leith le linn a ngníomhaíochtaí is deireanaí mar dhuine féinfhostaithe, leanfaidh Airteagail 65, 65a agus 86, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], d'fheidhm a bheith acu go dtí an ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].

Féadfaidh Lucsamburg fógra a thabhairt don Choimisiún gur gá an tréimhse ama dá dtagraítear sa cheathrú mír a fhadú go dtí an ... [7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh]. Déanfar fógra den sórt sin maidir leis an bhfadú in am réasúnach roimh dheireadh na tréimhse ama dá dtagraítear sa cheathrú mír. Foilseofar an fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

- (40) leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an aithris seo a leanas:

‘(12a) Chun críocha oifig chláraithe nó áit ghnó gnóthais á sainaithint, i gcás ina ngabhann duine do ghníomhaíocht in dhá Bhallstát nó níos mó, ba cheart sraith tosca a chur san áireamh chun a chinneadh cén áit a nglactar cinntí bunriachtanacha an ghnóthais agus cén áit a ndéantar feidhmeanna an riaracháin lárnaigh. Samplaí de na tosca sin is ea láimhdeachas, na háiteanna ina dtionóltar a chruinnithe ginearálta, agus gnáthchineál na gníomhaíochta a ngabhtar di. Tá liosta na dtosca samplacha neamh-uileghabhálach agus d’fhéadfadh tosca eile a bheith ábhartha chun suíomh oifig chláraithe nó áit ghnó gnóthais a chinneadh, faoi chuimsiú measúnú foriomlán, agus aird chuí á tabhairt ar gach toisc ábhartha de réir imthosca an cháis.’;

(2) *cuirtear na haithrisí seo a leanas isteach:*

‘(13a) I gcás ina ngabhann duine fostaithe nó féinfhostaithe dá ghníomhaíocht nó dá gníomhaíocht i mBallstát seachas an Ballstát inniúil de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán, ba cheart institiúid inniúil an Bhallstáit a bhfuil a reachtaíocht infheidhme a chur ar an eolas faoi sin roimh ré agus ba cheart fianú dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán seo a iarraidh. Trí fhaisnéis a sholáthar roimh ghabháil don ghníomhaíocht, cuirtear ar a gcumas d’institiúidí inniúla measúnú a dhéanamh ar staid na ndaoine lena mbaineann roimh ré agus a áirithiú, ón tús, go ndéanfar an reachtaíocht slándála sóisialta is infheidhme, de bhun Theideal II den bhun-Rialachán a chinneadh agus a chur i bhfeidhm i gceart, agus ar an gcaoi sin feidhmiú na saorghluaiseachta d’oibrithe agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a éascú, agus deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú maidir le cumhdach slándála sóisialta an duine lena mbaineann. Fágann sé freisin gur féidir comhordú níos fearr a dhéanamh idir na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear rialuithe a phleanáil. I gcás ina bhfuil údar leis ar bhonn chineál nó fhad na gníomhaíochta, is iomchuí a fhoráil nár cheart feidhm a bheith ag soláthar na réamhfhaisnéise sin agus, go háirithe, ag an oibleagáid an fianú sin a iarraidh, maidir le turais ghnó nó gníomhaíochtaí nach faide ná 3 lá oibre as a chéile a ré iomlán laistigh de thréimhse 30 lá as a chéile.

(13b) *Tá saintréithe sonracha ag baint le gníomhaíochtaí in earnáil na tógála, amhail iad a idirdhealú ó ghníomhaíochtaí in earnálacha eacnamaíocha eile. Is ionann líon ard na n-oibrithe ar postú in earnáil na tógála agus sciar ard de PDAIanna arna n-eisiúint faoi Airteagal 12 den bhun-Rialachán agus léiríonn na hanailísí atá ar fáil gur minic a bhraitear calaois, neamhrialtachtaí nó cleachtais mhí-úsáideacha i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin. Léiríonn na sonraí atá ar fáil freisin go bhfuil líon na dtionóiscí ag an obair, lena n-áirítear tionóiscí marfacha, agus ráta minicíochta na dtionóiscí ag an obair an-ard in earnáil na tógála. Ciallaíonn teaglaím de na saintréithe sin go bhféadfadh gníomhaíochtaí in earnáil na tógála a dhiolmhú ón oibleagáid maidir leis an institiúid inniúil a chur ar an eolas agus an fianú maidir leis an reachtaíocht is infheidhme a iarraidh, roimh ré, i gcás gníomhaíochtaí nach faide ná 3 lá, baint amach na gcuspoirí a ngabhtar dóibh leis an mbun-Rialachán agus leis an Rialachán seo a chur i mbaol. Thairis sin, tríd an oibleagáid sin maidir le gníomhaíochtaí in earnáil na tógála a choinneáil ar bun, rannchuidítear le hobair forghníomhúcháin na gcigireachtaí saothair náisiúnta nó na n-údarás inniúil eile, a bhainfidh tairbhe as na sonraí a ghintear chun measúnuithe riosca a dhéanamh agus chun cleachtais chalaioiseacha nó mhí-úsáideacha a bhrath go héifeachtach.*

(13c) Chun cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo a áirithiú, tá sé rithábhachtach a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid an institiúid inniúil a chur ar an eolas agus chun an fianú maidir leis an reachtaíocht is infheidhme a iarraidh, roimh ré. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, dul i muinín bearta comhréireacha a dhéanamh i gcoinne an fhostóra nó, i gcás duine nach ngabhann do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe, i gcoinne an duine lena mbaineann, mar gheall ar mhainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh..

(13d) Chun tacú le cuardaitheoirí poist agus iad ag iarraidh teacht ar obair, agus aird á tabhairt ar réaltachtaí sna réigiúin trasteorann, ba cheart do na Ballstáit baill agus comhpháirtithe den Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) a spreagadh chun páirt a ghlacadh i struchtúir shonracha chomhair agus sheirbhíse, agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag cuardaitheoirí poist atá ina gcónaí i mBallstát eile seachas an Ballstát inniúil ar na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil i réigiúin trasteorann.

(13e) I gcás ina gcinneann duine dífhostaithe a fhaigheann sochair dhífhostaíochta dul chuig Ballstát eile chun obair a lorg ann, ba cheart don Bhallstát a íocann na sochair agus don Bhallstát ina dtéann an duine chun obair a lorg, an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta arna soláthar ag EURES lena n-áirítear trína thairseach, agus faoin bhféidearthacht clárú le EURES chun feabhas a chur ar an seans atá aige nó aici obair a fháil sa Bhallstát eile. Féadfaidh an Ballstát a íocann na sochair breithniú a dhéanamh ar threoir a thabhairt don duine lena mbaineann chun clárú le EURES.’;

(3) cuirtear isteach an aithris seo a leanas:

‘(18a) Tá gá le rialacha agus nósanna imeachta sonracha áirithe chun costais sochar arna dtabhú ag Ballstát cónaithe a aisíoc, i gcás ina bhfuil na daoine lena mbaineann faoi árachas i mBallstát eile. Ballstáit a éilíonn aisíocaíocht ar chostas na sochar comhchineáil ar bhonn méideanna socraithe, ba cheart dóibh fógra a thabhairt faoi na meánchoistais bhliantúla in aghaidh an duine laistigh de spriocdháta ar leith sa chaoi is go bhféadfar an aisíocaíocht a dhéanamh chomh pras agus is féidir.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 19:

"(19) Ba cheart na nósanna imeachta idir institiúidí a neartú don chúnamh frithpháirteach i ghnóthú éileamh slándála sóisialta chun gnóthú níos éifeachtúla agus feidhmiú rianúil na rialacha um chomhordú a áirithiú. Is bealach é an gnóthú éifeachtach freisin le mí-úsáidí agus calaois a chosc agus le dul i ngleic leo, agus le hinbhuanaitheacht na scéimeanna slándála sóisialta a áirithiú. Is éard atá i gceist leis sin, nósanna imeachta nua a ghlacadh, agus roinnt forálacha atá ann cheana i dTreoir 2010/24/AE ón gComhairle* á nglacadh mar bhonn, go háirithe trí ionstraim aonfhoirmeach forghníomhúcháin a ghlacadh agus trí nósanna imeachta caighdeánacha **a ghlacadh** chun cúnamh frithpháirteach a iarraidh agus fógra a thabhairt faoi ionstraimí agus bearta a bhaineann le héilimh slándála sóisialta a ghnóthú.

* Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/24/oj>);

(5) cuirtear isteach na haithrisí seo a leanas:

"(25) Is cuid í **an** ghníomhaíocht chun calaois agus earráid a chomhrac de chur chun feidhme ceart Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart, de ghrá na deimhneachta dlíthiúla **bunús** dlí soiléir a bheith sa Rialachán seo lena gceadófaí d'údaráis inniúla sonraí pearsanta a mhalartú le húdaráis ábhartha i **mBallstáit eile** maidir le daoine ar suíodh cheana a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus faoin Rialachán seo, **nó a bhfuil feidhm ag na Rialacháin sin maidir leo** chun calaois agus earráid **a chosc nó** a shainaithint mar chuid de chur i bhfeidhm ceart leanúnach na Rialachán sin. Is gá **a áirithiú freisin go ndéanfar na malartuithe sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***. **Thairis sin, chun críche calaoise agus earráide a chomhrac agus chun seirbhís chruinn éifeachtúil a chur ar fáil do na saoránaigh shoghluaiste, is gá go soláthrófaí le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus leis an Rialachán seo bunús dlí soiléir do na Ballstáit chun faisnéis a mhalartú lena chéile, bíodh sin ar leibhéal aonair a bhaineann le cásanna aonair nó ar leibhéal ginearálta le meaitseáil sonraí.**

(26) Chun cearta na ndaoine lena mbaineann a chosaint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil aon iarraidh ar shonraí agus aon fhreagairt riachtanach agus comhréireach **do** chur i bhfeidhm ceart Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus an Rialacháin seo,

* Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).";

(6) in Airteagal 1(2), cuirtear na **pointí** seo a leanas isteach:

“(ea) ciallaíonn ‘calaois’ aon ghníomh intinneach nó aon neamhghníomh **intinneach** chun gníomhú, chun sochair slándála sóisialta a fháil nó chun **íoc** ranníocaíochtaí slándála sóisialta a sheachaint, contrártha do dhlí an **Bhallstáit lena mbaineann, den bhun-Rialachán nó don Rialachán cur chun feidhme;**

(eb) ciallaíonn ‘turas gnó’ gníomhaíocht shealadach mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe, atá teoranta ó thaobh ama de agus a bhaineann le leasanna gnó an fhostóra nó, i gcás duine féinfhostaithe, an duine lena mbaineann, cé is moite de sholáthar seirbhísí nó seachadadh earraí, ach lena n-áirítear freastal ar chruinnithe gnó, ar imeachtaí cultúrtha agus eolaíocha, ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir, amhail iad siúd a bhaineann le taighde acadúil, nó oiliúint a fháil;’ ;

(7) *leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:*

‘(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘2a. Malartóidh na hinstitiúidí freisin na sonraí is gá chun athruithe a bhrath i gcúinsí a bhaineann le cearta agus le hoibleagáidí sin na ndaoine a bhfuil feidhm ag an mbun-Rialachán maidir leo, mar aon le míchruinnis a bhrath sna sonraí ar a bhfuil na cearta sin bunaithe. Féadfar na sonraí sin a fhíorú trína gcur i gcomparáid le sonraí institiúid an Bhallstáit eile lena mbaineann agus úsáid á baint as modhanna leictreonacha malartaithe sonraí nó rochtain arna tabhairt ar bhunachar sonraí na hinstitiúide eile. D’fhéadfadh baint a bheith ag fíorú den sórt sin le cásanna aonair nó féadfar é a úsáid chun na sonraí maidir le níos mó ná duine amháin a chur i gcomparáid le chéile go comhuaineach. Beidh aon iarraidh ar fhaisnéis agus aon fhreagairt ar an iarraidh sin riachtanach agus comhréireach.’;

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘5. Tarraingeoidh an Coimisiún Riaracháin suas liosta **táscach** de na cineálacha ■ sonraí atá faoi réir malartú sonraí faoi mhír **2a**. Déanfaidh an Coimisiún an phoiblíocht riachtanach i ndáil leis an liosta sin. ■

6. Comhlíonfaidh **na malartuithe sonraí faoi mhír 2a** Rialachán (AE) 2016/679, ■ i gcomhréir le hAirteagal 77 den bhun-Rialachán. **I gcás inar gá, sainaithneoidh an Coimisiún Riaracháin na heintitis a bheidh i dteideal na malartuithe sin a dhéanamh.**

Beidh aon chinneadh a ghlacfar ar bhonn na sonraí a eascraíonn as malartuithe sonraí den sórt sin bunaithe ar fhianaise leordhóthanach agus beidh sé faoi réir leigheasanna éifeachtacha.’;

(8) in Airteagal 3, **scriostar** mír 3;

■

(9) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2, 3 agus 4:

‘

2. *Tabharfaidh institiúid an Bhallstáit a fhaigheann an doiciméad fógra don institiúid eisiúna, gan mhoill, i gcás nár soláthraíodh aon fhaisnéis éigeantach. Déanfaidh an institiúid eisiúna an doiciméad a cheartú a luaithe is féidir nó deimhneoidh sí nach gcomhlíontar na coinníollacha faoina n-eisítear an doiciméad. I gcás nach soláthrófar an fhaisnéis éigeantach atá in easnamh laistigh de 30 lá oibre, féadfaidh institiúid an Bhallstáit a fhaigheann an doiciméad dul ar aghaidh amhail is nár eisíodh an doiciméad riamh. Sa chás sin, cuirfidh an institiúid sin an institiúid eisiúna ar an eolas dá réir sin.*
3. *Gan dochar d’Airteagal 19a, i gcás ina mbeidh amhras faoi bhailíocht doiciméid nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil **an doiciméad** bunaithe, iarrfaidh institiúid an Bhallstáit a fuair an doiciméad an soiléiriú is gá ar an institiúid eisiúna agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sí go dtarraingeofaí siar nó go gceartófaí an doiciméad sin. Déanfaidh an institiúid eisiúna athbhreithniú ar na forais faoinar eisíodh an doiciméad agus, más gá, déanfaidh sí é a tharraingt siar nó a cheartú.*

4. *I gcás ina mbeidh amhras faoin bhfaisnéis a thug na daoine lena mbaineann, faoi bhailíocht doiciméid nó faoi fhianaise thacaíochta, nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, déanfaidh aon institiúid lena mbaineann, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin don institiúid inniúil, an fhaisnéis nó an doiciméad a fhíorú.*

5. *I gcás nach dtiocfar ar chomhaontú idir na hinstitiúidí lena mbaineann, féadfaidh na húdaráis inniúla an t-ábhar a thabhairt os comhair an Choimisiúin Riaracháin tráth nach luaíthe ná aon mhí tar éis an dáta a chuir an institiúid a fuair an doiciméad a hiarraidh isteach. Déanfaidh an Coimisiún Riaracháin dianiarracht réiteach a bhaint amach idir na dearchtaí laistigh de 6 mhí ón dáta a tugadh an t-ábhar os a chomhair.*

Agus iarracht á déanamh aige na dearchtaí éagsúla a réiteach, féadfaidh an Coimisiún Riaracháin, de bhun Airteagal 72, pointe (a), den bhun-Rialachán, cinneadh a ghlacadh maidir le léirmhíniú fhorálacha ábhartha an bhun-Rialacháin nó an Rialacháin cur chun feidhme. Déanfaidh na húdaráis inniúla agus na hinstitiúidí lena mbaineann na bearta is gá chun an cinneadh sin a chur i bhfeidhm, gan dochar do cheart na n-údarás, na n-institiúidí agus na ndaoine lena mbaineann dul ar iontaoibh na nósanna imeachta agus na mbinsí dá bhforáiltear le reachtaíocht na mBallstát, leis an Rialachán cur chun feidhme nó leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.’;

(10) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 12(1) den bhun-Rialachán, ‘duine a ghabhann do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe i mBallstát thar ceann fostóra a dhéanann a ghníomhaíochtaí de ghnáth san áit sin, agus a ndéanann an fostóir sin é a sheoladh chuig Ballstát eile’, cuimseoidh sin duine a earcaítear d’fhonn é a sheoladh chuig Ballstát eile, ar choinníoll go raibh an duine lena mbaineann, *ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí* díreach roimh thosach a chuid fostaíochta, faoi réir reachtaíocht an Bhallstáit *ina bhfuil an fostóir bunaithe*.’;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. *Tar éis do dhuine gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe i mBallstát eile de bhun Airteagal 12(1) nó (2) den bhun-Rialachán ar feadh 24 mhí san iomlán, le briseadh nach faide ná 2 mhí, ní bheidh feidhm ag Airteagal 12(1) ná (2) den bhun-Rialachán maidir leis an duine sin i leith an Bhallstáit sin go dtí go mbeidh 2 mhí ar a laghad caite ó dheireadh na tréimhse gníomhaíochta roimhe sin ann. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát ábhartha foráil a dhéanamh le comhaontú maidir le maolú a dheonú de bhun Airteagal 16(1) den bhun-Rialachán i gcúinsí sonracha*.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

- ‘3. Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 12(2) den bhun-Rialachán, tagraíonn na focail ‘gur mar dhuine féinhostaithe is ionduíl a ghabhann do ghníomhaíocht’, do dhuine ar gnách dó gníomhaíochtaí substaintiúla a dhéanamh i gcríoch an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe. Go háirithe, caithfidh an duine sin a bheith ag gabháil dá ghníomhaíocht nó dá gníomhaíocht ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh an dáta is mian leis nó léi leas a bhaint as forálacha an Airteagail sin, agus le linn aon tréimhse gníomhaíochta sealadaí i mBallstát eile, ní mór dó nó di leanúint de na ceanglais maidir le gabháil dá ghníomhaíocht nó dá gníomhaíocht a chomhlíonadh sa Bhallstát ina bhfuil sé nó sí bunaithe, ionas go mbeidh sé nó sí in ann gabháil dá ghníomhaíocht nó dá gníomhaíocht ar fhilleadh dó nó di.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 a:

"5a. Chun críocha Theideal II den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, tagróidh 'oifig chláraithe nó áit ghnó' don oifig chláraithe nó don áit ghnó ina ndéantar cinntí bunriachtanacha an ghnóthais agus ina gcuirtear feidhmeanna a riaracháin lárnaigh i gcrích.

Déanfar sainaithint na hoifige cláraithe nó na háite gnó is ábhartha chun an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh faoi chuimsiú measúnú foriomlán, bunaithe ar thosca a bhaineann leis an gcás, agus aird chuí á tabhairt ar gach toisc ábhartha ag brath ar imthosca an cháis. Déanfaidh an Coimisiún Riaracháin socrúithe mionsonraithe a leagan síos maidir leis an méid sin a chinneadh.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

'10. *An reachtaíocht is infheidhme a chinntear faoi Airteagal 13 den bhun-Rialachán, beidh feidhm aici ar feadh uastréimhse 24 mhí, agus an staid atá tuartha don 12 mhí féilire ina dhiaidh sin á cur san áireamh.*

A luaithe a bheidh an tréimhse 24 mhí caite, déanfar an reachtaíocht is infheidhme a athmheasúnú i bhfianaise staid an duine lena mbaineann.';

(f) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“12. Chun críocha Airteagal 13 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, maidir le duine atá ina chónaí lasmuigh de chríoch an Aontais agus a ghabhann dá ghníomhaíochtaí nó dá gníomhaíochtaí mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe in dhá Bhallstát nó níos mó, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha an bhun-Rialacháin agus ag an Rialachán cur chun feidhme maidir leis an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh, ar choinníoll go measfar gur sa Bhallstát *ina ngabhann sé nó sí den chuid is mó dá ghníomhaíochtaí nó dá gníomhaíochtaí ó thaobh am oibre laistigh de chríoch an Aontais de*, atá áit chónaithe an duine sin.’ ;

(11) ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:***

‘Airteagal 15

Nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 11(3), pointí (b) agus (d), Airteagal 11(4) agus Airteagal 12 den bhun-Rialachán (maidir le faisnéis a chur ar fáil do na hinstiúidí lena mbaineann)

1. Más rud é, de bhun Airteagal 12 den bhun-Rialachán, go ngabhann duine dá ghníomhaíocht nó dá gníomhaíocht i mBallstát seachas an Ballstát atá inniúil faoi Theideal II den bhun-Rialachán, déanfaidh an fostóir nó, i gcás duine nach ngabhann do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe, an duine lena mbaineann instiúid inniúil an Bhallstáit a bhfuil a reachtaíocht infheidhme a chur ar an eolas dá réir sin sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht agus iarrfaidh sé nó sí an fianú dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán cur chun feidhme.

1a. Ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a fháil, eiseoidh an institiúid inniúil fianú ar an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine lena mbaineann. I gcás nach n-eiseofar an fianú sin láithreach, eiseoidh sé admháil uathoibríoch go bhfuarthas an iarraidh, agus beidh an admháil sin ina fianaise lena léireofar gur cuireadh an institiúid inniúil ar an eolas i gcomhréir le mír 1. Déanfaidh an institiúid inniúil, gan mhoill, an fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine sin nó, i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil go fóill, faisnéis a bhaineann leis an admháil fála a chur ar fáil don institiúid arna hainmniú ag údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuiltear ag gabháil don ghníomhaíocht.

1b. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 1a maidir le turais ghnó.

Thairis sin, cé is moite de ghníomhaíochtaí san earnáil tógála mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 6, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 1a maidir le gníomhaíochtaí nach faide ná 3 lá oibre as a chéile a ré iomlán laistigh de thréimhse 30 lá as a chéile.

1c. I gcásanna a thagann faoi Airteagal 12 den bhun-Rialachán, mura bhfuil aon fhianú dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán cur chun feidhme eisithe, soláthróidh an fostóir, nó i gcás duine féinfhostaithe, an duine lena mbaineann, arna iarraidh sin d'institiúid inniúil an Bhallstáit ina ngabhtar do ghníomhaíocht, an admháil fála dá dtagraítear i mír 1a den Airteagal seo, nó fianaise lena léirítear go dtagann an ghníomhaíocht faoi dhíolúine dá dtagraítear i mír 1b den Airteagal seo.

Leanfaidh fostóirí de bheith freagrach as an bhfianaise is gá a sholáthar agus na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar do na daoine atá ag gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe chun na críche sin. Féadfar an fhianaise sin a sholáthar i bhfoirm leictreonach nó ar pháipéar.

1d. I gcás ina bhfuil amhras ar institiúid inniúil an Bhallstáit ina ndéantar an ghníomhaíocht faoin bhfaisnéis a chuir an fostóir nó an duine lena mbaineann ar fáil, faoi bhailíocht doiciméid nó faoin bhfianaise thacaíochta, nó faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, féadfaidh an institiúid sin a iarraidh ar institiúid inniúil an Bhallstáit arb í a reachtaíocht is infheidhme tuilleadh faisnéise a sholáthar. Beidh feidhm ag Airteagal 19a agus ag Airteagal 20(3) agus (4).

2. *I gcás ina saothraíonn duine a chumhdaítear le hAirteagal 11(3), point (b) nó (d), den bhun-Rialachán, a ghníomhaíocht nó a ghníomhaíocht i mBallstát seachas sa Bhallstát atá inniúil, cuirfidh an fostóir nó, i gcás duine nach ngabhann do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe, an duine lena mbaineann, institiúid inniúil an Bhallstáit arb í a reachtaíocht is infheidhme ar an eolas dá réir sin, aon uair is féidir roimh thús na ghníomhaíochta. Déanfaidh an institiúid sin, gan mhoill, faisnéis maidir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine lena mbaineann a chur ar fáil don duine sin agus don institiúid arna hainmniú ag údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an ghníomhaíocht á gabháil. Beidh feidhm mutatis mutandis ag mír 1b den Airteagal seo.*

3. *Fostóir, de réir bhrí Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, a bhfuil fostaí ar bord soithigh a bhfuil bratach Ballstáit eile ar foluain aige, déanfaidh sé, roimh ré aon uair is féidir, institiúid inniúil an Bhallstáit arb í a reachtaíocht is infheidhme de bhun Airteagal 11(4), an dara habairt, den bhun-Rialachán a chur ar an eolas dá réir sin. Cuirfidh an institiúid sin faisnéis ar fáil, gan mhoill, don institiúid arna hainmniú ag údarás inniúil an Bhallstáit arb é a bhratach atá ar foluain ar an soitheach ar a ndéanann an fostaí an ghníomhaíocht, maidir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine lena mbaineann de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán.’;*

(12) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

- ‘1. Duine a shaothraíonn gníomhaíochtaí in dhá Bhallstát nó níos mó, cuirfidh sé an institiúid arna hainmniú ag údarás inniúil an Bhallstáit chónaithe ar an eolas dá réir sin. ***Féadfaidh an fostóir freisin an fhaisnéis sin a chur ar fáil thar ceann an duine.***
2. Cinnfidh institiúid ainmnithe na háite cónaithe, gan mhoill, an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine lena mbaineann, ag féachaint d’Airteagal 13 den bhun-Rialachán agus Airteagal 14 den Rialachán cur chun feidhme. ***Má chinneann an institiúid sin go bhfuil feidhm ag reachtaíocht an Bhallstáit chónaithe***, cuirfidh sí institiúidí ainmnithe gach Ballstáit ina ngabhtar do ghníomhaíocht nó ina bhfuil an fostóir lonnaithe ar an eolas faoina cinneadh maidir leis an reachtaíocht is infheidhme.

3. *Má chinneann* institiúid *ainmnithe na háite cónaithe* go bhfuil feidhm ag reachtaíocht Ballstáit eile, is *cinneadh sealadach* a bheidh sa chinneadh, agus cuirfidh *an institiúid institiúidí ainmnithe gach* Ballstáit *ina ngabhtar do ghníomhaíocht* nó *ina* bhfuil *an fostóir lonnaithe* ar an eolas gan mhoill faoin *gcinneadh* sealadach sin *maidir leis an reachtaíocht is infheidhme*. Déanfar *cinneadh cinntitheach* den chinneadh sealadach sin ■ dhá mhí tar éis *d’institiúidí* ainmnithe na n-údarás inniúil sna *Ballstáit* lena mbaineann *a bheith* curtha ar an eolas faoi, ach amháin má chuireann *ceann amháin ar a laghad de na hínstitiúidí sin* institiúid *ainmnithe na háite cónaithe ar an eolas faoi dheireadh na tréimhse 2 mhí* nach féidir léi glacadh leis an gcinneadh sealadach go fóill nó go bhfuil tuairim eile aici.’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:

- ‘5. Cuirfidh institiúid inniúil an Bhallstáit arb í reachtaíocht an Bhallstáit sin a cinneadh a bheith infheidhme, go sealadach nó go cinntitheach, an duine lena mbaineann *mar aon le* fostóir *an duine sin* ar an eolas gan mhoill *maidir leis an gcinneadh*.’;

(13) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*

‘2. Arna iarraidh sin don duine lena mbaineann nó don fhostóir, déanfaidh institiúid inniúil an Bhallstáit a bhfuil a reachtaíocht infheidhme de bhun forála de chuid Theideal II den bhun-Rialachán fianú a chur ar fáil á rá go bhfuil an reachtaíocht sin infheidhme agus sonrúidh sí, i gcás inarb iomchuí, dáta deireanach agus coinníollacha na hinfheidhmeachta. *Eiseofar an fianú i bhformáid chaighdeánaithe.*’

(b) cuirtear *an mhír* seo a leanas leis:

‘3. Aon uair a iarrfar ar institiúid fianú de bhun *mhír 2* a eisiúint, déanfaidh sí measúnú ceart ar na *fíorais* is ábhartha *do chur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos i dTeideal II den bhun-Rialachán agus deimhneoidh sí gur* ■ *slán don fhaisnéis atá san fhianú.*

(14) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 19a

Comhar i gcás amhras faoi bhailíocht doiciméad a bhaineann leis an reachtaíocht is infheidhme

- 1. D’ainneoin Airteagal 5, i gcás ina mbeidh amhras faoi bhailíocht doiciméid ina léirítear staid an duine chun críocha na reachtaíochta is infheidhme nó amhras faoi chruinneas na bhfíoras ar a bhfuil an doiciméad bunaithe, iarrfaidh institiúid an Bhallstáit sin a fuair an doiciméad ar an institiúid eisiúna pé soiléiriú is gá a thabhairt agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sí go dtarraingeofaí siar nó go gceartófaí an doiciméad sin. Tabharfaidh an institiúid iarrthach bunús lena hiarraidh agus soláthróidh sí an doiciméadacht tacaíochta ábhartha ba chúis leis an iarraidh.***

2. *Ar iarraidh den saghas sin a fháil di, athbhreithneoidh an institiúid eisiúna na forais faoinar eisíodh an doiciméad agus, i gcás ina n-aimseofar earráid, tarraingeoidh sí siar an doiciméad nó ceartóidh sí é laistigh de 30 lá oibre ón iarraidh a fháil. Beidh éifeacht aisghníomhach ag an tarraingt siar nó ag an gceartú. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil baol go mbeidh toradh díréireach ann agus go háirithe, baol go gcaillfear an stádas mar dhuine árachaithe don tréimhse ábhartha iomlán nó do chuid di i ngach Ballstát lena mbaineann, déanfaidh na Ballstáit a mheas an gcuirfear Airteagal 16 den bhun-Rialachán i bhfeidhm. I gcás ina measann an institiúid eisiúna, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, nach bhfuil aon amhras ach go ndearna iarratasóir an doiciméid calaois, tarraingeoidh sí siar nó ceartóidh sí gan mhoill le héifeacht aisghníomhach é.*
3. *Más amhlaidh, tar éis athbhreithniú a dhéanamh di ar na forais faoinar eisíodh an doiciméad, nach féidir leis an institiúid eisiúna aon earráid a bhrath, cuirfidh sí ar aghaidh chuig an institiúid iarrthach an fhianaise uile a bheidh ar fáil, laistigh de 30 lá oibre ón iarraidh a fháil di. I gcás práinne, agus i gcás ina luaitear go soiléir cúis agus bunús na práinne san iarraidh, is laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh a fháil a chuirfear an fhianaise ar aghaidh, lena n-áirítear i gcás nach mbeidh a pléití de bhun mhír 2 curtha i gcrích ag an institiúid eisiúna.*

4. *I gcás ina bhfuil amhras i gcónaí ar an institiúid iarrthach, tar éis di an fhianaise atá ar fáil a fháil, maidir le bailíocht an doiciméid, le cruinneas na bhfíoras ar a bhfuil sé bunaithe, nó le cruinneas na faisnéise ar ar eisíodh an doiciméad, féadfaidh sí fianaise a chur isteach ina leith sin agus iarraidh eile ar shoiléiriú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, iarraidh ar an institiúid eisiúna an doiciméad a tharraingt siar nó a cheartú i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis na hamchláir a leagtar amach san Airteagal seo.*
5. *I gcás ina mbíonn amhras fós ar an institiúid is faighteoir agus mura dtagtar ar aon chomhaontú idir na h-institiúidí lena mbaineann, beidh feidhm ag Airteagal 5(5).’;*

(15) in Airteagal 20, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

- ‘3. *Chun Teideal II den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, tabharfaidh institiúidí na mBallstát, gan dochar d’Airteagal 19a den Rialachán cur chun feidhme, freagra ar fhiosrúcháin a gheofar ó institiúidí na mBallstát eile laistigh de 35 lá oibre ón iarraidh a fháil.*

4. *I gcás ina ngabhann duine do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe i mBallstát eile gan fianú dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán cur chun feidhme, ach amháin mura n-éilítear aon fhianú de bhun Airteagal 15 den Rialachán cur chun feidhme, féadfaidh an institiúid ábhartha sa Bhallstát eile sin faisnéis a bhaineann leis an reachtaíocht is infheidhme maidir leis an duine sin a iarraidh ar institiúid an Bhallstáit a bhfuil a reachtaíocht infheidhme prima facie.*

Mura dtabharfaidh an institiúid iarrtha freagra laistigh de 35 lá oibre tar éis di an iarraidh a fháil, féadfaidh an institiúid iarrtha leanúint ar aghaidh amhail is nár eisíodh aon fhianú agus cuirfear an institiúid eisiúna ar an eolas dá réir sin. Má eisíonn an institiúid iarrtha an fianú ina dhiaidh sin, beidh éifeacht aisghníomhach ag an bhfianú sin, i gcás inarb iomchuí.’;

- (16) i dTeideal III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 1:

‘Sochair bhreoiteachta, *sochair cúraim fhadtéarmaigh*, sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta’.

(17) leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

‘1. Chun Airteagal 19 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, tiolacfaidh an duine árachaithe doiciméad arna eisiúint ag an institiúid inniúil lena léireofaí don soláthraí cúraim sláinte nó cúraim fhadtéarmaigh sláinte i mBallstát an fhanachta a theidlíocht ó a teidlíocht ar shochair chomhchineáil. Mura mbeidh an doiciméad sin ag an duine árachaithe, rachaidh institiúid na háite fanachta, arna iarraidh sin nó más gá ar shlí eile, i dteagmháil leis an institiúid inniúil chun an doiciméad sin a fháil.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. *Tagróidh na sochair chomhchineáil dá dtagraítear in Airteagal 19(1) den bhun-Rialachán do na sochair chomhchineáil a sholáthraítear i mBallstát an fhanachta, i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit sin, agus a dtagann gá leo ar fhorais leighis nó i ngeall ar chúram fadtéarmach a bheith de dhíth d’fhonn nach gceanglófaí ar an duine árachaithe filleadh ar an mBallstát inniúil, roimh dheireadh na ré pleanáilte fanachta, chun an chóireáil atá riachtanach nó an cúram fadtéarmach a fháil’;*

(18) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. *Aon tráth i rith an nós imeachta lena ndeonaítear an t-údarú, forchoimeádfaidh an institiúid inniúil an ceart chun an duine árachaithe a chur faoi scrúdú ag dochtúir nó ag duine cáilithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, a roghnóidh sí sa Bhallstát cónaithe nó fanachta.’;*

(19) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. *Cuirfidh an institiúid inniúil institiúid na háite cónaithe nó fanachta ar an eolas freisin faoi aon sochar airgid cúraim fhadtéarmaigh a íocadh i gcás ina bhforáiltear, leis an reachtaíocht a chuireann an institiúid réamhráite i bhfeidhm, do na sochair chomhchineáil cúraim fhadtéarmaigh a áirítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 33a(1) den bhun-Rialachán.*’;

(20) in Airteagal 32, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. *I gcás ina ndíolmhaítear duine nó grúpa daoine, arna iarraidh sin, ó árachas éigeantach breoiteachta nó árachas chúraim fhadtéarmaigh agus nach bhfuil na daoine sin cumhdaithe dá bhrí sin ag scéim árachais bhreoiteachta ná scéim árachais chúraim fhadtéarmaigh a bhfuil feidhm ag an mbun-Rialachán maidir léi, ní thiocfaidh institiúid Ballstáit, de bharr an díolmhaithe sin amháin, chun bheith freagrach as costais na sochar comhchineáil nó na sochar airgid a iompar a sholáthraítear do na daoine sin nó do bhall dá dteaghlach faoi Theideal III, Caibidil I, den bhun-Rialachán.*’;

(21)  in Airteagal 43, *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*

- ‘3. *Déanfaidh institiúid gach Ballstáit, faoina reachtaíocht is infheidhme, na méideanna atá dlíte a ríomh a fhreagraíonn do thréimhsí árachais leanúnaigh shaorálaigh nó roghnaigh agus, i gcomhréir le hAirteagal 53(3), pointe (c) den bhun-Rialachán (CE), nach bhfuil faoi réir rialacha Ballstáit eile maidir le tarraingt siar, laghdú nó fionraí.*’;

(22) in Airteagal 54, *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

- ‘1. *Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 12(1) den Rialachán cur chun feidhme maidir le hAirteagal 60a den bhun-Rialachán. Gan dochar do bhunoibleagáidí na n-institiúidí lena mbaineann, féadfaidh an duine lena mbaineann doiciméad a chur faoi bhráid na h-institiúide inniúla, arna eisiúint ag institiúid an Bhallstáit a raibh sé nó sí faoi réir a reachtaíochta maidir leis an ngníomhaíocht is deireanaí a bhí aige nó aici mar dhuine fostaithe nó mar dhuine féinfhostaithe agus ina sonraítear na tréimhsí a cuireadh isteach faoin reachtaíocht sin.*’;

(23) *cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:*

‘Airteagal 54a

Nósanna imeachta maidir le hAirteagal 61(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm

- 1. Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 61(2) den bhun-Rialachán, cláróidh an duine dífhostaithe mar dhuine atá ag lorg oibre le seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe agus cuirfidh sé éileamh ar shochair faoi bhráid institiúid an Bhallstáit sin. Má thíolactar an t-éileamh chuig institiúid an Bhallstáit dá dtagraítear in Airteagal 61(2) den bhun-Rialachán, cuirfidh an institiúid sin an t-éileamh ar aghaidh chuig institiúid an Bhallstáit is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe lena imscrúdú. Beidh feidhm ag an dáta ar tíolacadh an t-éileamh tosaigh maidir leis na hinstitiúidí uile lena mbaineann.*

2. *I ndiaidh d'institiúid an Bhallstáit is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe imscrúdú a dhéanamh ar an éileamh, má chinntear nach gcomhlíonann an duine dífhostaithe na coinníollacha maidir le comhshuimiú dá dtagraítear in Airteagal 61(1) den bhun-Rialachán, agus más léir ón bhfaisnéis atá ar fáil di gur chríochnaigh an duine dífhostaithe an tréimhse riachtanach le bheith i dteideal sochair a fháil de bhun Airteagal 61(2) den bhun-Rialachán, seolfaidh sí doiciméad láithreach chuig institiúid an Bhallstáit dá dtagraítear san fhoráil sin. Murar léir gur chríochnaigh an duine dífhostaithe an tréimhse riachtanach chun sochair a fháil de bhun Airteagal 61(2) den bhun-Rialachán, rachaidh institiúid an Bhallstáit is déanaí ina raibh an duine faoi árachas, fostaithe nó féinfhostaithe i dteagmháil le h-institiúid an Bhallstáit dá dtagraítear san fhoráil sin, roimh an doiciméad a sheoladh, d'fhonn a chinneadh ar cuireadh isteach an tréimhse a shonraítear ann sa Bhallstát sin.*
3. *Áireofar sa doiciméad dá dtagraítear i mír 2 faisnéis riachtanach maidir le staid an duine dhífhostaithe. Cinnfidh an Coimisiún Riaracháin formáid agus ábhar an doiciméid sin.'*

(24) leasaítear Airteagal 55 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. *Chun go mbeidh sé cumhdaithe le hAirteagal 64, Airteagal 64a(2) nó Airteagal 65(4) den bhun-Rialachán, cuirfidh duine dífhostaithe a théann chuig Ballstát eile an institiúid inniúil ar an eolas roimh imeacht dó nó di agus iarrfaidh sé nó sí doiciméad lena ndeimhneofar go gcoinníonn sé nó sí a theidlíocht nó a teidlíocht ar shochair faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 64(1), pointe (b) den bhun-Rialachán.*’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. *‘Seolfaidh an institiúid sa Bhallstát a ndeachaigh an duine dífhostaithe ann doiciméad chuig an institiúid inniúil gan mhoill lena luafar an dáta ar chláraigh an duine dífhostaithe leis na seirbhísí fostaíochta agus a sheoladh nó a seoladh nua.*

Más rud é, le linn na tréimhse a mbeidh an duine dífhostaithe fós i dteideal sochar, go dtiocfaidh aon chúinse chun cinn ar dócha go ndéanfaidh sé difear don teidlíocht ar shochair, déanfaidh an institiúid sa Bhallstát a ndeachaigh an duine dífhostaithe ann doiciméad ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha a sheoladh láithreach chuig an institiúid inniúil agus chuig an duine lena mbaineann.

Déanfaidh an institiúid sa Bhallstát a ndeachaigh an duine dífhostaithe ann faisnéis ábhartha maidir le seiceáil leantach ar staid an duine dhífhostaithe a sholáthar ar bhonn míosúil, go háirithe i dtaobh an bhfuil sé nó sí fós cláraithe leis na seirbhísí fostaíochta agus an bhfuil nósanna imeachta eagraithe seiceála agus gníomhachtúcháin nó socrúcháin fostaíochta á gcomhlíonadh aige nó aici.

5. *Déanfaidh institiúid na háite a ndeachaigh an duine dífhostaithe ann seiceálacha nó socróidh sí go ndéanfar seiceálacha amhail is dá mba dhuine dífhostaithe a bhí ag fáil sochar faoina reachtaíocht féin é an duine lena mbaineann. I gcás inar gá, cuirfidh sé an institiúid inniúil ar an eolas láithreach má thagann aon chúinse chun cinn ar dócha go ndéanfaidh sé difear do theidlíocht an duine dhífhostaithe ar shochair, amhail atosú na hoibre.’;*

(c) Cuirtear *an méid seo a leanas* in ionad mhír 7:

- ‘7. *Beidh feidhm mutatis mutandis ag mír 2 go mír 6 den Airteagal seo maidir leis an gcás a chumhdaítear le hAirteagal 64a(1) den bhun-Rialachán.’;*

(25) leasaítear Airteagal 56 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘-1. Déanfaidh an institiúid inniúil daoine atá difhostaithe go hiomlán dá dtagraítear in Airteagal 65(1), Airteagal 65(2), an tríú fomhír, nó in Airteagal 65(3) den bhun-Rialachán a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí agus cuirfidh sí doiciméid ar fáil dóibh ina mbeidh an fhaisnéis uile is gá a bhaineann le sochair dhífhostaíochta a fháil i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha. Cuirfidh na hinstitiúidí ábhartha an fhaisnéis is gá ar fáil dá chéile chun tacú le gníomhaíochtaí cuardaithe poist na ndaoine difhostaithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstát seachas an Ballstát inniúil agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas faoi na nósanna imeachta rialaithe agus na coinníollacha rialaithe is infheidhme agus faoin tseirbhís fostaíochta a bhfuil siad le bheith ar fáil di iad féin. Déanfaidh institiúid an Bhallstáit chónaithe, arna iarraidh sin don institiúid inniúil, an institiúid inniúil a chur ar an eolas láithreach maidir le haon chúinsí is eol di agus ar dócha go ndéanfaidh siad difear don teidlíocht ar shochair, go háirithe, más rud é go bhfuil duine atá difhostaithe go hiomlán fostaíthe anois nó má tháinig an duine sin chun a bheith féinfhostaithe sa Bhallstát cónaithe.’;

(b) cuirtear *an méid seo a leanas* in ionad mhír 1:

‘1. *I gcás ina mbeartóidh duine dífhostaithe, de bhun Airteagal 65(6) den bhun-Rialachán, é nó í féin a chur ar fáil do na seirbhísí fostaíochta sa Bhallstát nach gcuireann na sochair ar fáil de bhreis ar an mBallstát a chuireann na sochair ar fáil, trína chlárú ann mar dhuine atá ag lorg oibre, cuirfidh sé institiúid agus seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit a chuireann na sochair ar fáil ar an eolas faoi sin.*

Arna iarraidh sin do sheirbhísí fostaíochta an Bhallstáit nach gcuireann na sochair ar fáil, seolfaidh na seirbhísí fostaíochta sa Bhallstát a chuireann na sochair ar fáil chucu an fhaisnéis ábhartha maidir le clárú an duine dhífhostaithe agus maidir lena chuardach nó lena cuardach ar obair.

Déanfaidh seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit nach gcuireann na sochair ar fáil, arna iarraidh sin don institiúid inniúil, an institiúid inniúil a chur ar an eolas láithreach freisin maidir le haon chúinsí is eol dóibh agus ar dócha go ndéanfaidh siad difear don teidlíocht ar shochair, go háirithe, más rud é go bhfuil an duine atá dífhostaithe go hiomlán fostaithe anois nó má tháinig an duine sin chun bheith féinfhostaithe sa Bhallstát cónaithe.’;

(c) scriostar mír 3;

(26) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 56a

Bearta feabhsaithe maidir le tacaíocht agus comhar do dhaoine dífhostaithe a raibh cónaí orthu i mBallstát seachas an Ballstát inniúil

1. *Comhoibreoidh údaráis inniúla nó institiúidí inniúla dhá Bhallstát nó níos mó agus féadfaidh siad nósanna imeachta sonracha agus teorainneacha ama sonracha a chomhaontú maidir le seiceáil leantach a dhéanamh ar staid an duine dhífhostaithe chomh maith le bearta eile lena n-éascófaí gníomhaíochtaí cuardaithe poist na ndaoine dífhostaithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstát seachas an Ballstát inniúil.*
2. *Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann go mbeidh rochtain i ngach ceann dá gcríocha ag na daoine dífhostaithe dá dtagraítear in Airteagal 65 den bhun-Rialachán ar an líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), agus ar na seirbhísí tacaíochta i réigiúin trasteorann, i gcás ina mbeidh fáil orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.*

* *Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/589/oj>).’;*

(27) in Airteagal 57, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Forálacha maidir le hAirteagail 60a, 61, 62, 64 agus 65 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le daoine a chumhdaítear le scéim speisialta do státseirbhísigh’;

(28) in Airteagal 64(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fleisce:

‘ - leis an innéacs ($i = 1, 2, 3$ agus 4) léirítear na ceithre aoisghrúpa a úsáidtear chun na méideanna socraithe a ríomh:

$i = 1$: daoine faoi bhun 65 bliana d’aois,

$i = 2$: daoine idir 65 bliana agus 74 bliana d’aois,

$i = 3$: daoine idir 75 bliana agus 84 bliana d’aois,

$i = 4$: daoine 85 bliana d’aois agus os a cionn,’;

(29) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 65:

‘Airteagal 65

Fógra a thabhairt faoi mheánchostais bhliantúla

1. Tabharfar fógra faoin meánchostas bliantúil in aghaidh an duine i ngach aoisghrúpa do bhliain shonrach don Bhord Iniúchóireachta tráth nach déanaí ná deireadh an dara bliain tar éis na bliana a bheidh i gceist.
2. Na meánchostais bhliantúla a dtabharfar fógra fúthu de bhun mhír 1, foilseofar gach bliain in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* iad, tar éis a bhformheasta ag an gCoimisiún Riaracháin.
3. I gcás nach bhfuil Ballstát in ann fógra a thabhairt faoi na meánchostais bhliantúla le haghaidh bliain ar leith faoin spriocdháta dá dtagraítear i mír 1, iarrfaidh sé, faoin spriocdháta céanna, údarú ar an gCoimisiún Riaracháin agus ar an mBord Iniúchóireachta úsáid a bhaint as meánchostais bhliantúla an Bhallstáit sin arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* don bhliain roimh an mbliain shonrach a bhfuil fógra gan íoc ina leith. Agus údarú den sórt sin á iarraidh aige, tá sé de cheangal ar an mBallstát fáthanna a chur lena neamhábaltacht fógra a thabhairt faoi mheánchostais bhliantúla na bliana i dtrácht. Má dhéanann an Coimisiún Riaracháin, tar éis dó tuairim an Bhoird Iniúchóireachta a bhreithniú, iarraidh an Bhallstáit a fhormheas, déanfar na meánchostais bhliantúla don bhliain roimh an mbliain a bhfuil fógra gan íoc ina leith a fhoilsiú arís in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
4. Ní dhéanfar údarú de bhun mhír 3 a dheonú dhá bhliain as a chéile.’;

(30) in Airteagal 66, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Na haisíocaíochtaí idir institiúidí na mBallstát, dá bhforáiltear in Airteagal 35 agus in Airteagal 41 den bhun-Rialachán, déanfar tríd an gcomhlacht idirchaidrimh iad. D’fhéadfaí go mbeadh comhlacht idirchaidrimh ar leithligh ann d’aisíocaíochtaí faoi Airteagal 35 agus Airteagal 41 den bhun-Rialachán. D’fhéadfaí éilimh fhrithpháirteacha a fhrihchúiteamh idir na comhlachtaí idirchaidrimh.’;

(31) leasaítear Airteagal 67 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir le hAirteagal 6(5), an dara fomhír, agus le hAirteagal 73(2) den Rialachán cur chun feidhme, ní chuirfear tús leis an tréimhse a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo go dtí go ndéanfar an institiúid inniúil a aithint.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. I gcásanna nach féidir teacht ar shocrú laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 6, éascóidh an Bord Iniúcháireachta dúnadh críochnaitheach na gcuntas, agus ar iarraidh réasúnaithe ó cheann de na páirtithe, tabharfaidh sé a thuairim uaidh maidir le haon díospóid laistigh de 9 mí tar éis na míosa ar tarchuireadh an t-ábhar dó.’;

(32) in *Airteagal 68, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*

‘2. *Déanfar an t-ús a ríomh ar bhonn an ráta tagartha a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe móide dhá phointe céatadán. Is é an ráta tagartha is infheidhme an ráta atá i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí a bhfuil an íocaíocht dlite.*’;

(33) scriostar Airteagal 70;

(34) in *Airteagal 72, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

‘1. *Mura bhforáiltear dá mhalairt in Airteagal 73 den Rialachán cur chun feidhme, má d’íoc institiúid Ballstáit sochair le duine nach raibh dlite dó, féadfaidh an institiúid sin, laistigh de na téarmaí agus de na teorainneacha a leagtar síos leis an reachtaíocht a chuireann sí i bhfeidhm, iarraidh ar institiúid aon Bhallstáit eile atá freagrach as sochair a íoc leis an duine lena mbaineann, an méid neamhdhlite a asbhaint ó riaráistí nó ó íocaíochtaí leanúnacha a dhlítear don duine lena mbaineann, gan beann ar an mbrainse slándála sóisialta faoina n-íoctar an sochar. Bainfidh an institiúid sin an méid atá i gceist faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha is infheidhme maidir leis an nós imeachta frithchúitimh sin i gcomhréir leis an reachtaíocht a chuireann sí i bhfeidhm, amhail is dá mba í féin a rinne an ró-íocaíocht, agus aistreoidh sí an méid a bhaintear chuig an institiúid a d’íoc na sochair neamhdhlite.*’;

(35) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 73:

‘Airteagal 73

Socrú sochar ***neamhdhlite in airgead tirim*** agus i gcomhchineál agus ranníocaíochtaí ■ i gcás athrú aisghníomhach ar an reachtaíocht is infheidhme ***nó i gcásanna eile nach raibh institiúid inniúil***

1. ***I gcás*** athrú aisghníomhach ar an reachtaíocht is infheidhme, lena n-áirítear cásanna dá dtagraítear in Airteagal 6(4) agus (5) den Rialachán cur chun feidhme, ***agus i gcásanna eile ina ndearna institiúid nach raibh inniúil*** sochair a íoc ***nó a sholáthar go míchuí nó ina bhfuair sí ranníocaíochtaí go míchuí, cuirfidh an institiúid sin*** ráiteas i dtoll a chéile faoin méid a íocadh ***nó a fuarthas*** agus seolfaidh sí é chuig an institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil chun críche aisíocaíochta, ***laistigh de 6 mhí ón uair a chinnfear an t-athrú ar an reachtaíocht is infheidhme nó ón uair a shainaithneofar an institiúid atá freagrach as na sochair a dheonú nó as na ranníocaíochtaí a fháil.***
2. Aisíocfaidh an institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil sochair chomhchineáil ■ i gcomhréir le ***hAirteagail 66 go 68*** den Rialachán cur chun feidhme.

3. An institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil as na sochair airgid thirim a íoc, asbhainfidh sí an méid a chaithfidh sí a aisíoc leis an institiúid nach raibh inniúil nó nach raibh inniúil ach go sealadach as riaráistí na sochar comhfhreagrach a dhlíonn sí leis an duine lena mbaineann agus aistreoidh sí **█** an méid a asbhaineadh chuig an institiúid dheireanach sin *gan mhoill*.

Más mó méid na sochar a íocadh go míchuí ná méid na riaráistí is infíoctha ag an institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil, nó murab ann do riaráistí, asbhainfidh an institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil an méid sin ó íocaíochtaí leanúnacha faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha **█** faoin reachtaíocht a chuireann sí i bhfeidhm agus aistreoidh sí, gan mhoill, an méid a asbhaineadh chuig an institiúid a d'íoc na sochair in airgead tirim go míchuí chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an institiúid sin.

4. An institiúid a fuair ranníocaíochtaí go míchuí ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ní aisíocfaidh sí na méideanna atá i gceist leis an duine a d'íoc iad go dtí go bhfionnfaidh an institiúid sin na méideanna atá i gceist ón institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil.

Arna iarraidh *sin* don institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil, iarraidh a dhéanfar trí mhí ar a mhéad tar éis di *an ráiteas i ndáil leis an méid a íocadh nó a fuarthas a fháil*, déanfaidh an institiúid a **█** fuair ranníocaíochtaí go míchuí *na ranníocaíochtaí sin* a chur chuig an institiúid atá aitheanta mar an institiúid a bhí inniúil don tréimhse sin chun críche an staid a shocrú maidir leis na ranníocaíochtaí a dhlíonn an duine nádúrtha nó dlítheanach di. Na ranníocaíochtaí a aistreofar, meastar gur íocadh na ranníocaíochtaí a aistríodh go haisghníomhach leis an institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil.

Más mó méid na ranníocaíochtaí a fuarthas go míchuí ná an méid a dhlíonn an duine nádúrtha nó dlítheanach don institiúid a shainaithnítear mar an institiúid atá inniúil, aisíocfaidh an institiúid a fuair na ranníocaíochtaí go míchuí an méid a ró-íocadh leis an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann, ***arna ríomh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.***

5. Ní foras bailí iad teorainneacha ama arb ann dóibh faoin reachtaíocht náisiúnta chun diúltú éilimh a shocrú idir institiúidí faoin Airteagal seo.
6. ***I gcás nós imeachta faoi Airteagal 5(5) nó faoi Airteagal 6(3) den Rialachán cur chun feidhme***, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le héilimh **█** atá níos sine ná 36 mhí ar an dáta ar cuireadh tús leis **█** ***an*** nós imeachta.
7. ***Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó comhaontú maidir le forálacha agus le nósanna imeachta sonracha atá éagsúil ó na forálacha agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear i mír 1 go mír 6 den Airteagal seo, agus i ndáil le sochair chomhchineáil, féadfaidh siad Airteagal 35(3) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, ar an gcoinníoll nach mbeidh na daoine lena mbaineann thíos leis.***
8. ***Déanfaidh an Coimisiún Riaracháin socrúithe mionsonraithe a leagan síos maidir leis an Airteagal sin a chur i bhfeidhm.***’;

(36) *leasaítear Airteagal 75 mar a leanas:*

(a) *i mír 1, cuirtear an fleasc seo a leanas leis:*

‘ *ciallaíonn ‘an dáta ar a bhfuil an t-éileamh dlite’ an dáta faoinar cheart go mbeadh an fiachas íoctha i gcomhréir le reachtaíocht Bhallstát an pháirtí iarrthaigh.’;*

(b) *scriostar mír 3;*

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. I gcás ina mbaineann aisíoc ranníocaíochtaí slándála sóisialta le duine atá ina chónaí nó ag fanacht i mBallstát eile, féadfaidh Ballstát an aisíoca, *i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Rialachán cur chun feidhme*, an Ballstát cónaithe nó an Ballstát fanachta a chur ar an eolas faoi aisíoc atá beartaithe, gan iarraidh a bheith *faighte aige roimh ré* chun *é a dhéanamh*.’;

(37) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 77:*

‘Airteagal 77

Fógra a thabhairt

1. *Arna iarraidh sin don pháirtí iarrthach agus i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm maidir le fógra a thabhairt faoi ionstraimí nó cinntí comhchosúla ina Bhallstát féin, tabharfaidh an páirtí iarrtha fógra don seolaí faoi na hionstraimí uile agus faoi na cinntí uile, lena n-áirítear ionstraimí agus cinntí de chineál breithiúnach a thagann ó Bhallstát an pháirtí iarrthaigh agus a bhaineann le héileamh nó lena ghnóthú.*
2. *In éineacht leis an iarraidh ar fhógra beidh foirm chaighdeánach ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad mar aon leis an ionstraim nó an cinneadh a bhfuil fógra le tabhairt ina leith:*
 - (a) *ainm, seoladh, agus sonraí eile atá ábhartha do shainaithint an tseolaí;*
 - (b) *cuspoir an fhógra agus an tréimhse a bhfuil an fógra le tabhairt lena linn;*
 - (c) *tuairisc ar an ionstraim nó ar an gcinneadh a bhfuil fógra le tabhairt ina leith agus ar chineál agus méid an éilimh lena mbaineann;*
 - (d) *ainm, seoladh agus sonraí teagmhála eile maidir leis an méid seo a leanas:*
 - (i) *an oifig atá freagrach as an ionstraim nó ar an gcinneadh a bhfuil fógra le tabhairt ina leith , agus;*
 - (ii) *i gcás nach í an oifig dá dtagraítear i bpointe (i), an oifig ónar féidir faisnéis bhreise a fháil faoin bhfógra nó faoin nós imeachta atá ann chun an oibleagáid íocaíochta a chonspóid.*

3. *Cuirfidh an páirtí iarrtha an páirtí iarrthach ar an eolas gan mhoill faoin ngníomhaíocht a rinneadh mar thoradh ar a iarraidh ar fhógra agus, go háirithe, faoin dáta a cuireadh an cinneadh nó an ionstraim ar aghaidh chuig an seolaí.*
4. *Ní dhéanfaidh an páirtí iarrthach iarraidh ar fhógra de bhun an Airteagail seo ach amháin i gcás nach bhfuil sé in ann fógra a thabhairt ar dhóigh atá i gcomhréir leis na rialacha maidir le fógra a thabhairt faoin doiciméad lena mbaineann ina Bhallstát féin, nó i gcás ina dtiocfadh deacrachtaí díreireacha as fógra a thabhairt ar an dóigh sin.*
5. *Áiritheoidh an páirtí iarrtha go dtugtar fógra i mBallstát an pháirtí iarrtha atá i gcomhréir leis na dlíthe, na rialacháin agus na cleachtais riaracháin náisiúnta atá i bhfeidhm i mBallstát an pháirtí iarrtha.*
6. *Beidh mír 5 gan dochar d'aon chineál eile fógra arna thabhairt ag údarás de chuid Bhallstát an pháirtí iarrthaigh i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm sa Bhallstát sin. Féadfaidh údarás de chuid Ballstát an pháirtí iarrthaigh fógra a thabhairt go díreach faoi aon doiciméad, trí phost cláráithe nó leictreonach a sheoladh chuig duine laistigh de chríoch Ballstáit eile.';*

(38) leasaítear Airteagal 78 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Arna iarraidh sin don pháirtí iarrthach, gnóthóidh an páirtí iarrtha éilimh atá faoi réir ionstraim lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh. Beidh ag gabháil le gach iarraidh ar ghnóthú ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear forghníomhú do Bhallstát an pháirtí iarrtha.

(b) i mír 2, scriostar pointe (b);

- c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:
- “3. Sula ndéanfaidh an páirtí iarrthach iarraidh ar ghnóthú, ba cheart nósanna imeachta iomchuí um ghnóthú atá le fáil i mBallstát an pháirtí iarrthaigh a chur i bhfeidhm, ach amháin sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás inar follas nach bhfuil aon sócmhainní le gnóthú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh nó nach ndéanfaí an t-éileamh iomlán a íoc mar thoradh ar na nósanna imeachta sin agus go bhfuil faisnéis shonrach ag an bpáirtí iarrthach a thugann le fios go bhfuil sócmhainní ag an duine lena mbaineann i mBallstát an pháirtí iarrtha;
- (b) i gcás ina dtiocfadh deacracht dhíréireach as dul i muinín nósanna imeachta dá leithéidí i mBallstát an pháirtí iarrthaigh.

I gcás ina bhfaigheann páirtí iarrtha iarraidh ar ghnóthú ó pháirtí iarrthach, cuirfidh an páirtí iarrthach ar fáil, arna iarraidh sin don pháirtí iarrtha, pé faisnéis bhreise ba ghá a bheith ag an bpáirtí iarrtha i dtaca leis an éileamh ar ghnóthú. Ní cheanglófar ar an bpáirtí iarrthach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 76(3) den Rialachán cur chun feidhme a sholáthar.

4. *Beidh dearbhú ón bpáirtí iarrthach san iarraidh ar ghnóthú freisin, lena ndaingnítear gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 agus i mír 3.’;*

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Féadfaidh doiciméid eile a bhaineann leis an éileamh a eisíodh i mBallstát an pháirtí iarrthaigh a bheith ag gabháil leis an iarraidh ar éileamh a ghnóthú.’;

(39) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 79 go 82:

‘Airteagal 79

Ionstraim lena gceadaítear an gnóthú a fhorghníomhú

1. San ionstraim lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh, beidh sí ina léiriú ar **ábhar substainteach** na hionstraime tosaigh lena gceadaítear forghníomhú, agus is í an ionstraim sin amháin **a bheidh** mar bhonn le bearta um ghnóthú agus bearta réamhchúraim arna ndéanamh i mBallstát an pháirtí iarrtha. Ní bheidh an ionstraim faoi réir aon ghnímh arb é is aidhm dó an ionstraim sin a aithint, a fhorlíonadh ná a athsholáthar sa Bhallstát sin.

2. Áireofar an méid seo a leanas san ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear forghníomhú:
- (a) ainm, seoladh agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le sainaitheint an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh lena mbaineann nó leis an tríú páirtí a bhfuil a shócmhainní ina seilbh aige nó a sócmhainní ina seilbh aici;
 - (b) ainm, seoladh agus aon fhaisnéis ábhartha eile maidir leis an oifig atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar an éileamh, agus, murab ionann í, an oifig ónar féidir faisnéis bhreise a fháil faoin éileamh nó faoi na féidearthachtaí atá ann na hoibleagáidí íocaíochta a chonspóid;
 - (c) faisnéis atá ábhartha chun an ionstraim a shainaithint lena gceadaítear a forghníomhú, arna heisiúint i mBallstát an pháirtí iarrthaigh;
 - (d) cur síos ar an éileamh, lena n-áirítear cineál an éilimh, an tréimhse a chumhdaítear leis an éileamh, ***an dáta a bhfuil an t-éileamh dlite agus aon dátaí eile*** atá ábhartha maidir leis an bpróiseas forghníomhaithe, agus méid an éilimh, lena n-áirítear an phríomhshuim, ***an*** t-ús, fíneálacha, pionóis riaracháin agus na muirir agus na costais ar fad eile atá dlite arna léiriú in airgeadraí Bhallstáit an pháirtí iarrthaigh agus an pháirtí iarrtha;

- (e) an dáta ar thug an páirtí iarrthach nó an páirtí iarrtha fógra faoin ionstraim don seolaí;
- (f) an dáta ónar féidir agus an tréimhse inar féidir forghníomhú a dhéanamh faoi na dlíthe atá i bhfeidhm i mBallstát an pháirtí iarrthaigh;
- (g) aon fhaisnéis ábhartha eile. ■

Airteagal 80

Socruithe iocaíochta agus na spriocdhátaí

- 1. Déanfar éilimh a ghnóthú in airgeadra Bhallstát an pháirtí iarrtha. Faoi réir Airteagal 85(1a), déanfaidh an páirtí iarrtha iomlán an éilimh a íoc a gheobhaidh sé ón bpáirtí iarrthach.***

Agus méid an éilimh á íoc aige leis an bpáirtí iarrthach, cuirfidh an páirtí iarrtha faisnéis ábhartha ar fáil freisin a bhaineann le sainiú an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 79(2) den Rialachán cur chun feidhme.

2. *Féadfaidh an páirtí iarrtha, i gcás ina gceadóidh na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin atá i bhfeidhm ina Bhallstát féin amhlaidh, am a thabhairt don fhéichiúnaí íocaíocht a dhéanamh nó íocaíocht i dtráthchodanna a údarú. Aon ús a ghearrfaidh an páirtí iarrtha i leith an ama bhreise sin don íocaíocht, tarchuirfear chuig an bpáirtí iarrthach é freisin. Cuirfidh an páirtí iarrtha cinneadh den chineál sin in iúl don pháirtí iarrthach.*

Ón dáta a gheofar an iarraidh ar ghnóthú, gearrfaidh an páirtí iarrtha ús as íocaíocht dhéanach i gcomhréir leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin atá i bhfeidhm i mBallstát an pháirtí iarrtha.

Airteagal 81

Conspóid maidir leis an éileamh nó leis an ionstraim lena gceadaítear a ghnóthú a fhorghníomhú agus conspóid a bhaineann leis na bearta um fhorghníomhú

1. *Más rud é, le linn nós imeachta um ghnóthú, go gconspóideann páirtí leasmhar an t-éileamh, an ionstraim thosaigh lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh, an ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrtha nó bailíocht fógra a thug údarás i mBallstáit an pháirtí iarrthaigh, déanfaidh an páirtí leasmhar sin an chaingean a chur faoi bhráid údarás iomchuí Bhallstát an pháirtí iarrthaigh, i gcomhréir leis na dlíthe atá i bhfeidhm sa Bhallstát sin. Tabharfaidh an páirtí iarrthach fógra gan mhoill don pháirtí iarrtha faoin ngníomhaíocht sin. Féadfaidh an páirtí leasmhar an páirtí iarrtha a chur ar an eolas faoin gcaingean seo freisin.*

2. *A luaithe a gheobhaidh an páirtí iarrtha an fógra nó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, ón bpáirtí iarrthach nó ón bpáirtí leasmhar, cuirfidh sé an nós imeachta um fhorghníomhú ar fionraí go dtí go ndéanfaidh an t-údarás atá inniúil san ábhar cinneadh, ach amháin má dhéanann an páirtí iarrthach iarratas ar ghnóthú an éilimh i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo. Gan dochar d’Airteagal 84 den Rialachán cur chun feidhme, féadfaidh an páirtí iarrtha bearta réamhchúraim a dhéanamh chun gnóthú an éilimh a ráthú a mhéid a cheadaíonn na dlíthe nó na rialacháin atá i bhfeidhm ina Bhallstát an chaingean sin i gcás éilimh chomhchosúla.*

D’ainneoin na chéad fhomhíre, féadfaidh an páirtí iarrthach, i gcomhréir leis na dlíthe, na rialacháin agus na cleachtais riaracháin atá i bhfeidhm ina Bhallstát féin, iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an pháirtí iarrtha chun éileamh atá á chonspóid a ghnóthú, a mhéid a fhoráiltear leis na dlíthe, na rialacháin agus na cleachtais riaracháin ábhartha atá i bhfeidhm i mBallstát an pháirtí iarrtha don chaingean sin. Má bhíonn toradh na conspóide fabhrach don fhéichiúnaí ina dhiaidh sin, beidh an páirtí iarrthach faoi dhliteanas i leith aisíoc aon suimeanna a gnóthaíodh, mar aon le haon chúiteamh atá dlite, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm i mBallstát an pháirtí iarrtha.

3. *I gcás ina mbaineann an chonspóid le bearta um fhorghníomhú a rinneadh i mBallstát an pháirtí iarrtha nó le bailíocht an fhógra a thug údarás de chuid an pháirtí iarrtha, cuirfear an chaingean faoi bhráid údarás iomchuí an Bhallstáit sin i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin.*

Airteagal 81a

Tarraingtí siar agus leasuithe

1. *Cuirfidh an páirtí iarrthach an páirtí iarrtha ar an eolas faoi aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar a iarraidh ar ghnóthú nó faoi tharraingt siar a hiarratas, agus luafaidh sé fáthanna atá le leasú nó tarraingt siar den sórt sin.*
2. *Má tá an leasú ar an iarraidh bunaithe ar chinneadh ón údarás iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 81(1), cuirfidh an páirtí iarrthach an cinneadh in iúl don pháirtí iarrtha, in éineacht le hionstraim aonfhoirmeach athbhreithnithe lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrtha. Déanfaidh an páirtí iarrtha tuilleadh beart um ghnóthú ar bhonn na hionstraime leasaithe.*

Maidir le bearta um ghnóthú nó beartú réamhchúraim a rinneadh cheana ar bhonn na hionstraime aonfhoirmí bunaidh lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrtha, féadfar leanúint díobh ar bhonn na hionstraime leasaithe, ach amháin más é is cúis le leasú na hiarrata neamhbhailíocht na hionstraime tosaigh lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh nó neamhbhailíocht na hionstraime aonfhoirmí bunaidh lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrtha.

Beidh feidhm ag Airteagail 79 agus 81 maidir leis an ionstraim leasaithe.

3. *Má leasaítear an iarraidh ar aon chúis eile nach í an chúis dá dtagraítear i mír 2 agus má áirítear le leasú den sórt sin laghdú ar mhéid an éilimh, leanfaidh an páirtí iarrtha le haon bhearta um ghnóthú nó le haon bhearta réamhchúraim a rinneadh cheana, ach siad teoranta do mhéid an éilimh atá fós le híoc.*

Airteagal 82

Teorainneacha a bhfuil feidhm acu maidir le cúnamh

1. *Gan dochar dá inniúlacht an cúnamh sin a sholáthar, ní cheanglófar a leanas ar an bpáirtí iarrtha:*
 - (a) *an cúnamh dá bhforáiltear in Airteagail 78 go 81 den Rialachán cur chun feidhme a dheonú más rud é, de bharr staid an fhéichiúnaí, go gcothódh gnóthú an éilimh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialacha i mBallstát an pháirtí iarrtha, a mhéid a cheadaíonn dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin atá i bhfeidhm i mBallstát an pháirtí iarrtha an chaingeán sin i gcás éileamh náisiúnta den tsamhail chéanna;*
 - (b) *an cúnamh dá bhforáiltear in Airteagail 76 go 81 den Rialachán cur chun feidhme a dheonú, má tá feidhm ag an iarraidh tosaigh Airteagail 76, 77 nó 78 den Rialachán cur chun feidhme maidir le héilimh atá níos sine ná cúig bliana, ón dáta a bhfuil an t-éileamh dlite i mBallstát an pháirtí iarrthaigh go dtí dáta na hiarrata tosaigh ar chúnamh.*

Maidir le pointe (b), má dhéantar an t-éileamh nó an ionstraim thosaigh lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh a chonspóid, tosóidh an tréimhse 5 bliana ón dáta nach féidir an t-éileamh ná an ionstraim lena gceadaítear gnóthú a chonspóid

Sa bhreis air sin, i gcás ina nglacann údaráis Bhallstát an pháirtí iarrthaigh le spriocdháta na híocaíochta a chur siar nó le plean tráthchodanna, tosóidh an tréimhse 5 bliana an dáta a chríochnaíonn an tréimhse íocaíochta ina hiomláine.

Mar sin féin, sna cásanna sin ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpáirtí iarrtha cúnamh a dheonú maidir le héilimh is sine ná deich mbliana, arna ríomh ó dháta dlíthe an éilimh i mBallstát an pháirtí iarrthaigh.

2. *Cuirfidh an páirtí iarrtha an páirtí iarrthach ar an eolas faoin gcúis ar diúltaíodh iarraidh ar chúnamh.”;*

(40) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 84:

“Airteagal 84

Bearta réamhchúraim

1. Ar iarraidh réasúnaithe ón bpáirtí iarrthach, déanfaidh an páirtí iarrtha bearta réamhchúraim i gcomhréir leis an *dlí náisiúnta agus* leis an gcleachtas riaracháin náisiúnta atá i bhfeidhm ina Bhallstát, chun gnóthú a áirithiú i gcás ina gconspóidtear éileamh nó an ionstraim lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh tráth a dhéantar an iarraidh, nó i gcás nach bhfuil an t-éileamh fós faoi réir ionstraim lena gceadaítear forghníomhú i mBallstát an pháirtí iarrthaigh, *a mhéid a bheadh* bearta réamhchúraim *indéanta freisin*, i gcás comhchosúil, faoi dhlí náisiúnta agus faoi chleachtais riaracháin Bhallstát an pháirtí iarrthaigh.

Más ann dó, an doiciméad a tarraingíodh suas lena gceadaítear bearta réamhchúraim i mBallstát an pháirtí iarrthaigh agus a bhaineann leis an éileamh a bhfuil cúnamh frithpháirteach á iarraidh ina leith, beidh sé ag gabháil leis an iarraidh ar bhearta réamhchúraim i mBallstát an pháirtí iarrthaigh. Ní bheidh an doiciméad sin faoi réir aon ghnímh arb é is aidhm dó an doiciméad sin a aithint, a fhorlíonadh ná a athsholáthar i mBallstát an pháirtí iarrthaigh.

2. Féadfaidh doiciméid eile a bhaineann leis an éileamh, arna n-eisiúint i mBallstát an pháirtí iarrthaigh, a bheith ag gabháil leis an iarraidh ar bhearta réamhchúraim.
3. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo a chur chun feidhme, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagail 78, 79, 81 agus 82 den Rialachán *cur chun feidhme.*”;

(41) in Airteagal 85, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Gnóthóidh an páirtí iarrtha ón duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann agus coinneoidh sé aon chostais a thabhaíonn sé atá nasctha le gnóthú, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin a bhfuil feidhm acu maidir le héilimh chomhchosúla i mBallstát an pháirtí iarrtha.

*1a. I gcás nach féidir na costais a bhaineann leis an ngnóthú a ghnóthú ón bhféichiúnaí sa bhreis ar mhéid an éilimh, asbhainfear **na costais sin** ó aon mhéid a gnóthaíodh **go hiarbhír**, nó mura bhfuil sin indéanta, aisíocfaidh an páirtí iarrthach iad. Féadfaidh an **páirtí** iarrthach agus an **páirtí** iarrtha teacht ar chomhaontú maidir le socrú aisíocaíochta a bhaineann go sonrach leis an gcás, nó **féadfaidh siad a chomhaontú aisíocaíocht na gcostas sin a tharscaoileadh.**’;*

(42) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 85a

Láithreach in oifigí riaracháin agus rannpháirtíocht i bhfiosrúcháin riaracháin

1. Trí chomhaontú idir an páirtí iarrthach agus an páirtí iarrtha agus i gcomhréir leis na socruithe arna leagan síos ag an bpáirtí iarrtha, féadfaidh oifigigh atá údaraithe ag an bpáirtí iarrthach, d’fhonn an cúnamh frithpháirteach dá bhforáiltear sa Roinn seo:
 - (a) a bheith i láthair sna hoifigí ina ndéanann údaráis riaracháin Bhallstát an pháirtí iarrtha a gcuid dualgas;
 - (b) a bheith i láthair le linn fiosrúcháin riaracháin a dhéantar ar chríoch Bhallstát an pháirtí iarrtha;
 - (c) cúnamh a thabhairt d’oifigigh inniúla Bhallstát an pháirtí iarrtha le linn imeachtaí cúirte sa Bhallstát sin.
2. A mhéid is ceadmhach faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm i mBallstát an pháirtí iarrtha, féadfar foráil a dhéanamh leis an gcomhaontú dá dtagraítear i mír 1 d’oifigigh Bhallstát an pháirtí iarrthaigh daoine aonair a chur faoi agallamh agus taifid a scrúdú.
3. Beidh ag oifigigh atá údaraithe ag an bpáirtí iarrthach, agus iad ag gníomhú de bhun mhír 1 nó 2, údarás i scríbhinn lena ndearbhaítear cé hiad agus cén cháil oifigiúil atá acu.”;

(43) scriostar Airteagal 86;

(44) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 86a

An chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

1. *Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na nósanna imeachta a bhaineann le ghnóthú a shonrú tuilleadh. Bunófar, leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, an méid seo a leanas:*

- (a) *socruithe praiticiúla is gá chun an roinn seo a chur i bhfeidhm i dtaca le faisnéis agus doiciméid nó cinntí a sheoladh go leictreonach chuig an duine lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 4;*
- (b) *formáid na hionstraime aonfhoirmí dá dtagraítear in Airteagal 79;*
- (c) *an fhaisnéis nach mór don pháirtí iarrtha a thabhairt don pháirtí iarrthach maidir leis an dul chun cinn reatha nó maidir le toradh na hiarrata agus an creat ama is infheidhme i dtaca leis an méid sin;*
- (d) *na bearta nach mór do na hinstitiúidí a ghlacadh lena mbaineann i gcás ina ndéantar leasú nó tarraingt siar ar éileamh is ábhar don iarraidh ar ghnóthú;*
- (e) *tuilleadh rialacha mionsonraithe is gá chun Airteagal 75(2), Airteagail 76, 77, 78, 79, 80 agus 81, Airteagal 82(1), Airteagal 83(1), an dara fomhír, agus Airteagail 84, 85 agus 85a a chur chun feidhme; agus*
- (f) *íostairseach a chinneadh maidir leis na suimeanna dar féidir iarraidh ar ghnóthú a dhéanamh.*

2. *Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88c(2) den bhun-Rialachán.*’;

(45) leasaítear Airteagal 87 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4 Beidh feidhm freisin ag míreanna 2 agus 3 le linn a chinneadh nó a sheiceáil a spleáiche atá faighteoir nó éilitheoir na sochar cúraim fhadtéarmaigh sin dá dtagraítear in Airteagal 1(vb) den bhun-Rialachán.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Mar eisceacht ó phrionsabal an chomhair riaracháin fhrithpháirtigh shaor in aisce atá in Airteagal 76(2) den bhun-Rialachán, déanfaidh an institiúid fhiachach, a d'iarr ar an institiúid na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 go 5 den Airteagal seo a dhéanamh, glanmhéid an chaiteachais a bhí i gceist leis na seiceálacha sin a aisíoc leis an institiúid ar iarradh uirthi iad a dhéanamh. Ach má úsaideann an institiúid ar iarradh uirthi an tseiceáil a dhéanamh na cinntí chun sochair a dheonú *ar a cuntas féin* don duine lena mbaineann faoin reachtaíocht a chuireann sí i bhfeidhm, ní éileoidh sí na speansais dá dtagraítear san abairt roimhe seo. ■ ”;

(46) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 87a

Meastóireacht

Faoi [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama dá dtagraítear i dTeideal II den Rialachán cur chun feidhme agus ar chur chun feidhme na rialacha in Airteagal 14(5a) den Rialachán sin.

Ina meastóireacht déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin an iomchuí raon feidhme na sochar cúraim fhadtéarmaigh a leathnú de bhun an bhun-Rialacháin chun sochair a bhaineann leis an obair a chumhdach.

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ina leagfar amach torthaí a mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.’

(47) in Airteagal 89, scriostar mír 3;

(48) scriostar Airteagal 92;

(49) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 93:

“Airteagal 93

Forálacha idirthréimhseacha

Beidh feidhm ag Airteagail 87, 87a agus 87b den bhun-Rialachán maidir leis na cásanna a chumhdaítear leis an Rialachán cur chun feidhme.”;

(50) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

“Airteagal 94a

Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le sochair dhífhostaíochta

1. Leanfaidh Airteagail 56 agus 70 agus Iarscríbhinn 5, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], d’fheidhm a bheith acu ***maidir le sochair dhífhostaíochta ar ina leith a chuirtear iarratais isteach*** roimh na dátaí ábhartha cur i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 97, an dara mír, pointe (2), agus an tríú mír agus an ceathrú mír.

.

2. *Leanfaidh Airteagal 73, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe], d'fheidhm a bheith aige maidir le socrálocháí éileamh ar cuireadh tús leo roimh ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe].*
3. *Leanfaidh Roinn 3 de Chaibidil III de Theideal IV, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe], d'fheidhm a bheith aici maidir le hiarrataí agus conspóidí a dhéanfar roimh an ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe].”;*

(51) leasaítear Airteagal 96 mar a leanas:

(a) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Mar sin féin, cé is moite d’Airteagal 107, fanfaidh Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 i bhfeidhm agus leanfaidh sé d’éifeacht dhlíthiúil a bheith aige chun na gcríoch seo a leanas: ■’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“**1a** Chun críocha na reachtaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, is le hAirteagal 90 a rialófar na rialacha maidir le comhshó airgeadra. ■”

(52) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 97:

‘Airteagal 97

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Foilseofar an Rialachán seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2010.

D'ainneoin na chéad mhíre, beidh feidhm ag na dátaí cur i bhfeidhm seo a leanas:

(1) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, sa leagan a bheidh i bhfeidhm ón ... [dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], ón dáta sin:

- (a) Airteagal 1(2);
- (b) Airteagal 2(2a), (5) agus (6);
- (c) Airteagal 3(3);
- (d) Airteagal 19(2) agus (3);
- (e) Airteagal 26(4);
- (f) Airteagal 43(3);
- (g) Airteagal 65;
- (h) Airteagal 66(2);
- (i) Airteagal 68(2);
- (j) Airteagal 75(1), (3) agus (4);
- (k) Airteagail 85a, 86 agus 86a;
- (l) Airteagal 87(4) agus (6);
- (m) Airteagal 87c;
- (n) Airteagal 89(3);
- (o) Airteagail 92 agus 93 agus 94a;
- (p) Airteagal 96(1) agus (1a);
- (q) Iarscríbhinn 1;

- (2) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, sa leagan a bheidh i bhfeidhm ón ...
[dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], ón ... [24 mhí ó dháta theacht
i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh]:
- (a) Airteagal 5(2) go (5);
 - (b) Airteagal 14(1), (1a), (3), (5a), (10) agus (12);
 - (c) Airteagal 15;
 - (d) Airteagal 16(1), (2), (3) agus (5);
 - (e) Airteagal 19a;
 - (f) Airteagal 20(3) agus (4);
 - (g) Airteagal 25(1) agus (3);
 - (h) Airteagal 31(2);
 - (i) Airteagal 32(1);
 - (j) Airteagal 54(1);
 - (k) Airteagal 54a;

- (l) Airteagal 55(1), (4), (5) agus (7);
 - (m) Airteagal 56(-1), (1) agus (3);
 - (n) Airteagal 56a;
 - (o) Airteagal 67(3) agus (7);
 - (p) Airteagal 70
 - (q) Airteagal 72(1);
 - (r) Airteagail 73 agus 77;
 - (s) Airteagal 78(1) go (4) agus (6);
 - (t) Airteagail 79 go 82 agus Airteagal 84;
 - (u) Airteagal 85(1) agus (1a);
 - (v) Iarscríbhinní 5 agus 6;
- (3) Airteagal 64, sa leagan a bheidh i bhfeidhm ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], beidh feidhm aige ón 1 Eanáir ... [an bhliain féilire tar éis na bliana féilire ina dtagann an Rialachán leasaitheach i bhfeidhm].

D'anneoin an dara mír, pointí (1) agus (2), maidir le daoine a raibh Lucsamburg ar an mBallstát inniúil ina leith le linn a ngníomhaíochtaí is deireanaí mar dhuine féinfhostaithe, beidh feidhm ag Airteagail 56 agus 70 agus Iarscríbhinn 5, sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh], go dtí an ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh]. Le linn na tréimhse ama sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 56a maidir le Lucsamburg.

Féadfaidh Lucsamburg, , fógra a thabhairt don Choimisiún gur gá an tréimhse ama dá dtagraítear sa tríú mír a fhadú go dtí an ...[7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh]. Tabharfar fógra maidir le fadú den sórt sin in am réasúnach roimh dheireadh na tréimhse ama a leagtar amach sa tríú mír. Foilseofar an fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

- (53) leasaítear na *hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.*

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an chéad lá *den mhí* tar éis *dháta* a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna ndéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Leasuithe ar iarscríbhinní Rialachán (CE) Uimh. 883/2004

Leasaítear ***na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 mar a leanas:***

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) ***cuirtear an roinn seo a leanas isteach i ndiaidh na roinne “AN
BHULGÁIR”:***

“AN tSEICIA

***Réamhíocaíochtaí Cothabhála de réir an Achta um Réamhíocaíochtaí
Cothabhála (Uimh. 588/2020 Coll.)”;***

(ii) ***cuirtear an roinn seo a leanas in ionad na roinne “AN EASTÓIN”:***

“AN EASTÓIN

***Liúntais chothabhála faoin Acht um Shochair Teaghlaigh an 1 Eanáir
2017”;***

- (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN tSLÓVAIC”:

“AN tSLÓVAIC

Ailiúnas Ionaíd dá bhforáiltear faoi Acht Uimh. 201/2008 Coll. arna leasú”;

- (iv) cuirtear an roinn seo a leanas in ionad na roinne “AN tSUALAINN”:

“AN tSUALAINN

Tacaíocht chothabhála (Caibidlí 17-19 den Chód Árachais Shóisialta)
(2010:110);”;

- (b) leasaítear Cuid II mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN LIOTUÁIN”:

“AN LIOTUÁIN

*Íocaíochtaí Cothabhála Leanaí faoin Dlí maidir le hÍocaíochtaí
Cothabhála Leanaí;*”;

- (ii) scriostar an roinn “AN UNGÁIR”;

- (iii) *Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN PHOLAINN”:*

“AN PHOLAINN

*Deontas aon íocaíochta breithe (An Gníomh um Shochair
Theaghlaigh)*

*Sochar aon uaire ar bhreith linbh ar diagnóisíodh go bhfuil míchumas
tromchúiseach nó doleigheasta air nó uirthi, nó tinneas neamh-
inchóireála ina bhagairt ar a bheatha nó a beatha, ar míchumas nó
tinneas sin arna thionscnamh sa bhroinn nó le linn don leanbh teacht
ar an saol;”;*

- (iv) scriostar an roinn “AN RÓMÁIN”;

- (v) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN tSLÓVAIC”:*

“AN tSLÓVAIC

Liúntas breithe;”;

- (vi) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN
FHIONLAINN”:*

*‘Pacáiste máithreachais, deontas agus cúnamh cnapshuime
máithreachais i bhfoirm cnapshuime atá ceaptha chun an costas as
uchtú idirnáisiúnta a chúiteamh de bhun Gníomh an Deontais
Máithreachais (477/1993);”;*

(vii) cuirtear an roinn seo a leanas léi:

“AN tSUALAINN

Liúntas uchtála (Caibidil 21 den Chód Árachais Shóisialta (2010:110)).”;

(2) **■ Leasaítear** Iarscríbhinn II *mar a leanas*:

(a) scriostar na ranna “AN DANMHAIRG-AN FHIONLAINN” agus “AN DANMHAIRG-AN tSUALAINN”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN GHEARMÁIN-AN OSTAIR”:

“AN GHEARMÁIN-AN OSTAIR

Airteagal 14(2)(g), (h), (i) agus (j) de Choinbhinsiún an 4 Deireadh Fómhair 1995 maidir le slándáil shóisialta (inniúlachtaí a chinneadh idir an dá thír i dtaca le cásanna árachais roimhe seo agus le tréimhsí árachais arna bhfáil); leanfaidh cur i bhfeidhm na forála sin de bheith teoranta do na daoine a chumhdaítear léi.”

(c) scriostar na ranna “AN SPÁINN-AN PHORTAINGÉIL” agus “AN FHIONLAINN-AN tSUALAINN”;

- (3) in Iarscríbhinn III, scriostar na ranna “AN EASTÓIN”, “AN SPÁINN”, “AN CHRÓIT”, “AN IODÁIL”, “AN LIOTUÁIN”, “AN UNGÁIR”, “AN ÍSILTÍR”, “AN FHIONLAINN” agus “AN tSUALAINN”.
- (4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:
- (a) cuirtear an roinn “AN EASTÓIN” isteach i ndiaidh “AN GHEARMÁIN”;
 - (b) cuirtear an roinn “AN LAITVIA” isteach i ndiaidh “AN CHIPIR”;**
 - (c) cuirtear an roinn “AN LIOTUÁIN” isteach i ndiaidh “AN LAITVIA”;
 - (d) cuirtear an roinn “MÁLTA” isteach i ndiaidh “AN UNGÁIR”;
 - (e) cuirtear an roinn “AN PHORTAINGÉIL” isteach i ndiaidh “AN PHOLAINN”;
 - (f) cuirtear an roinn “AN RÓMÁIN” isteach i ndiaidh “AN PHORTAINGÉIL”;
 - (g) cuirtear an roinn “AN tSLÓVAIC” isteach i ndiaidh “AN tSLÓIVÉIN”
 - (h) cuirtear an roinn “AN FHIONLAINN” isteach i ndiaidh “AN tSLÓVAIC”;
 - (i) cuirtear an roinn “AN RÍOCHT AONTAITHE” isteach i ndiaidh “AN tSUALAINN”;

(5) *in Iarscríbhinn VI, scriostar an roinn “AN FHIONLAINN”;*

(6) *in Iarscríbhinn VIII, leasaítear Cuid I mar a leanas:*

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN LIOTUÁIN”:*

“AN LIOTUÁIN

Gach iarratas ar phinsin bhaintrí / bhaintrí fir árachais shóisialta arna ríomh ar bhonn mhéid bunúsach an phinsin baintrí / baintrí fir (An Dlí maidir le Pinsin Árachais Shóisialta).”;

(b) *sa roinn “AN OSTAIR”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):*

“(g) Na hiarratais uile ar shochair faoi Acht Cónaidhme an 22 Nollaig 2018 maidir le Soláthar Pinsin do Nótairí Ostaracha – NVG 2020;

(h) bónas luaththosaithe faoi §§ 262a agus 286a de Allgemeines Sozialversicherungsgesetz (ASVG) (An tAcht Ginearálta um Árachas Sóisialta) an 9 Meán Fómhair 1955, § 144a de gewerbliches Sozialversicherungsgesetz (GSVG) (An tAcht um Árachas Sóisialta Trádála) an 11 Deireadh Fómhair 1978, agus § 135a de Bauern-Sozialversicherungsgesetz (BSVG) (An tAcht um Árachas Sóisialta Feirmeoirí) an 11 Deireadh Fómhair 1978.”;

(7) *leasaítear Iarscibhinn IX mar a leanas:*

(a) *leasaítear Cuid I mar a leanas:*

(i) *cuirtear an roinn seo a leanas isteach i ndiaidh na roinne “AN DANMHAIRG”:*

“AN EASTÓIN

Liúntas um chumas oibre a dheonaítear faoin Acht um Liúntas Cumais Oibre;”;

(ii) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN FHIONLAINN”:*

“AN FHIONLAINN

Pinsin céilí arna gcinneadh i gcomhréir leis na rialacha idirthréimhseacha agus arna ndeonú roimh an 1 Eanáir 1994 (an Gníomh maidir le Forghníomhú an Ghnímh Pinsean Náisiúnta, 569/2007)

Méid breise phinsean an linbh agus sochar neamhspleách á ríomh de réir an Achta Pinsean Náisiúnta (an tAcht Pinsean Náisiúnta, 568/2007)”;

- (b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN LIOTUÁIN”:

“AN LIOTUÁIN

- (a) *Pinsin árachais shóisialta maidir le héagumas chun oibre, arna n-íoc faoin Dlí um Pinsin Árachais Shóisialta*
- (b) *Pinsin árachais shóisialta do bhaintreacha, do bhaintreacha fir agus do dhílleachtaí, arna ríomh ar bhonn phinsean éagumais chun oibre an duine éagtha faoin Dlí maidir le Pinsin Árachais Shóisialta”.*

- (c) i gCuid III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

“Coinbhinsiún Nordach an 12 Meitheamh 2012 maidir le slándáil shóisialta”;

- (8) leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

- (a) scriostar an roinn “AN tSEICIA”;
- (b) sa roinn “AN GHEARMÁIN”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) *Bürgergeld*, foráil bhunúsach do chuardaitheoirí poist i gcomhréir le *hImleabhar* II den Chód Sóisialta ■ .”;

(c) leasaítear an roinn “AN EASTÓIN” mar a leanas:

(i) scriostar pointe (a);

(ii) cuirtear *an pointe seo a leanas leis*:

“(c) Liúntas an phinsinéara um chónaí aonair (Acht Leasa Shóisialaigh an 6 Meán Fómhair 2016)”;

(d) cuirtear *an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN LIOTUÁIN”:*

“AN LIOTUÁIN

(a) Pinsean cúnaimh shóisialta le haghaidh míchumais agus pinsean seanaoise (Dlí 2005 maidir le Pinsin Cúnaimh Shóisialta, Airteagal 5 agus Airteagal 6);

(b) Cúiteamh faoisimh (Dlí 2005 maidir le Pinsin Cúnaimh Shóisialta, Airteagal 12);

(c) Cúiteamh iompair do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu, arna dheonú roimh 2019 de réir an Dlí maidir le Cúiteamh Iompair;”;

(e) sa roinn “AN UNGÁIR”, scriostar pointe (c);

- (f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN OSTAIR”:

“AN OSTAIR

- (a) *Forlíonadh cúiteach (Gníomh Cónaidhme an 9 Meán Fómhair 1955 maidir le hÁrachas Sóisialta Ginearálta – ASGV, Gníomh Cónaidhme an 11 Deireadh Fómhair 1978 maidir le hÁrachas sóisialta do dhaoine atá ag gabháil do thrádáil agus do thráchtáil - SVG agus Gníomh Cónaidhme an 11 Deireadh Fómhair 1978 maidir le hÁrachas sóisialta d’fheirmeoirí – BSVG);*
- (b) *Liúntas forlíontach (Acht Cónaidhme an 18 Samhain 1965 maidir le teidlíochtaí pinsin oifigeach cónaidhme, a marthanóirí agus a gcleithiúnaithe - Pensionsgesetz 1965 (PG 1965); An tAcht Cónaidhme maidir le sochair phinsin oifigigh Iarnróid Chónaidhme na hOstaire – Bundesbahn-Pensionsgesetz (BB-PG); Acht Cónaidhme an 9 Iúil 1958 maidir le sochair scoir agus pinsin Fostaithe Amharclannaíochta Cónaidhme (Bundestheaterpensionsgesetz (BThPG)).”;*

- (g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN PHOLAINN”:

“AN PHOLAINN

- (a) *Pinsean sóisialta (Gníomh an 27 Meitheamh 2003 maidir le pinsin shóisialta).*
- (b) *Sochar tuismitheora forlíontach (Acht an 31 Eanáir 2019 maidir le sochar tuismitheora forlíontach);*
- (c) *Sochar forlíontach do dhaoine nach bhfuil in ann maireachtáil go neamhspleách (Acht an 31 Iúil 2019 maidir le sochar forlíontach do dhaoine nach bhfuil in ann maireachtáil go neamhspleách).”;*

(h) leasaítear an *roinn* “**AN PHORTAINGÉIL**” mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Pinsean seanaoise neamhranníocach Stáit (Dlí Foraithe Uimh. 464/80 an 13 Deireadh Fómhair 1980);’;

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(d) Bun-chomhchuid agus Liúntas an tSochair Shóisialta lena gCuimsiú (Dlí Foraithe Uimh. 126-A/2017 an 6 Deireadh Fómhair 2017, arna leasú)”;

(i) cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh an ailt “**AN PHORTAINGÉIL**”:

“AN RÓMÁIN

Liúntas sóisialta do phinsinéirí (Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 6/2009 lena mbunaítear pinsean sóisialta íosta ráthaithe, arna fhorghuiniú le Dlí Uimh. 196/2009) ■ ;”;

(j) scriostar an roinn “AN tSLÓIVÉIN”;

(k) sa roinn “**AN FHIONLAINN**”, scriostar pointe (c);

- (l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN tSUALAINN”:

“AN tSUALAINN

- (a) Sochair tithíochta forlíontacha do dhaoine a fhaigheann pinsean (Caibidlí 99–103 den Chód Árachais Shóisialta) **(2010:110)**;
- (b) Tacaíocht chothabhála do dhaoine scothaosta (Caibidil 74 den Chód Árachais Shóisialta) **(2010:110)**;;

- (m) sa roinn “AN RÍOCHT AONTAITHE”, **cuirtear** isteach na pointí seo a leanas:

“(f) Comhpháirt soghluaisteachta na hÍocaíochta um Neamhspleáchas Pearsanta (i reachtaíocht na Breataine Móire, Cuid 4 den Acht um Athchóiriú Leasa Shóisialta 2012 agus i Reachtaíocht Thuaisceart Éireann, Cuid 5 den Ordú um Athchóiriú Leasa Shóisialaigh (Tuaisceart Éireann) 2015 (I.R. 2015/2006 (N.I. 1)));

(g) *Na Rialacháin um an Íocaíocht um an mBia Tús is Fearr (Beatha Leasmhara (Bianna Tosaithe is Fearr) (Albain) 2019 (SSI 2019/193))*;

(h) *Na Deontais um an Tús is Fearr (deontas toirchis agus leanaí, deontas luathfhoghlama, deontas aoise scoile) (Rialacháin 2018 (Albain) um Chúnamh Luathbhlianta (Deontais Tosaithe is Fearr) (Albain) 2018 (SSI 2018/ 370))*;

(i) *Na Rialacháin um Íocaíocht Tacaíochta Sochraide (Cúnamh um Chostais Fhónta (Albain), 2019 (SSI 2019/292))*;

- (j) *Íocaíocht Leanaí na hAlban (Rialacháin Íocaíochta Leanaí na hAlban 2020 (SSI 2020/XX));*
- (k) *Comhpháirt soghluaisteachta na hÍocaíochta Míchumais Leanaí (Na Rialacháin um Chúnamh Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga (Albain), 2021 (SSI 2021/174));*
- (l) *An chomhpháirt soghluaisteachta den Íocaíocht Mhíchumais Aosaigh (an tAcht um Shlándaíl Shóisialta (Albain), 2018 ('SS(S)A')) agus na Rialacháin maidir le Cúnamh Míchumais do Dhaoine in Aois Oibre (Albain), 2022;*
- (m) *Íocaíocht Téimh Gheimhridh ag Aois an Phinsin (Rialacháin Leasaithe an Chúnaimh Téimh Gheimhridh (Aois Phinsin) (Albain) 2025);*
- (n) *Íocaíocht Breosla Gheimhridh (Rialacháin an Chiste Shóisialta maidir le hÍocaíocht Breosla Gheimhridh 2025).”;*

(9) leasaítear Iarscríbhinn XI mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN tSEICIA”:

“AN tSEICIA

1. Chun sainmhíniú a dhéanamh ar dhaoine den teaghlach de réir Airteagal 1(i), folaíonn “céile” freisin páirtnéirí cláraithe mar a shainmhínítear iad i nGníomh Seiceach Uimh. 115/2006 Coll., maidir le páirtnéireacht chláraithe.;
2. D’ainneoin Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán seo, chun críche an sochar forlíontach a dheonú maidir le tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht Phoblacht Chónaidhme na Seice agus na Slóvaice, ní féidir a chur san áireamh ach na tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht na Seice d’fhonn an coinníoll a chomhlíonadh ar a laghad bliain amháin de d’árachas pinsin na Seice a bheith ann laistigh den tréimhse shainithe i ndiaidh dhíscaoileadh na cónaidhme (§ 106a, mír 1b) d’Acht Uimh. 155/1995 Col., maidir le hárachas pinsin).”; ■ ”;

(b) sa roinn “AN GHEARMÁIN”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 3:

“3. Chun sochair airgid thirim a dheonú faoi §47(1) de SGB V, §47(1) de SGB VII agus § 24i de SGB V do dhaoine árachaithe a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, faoi scéimeanna árachais na Gearmáine, ríomhtar an glanphá, a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar shochair, amhail is dá mba sa Ghearmáin a bhí an duine árachaithe ina chónaí, ach amháin má iarrann an duine árachaithe measúnú ar bhonn an ghlanphá iarbhir a fhaigheann sé nó sí. Chun saoire do thuismitheoirí a dheonú faoin Acht Cónaidhmeach um Liúntas do Thuismitheoirí agus Saoire do Thuismitheoirí (BEEG) do dhaoine atá ina gcónaí i mBallstát eile, ríomhfaidh an institiúid atá inniúil maidir le saoire do thuismitheoirí sa Ghearmáin an meánioncam míosúil arna thuilleamh faoi §§2c go 2f den Acht (an rud lena measúnaítear sochair) amhail is dá mba sa Ghearmáin a bhí an duine sin ina chónaí. Má thagann de sin go bhfuil feidhm ag réim chánach IV, de réir an dara habairt de §2e(3) de BEEG, de bhrí nach raibh an tairbhí rangaithe in aon réim chánach de chuid na Gearmáine le linn thréimhse an mheasúnaithe, féadfaidh sé nó sí a iarraidh go ndéanfar an sochar saoire do thuismitheoirí a mheasúnú ar bhonn an ghlanioncaim iarbhir atá aige nó aici ar gearradh cáin air sa Bhallstát cónaithe. ■ ”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN EASTÓIN”:

“An EASTÓIN

1. Chun na sochair do thuismitheoirí a ríomh, measfar maidir le tréimhsí fostaíochta i mBallstáit seachas an Eastóin, go mbeidh siad bunaithe ar an meánmhéid céanna Cánach Sóisialta a íocadh i rith na dtréimhsí fostaíochta sin san Eastóin a gcomhshuimítear leo iad. Más rud é, i rith na bliana tagartha, nach raibh an duine fostaithe ach i mBallstáit eile, measfar go mbeidh ríomh an tsochair bunaithe ar mheán na Cánach Sóisialta a íocadh san Eastóin idir an bhliain tagartha agus an tsaoire mháithreachais.
2. Chun an liúntas cumais oibre *pro rata* a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 52(1), pointe (b), den Rialachán seo, cuirfear i gcuntas na tréimhsí cónaithe a cuireadh isteach san Eastóin ag tosú ó 16 bliana d’aois go dtí gur tharla an teagmhas. ■ ”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na roinne “AN CHIPIR”:

“AN CHIPIR

Chun críche chur i bhfeidhm Airteagail 6, 51 agus 60 den Rialachán seo, maidir le haon tréimhse dar tús an 6 Deireadh Fómhair 1980 nó dá éis, cinnfear seachtain árachais faoi reachtaíocht Phoblacht na Cipire tríd an tuilleamh iomlán inárachaithe don tréimhse ábhartha a roinnt ar mhéid seachtainiúil an bhuntuillimh inárachaithe atá infheidhme sa bhliain ábhartha ranníocaíochta, ar choinníoll nach rachaidh líon na seachtainí a chinnfear amhlaidh thar líon na seachtainí féilire sa tréimhse ábhartha.”;

(e) sa roinn “MÁLTA”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Chun críoch Airteagal 49 agus Airteagal 60 den Rialachán a chur i bhfeidhm, agus chun na gcríoch sin amháin, caithfear mar státseirbhísigh le daoine arna bhfostú faoi Acht na bhFórsaí Armtha (Caibidil 200 de Dhlíthe Mhálta), faoi Acht na bPóilíní (Caibidil 164 de Dhlíthe Mhálta), faoi Acht na bPríosún (Caibidil 260 de Dhlíthe Mhálta), agus faoi Acht na Cosanta Sibhialta (Caibidil 411 de Dhlíthe Mhálta);’;

- (f) sa roinn “AN ÍSILTÍR”, ■ cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

“1. Árachas cúraim sláinte

- (a) *Maidir le teidlíocht i gcomhair sochar comhchineáil faoi reachtaíocht na hÍsiltíre, ciallóidh daoine atá i dteideal sochar comhchineáil chun críche chur i bhfeidhm Chaibidlí 1 agus 2 de Theideal III den Rialachán seo:*
- (i) *daoine a bhfuil sé d’oibleagáid orthu árachas a fháil faoi árachóir cúraim sláinte, de réir Zorgverzekeringswet (an tAcht um Árachas Cúraim Sláinte); agus*
- (ii) *a mhéid nach bhfuil siad san áireamh cheana faoi phointe i), daoine a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile agus atá i dteideal, faoin Rialachán seo, cúram sláinte a fháil ina stát cónaithe, agus na costais á n-íoc ag an Ísiltír;*
- (b) *Ní mór do na daoine dá dtagraítear i bpointe 1(a)(i), i gcomhréir le forálacha Zorgverzekeringswet (an tAcht um Árachas Cúraim Sláinte), árachas a thógáil amach le hárachóir cúraim sláinte; agus ní mór do na daoine dá dtagraítear i bpointe 1(a)(ii) clárú le Centraal Administratie Kantoor (CAK);*

- (c) *Is iad forálacha Zorgverzekeringswet (An tAcht um Árachas Cúraim Shláinte) agus Wet langdurige zorg (An tAcht um Chúram Fadtéarmach) is infheidhme maidir le dliteanas i leith ranníocaíochtaí a íoc leo siúd dá dtagraítear i bpointe (a) agus lena mbaill teaghlaigh. Maidir le daoine den teaghlach, toibheofar na ranníocaíochtaí ar an duine óna ndíorthaítear an ceart chun cúraim sláinte;*
- (d) *Daoine atá i dteideal sochar de bhun reachtaíochta Ballstáit seachas an Ísiltír agus a bhfuil cónaí orthu san Ísiltír nó a fhanann go sealadach san Ísiltír, beidh siad i dteideal sochar comhchineáil i gcomhréir leis an mbeartas a thairgeann institiúid na háite cónaithe nó na háite fanachta san Ísiltír do dhaoine árachaithe, agus Airteagal 11(1), (2) agus (3), de Zorgverzekeringswet (an tAcht um Árachas Cúraim Sláinte) mar aon le sochair chomhchineáil arna soláthar faoi Wet langdurige zorg (An tAcht um Chúram Fadtéarmach);*
- (e) *Leanfaidh pointe 1(f), sa leagan a bhí i bhfeidhm roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe] , d'fheidhm a bheith aige maidir le daoine a fuair sochar dá dtagraítear san fhoráil sin ar an dáta sin agus a chláraigh le CAK.”;*

- (g) cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh an ailt “AN OSTAIR”:

“AN tSLÓVAIC

D’ainneoin Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán seo, chun críoch an sochar forlíontach a dheonú maidir le tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht Phoblacht Chónaidhme na Seice agus na Slóvaice, ní féidir a chur i gcuntas ach na tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht na Slóvaice d’fhonn an coinníoll a chomhlíonadh bliain amháin de phinsean na Slóvaice a bheith ann laistigh den tréimhse shainithe i ndiaidh dhíscaoileadh na cónaidhme (§ 66a, mír 1, litir b) d’Acht Uimh. 461/2003 Col., maidir le hÁrachas Sóisialta). ■ ”;

- (h) *sa roinn “AN FHIONLAINN”, scriostar pointe 1;*

(i) leasaítear an roinn “AN tSUALAINN” mar a leanas:

(i) scriostar pointe 1 agus pointe 2;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

“3. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir le comhiomlánú tréimhsí árachais agus tréimhsí cónaithe maidir leis na forálacha idirthréimhseacha i reachtaíocht na Sualainne maidir le teidlíocht ar phinsean ráthaíochta do dhaoine a rugadh in 1937 nó roimhe sin agus a raibh cónaí orthu sa tSualainn ar feadh tréimhse sonraithe sula ndearna siad iarratas ar phinsean (Caibidl 6 den Acht **(2010:110)** maidir le Cur Chun Feidhme an Chóid Árachais Shóisialta a bhaineann le Caibidlí 53–74);”;

(iii) leasaítear pointe 4 mar a leanas:

- cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“4. Chun ioncam a ríomh do chúiteamh breoiteachta barúlach a bhaineann le hioncam agus do chúiteamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hioncam i gcomhréir le Caibidil 34 den Chód Árachais Shóisialta (2010:110), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:”;

- cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (b):

“(b) i gcás ina ríomhfar na sochair de bhun Airteagal 46 den Rialachán seo agus nach bhfuil na daoine árachaithe sa tSualainn, cinnfear an tréimhse thagartha i gcomhréir le Caibidil 34, Ranna 3, 10 agus 11 den Acht thuasluaite amhail is dá mbeadh an duine lena mbaineann árachaithe sa tSualainn. Mura bhfuil aon ioncam giniúna pinsin ag an duine lena mbaineann le linn na tréimhse sin faoi Chaibidil 59 den Chód Árachais Shóisialta (2010:110), ceadófar don tréimhse thagartha rith ón bpointe ama is luaithe a raibh ioncam ó ghníomhaíocht shochrach ag an duine árachaithe sa tSualainn;”;

(iv) i bpointe 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“5(a) Chun sócmhainní barúlacha pinsin a ríomh le haghaidh pinsean marthanóra ioncam-bhunaithe (Caibidil 82 den Chód Árachais Shóisialta) (2010:110), mura gcomhlíonfar ceanglas reachtaíocht na Sualainne i leith teidlíochta pinsin do thrí cinn ar a laghad de na 5 bliana féilire díreach roimh bhás an duine árachaithe (an tréimhse thagartha), cuirfear san áireamh tréimhsí árachais a cuireadh isteach i mBallstáit eile freisin, amhail agus dá mba sa tSualainn a cuireadh isteach iad. Measfar, maidir le tréimhsí árachais i mBallstáit eile, gur tréimhsí iad atá bunaithe ar mheán-bhonn pinsean na Sualainne. Mura bhfuil ach bliain amháin ag an duine lena mbaineann sa tSualainn le bonn pinsin, measfar gurb ionann gach tréimhse árachais i mBallstát eile agus an méid céanna.”;

(j) sa roinn “AN RÍOCHT AONTAITHE”:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 agus 2:

“1. I gcás, i gcomhréir le reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, ina bhféadfaidh duine a bhfuil an aois inphinsin sroichte aige roimh an 6 Aibreán 2016 a bheith i dteideal pinsean scoir más rud é:

(a) go gcuirtear ranníocaíochtaí iarchéile nó iarpháirtnéara sibhialta san áireamh amhail agus dá mba ranníocaíochtaí an duine féin iad; nó

(b) go gcomhlíonann céile, páirtnéir sibhialta, iarchéile nó iarpháirtnéir sibhialta an duine sin na coinníollacha ábhartha maidir le ranníocaíochtaí,

ansin ar choinníoll, i ngach cás, go bhfuil nó go raibh an céile nó an páirtnéir sibhialta, an t-iarchéile nó an t-iarpháirtnéir sibhialta ag gabháil do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe, agus go raibh sé faoi réir reachtaíocht dhá Bhallstát nó níos mó, beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 5 de Theideal III den Rialachán seo d’fhonn an teidlíocht faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe a chinneadh. Sa chás sin, déanfar na tagairtí i gCaibidil 5 do ‘tréimhsí árachais’ a fhorléiriú mar thagairtí do thréimhsí árachais arna gcur isteach:

(i) céile, páirtneir sibhialta, iarchéile, nó iarpháirtneir sibhialta i gcás ina ndéanann ceann acu seo éileamh:

- duine pósta nó páirtneir sibhialta, nó
- duine ar foirceannadh pósadh nó páirtneireacht shibhialta an duine sin ar shlí seachas bás an chéile nó an pháirtneara shibhialta; nó

(ii) iarchéile nó iarpháirtneir sibhialta, i gcás ina ndéanann ceann acu seo éileamh:

- baintreach, baintreach fir nó páirtneir sibhialta nach raibh, go díreach roimh an aois inphinsin a shlánú dó nó di, i dteideal liúntais tuismitheora baintrí, nó
- baintreach a bhfuair a céile bás roimh an 9 Aibreán 2001 nach raibh i dteideal liúntais do mháthair is baintreach, liúntais do thuismitheoir is baintreach nó pinsin baintrí, go díreach roimh an aois inphinsin a shlánú di nó nach bhfuil teidlíocht aici ach ar phinsean aois-bhainteach baintrí arna ríomh de bhun Airteagal 52(1)(b) den Rialachán seo, agus chun na críche sin ciallaíonn ‘pinsean aois-bhainteach baintrí’ pinsean baintrí atá iníoctha ag ráta laghdaithe i gcomhréir le roinn 39(4) den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992. ■

Níl feidhm ag an bpointe seo maidir le daoine a shlánaíonn an
aois inphinsin an 6 Aibreán 2016 nó ina dhiaidh.

2. Chun críocha Airteagal 6 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir leis na forálacha lena rialaítear teidlíocht ar liúntas freastail, ar liúntas cúramóra, ■ ar liúntas maireachtála míchumais, agus chun íocaíocht um neamhspleáchas pearsanta, cuirfear san áireamh tréimhse fostaíochta, féinfhostaíochta nó chónaithe a cuireadh isteach i gcríoch Ballstáit eile seachas an Ríocht Aontaithe, a mhéid is gá chun coinníollacha a chomhlíonadh maidir le tréimhsí láithreachta a éilítear sa Ríocht Aontaithe roimh an lá a thagann ceist na teidlíochta chun an tsochair i dtrácht chun cinn den chéad uair.”;

(ii) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre

“4. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 46 den Rialachán seo, más duine é an duine lena mbaineann a bhfuil éagumas chun oibre air agus easláine mar thoradh air sin agus é faoi réir reachtaíocht Ballstáit eile, cuirfidh an Ríocht Aontaithe san áireamh, chun críoch Roinn 30A (5) den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992, Cuid 1 den Acht um Athchóiriú Leasa Shóisialaigh 2007 nó na forálacha comhfhreagracha i reachtaíocht Thuaisceart Éireann, cuirfidh sí i gcuntas aon tréimhse ina bhfuair an duine lena mbaineann, i ndáil leis an éagumas chun oibre sin:

- (a) sochair airgid thirim i leith breoiteachta nó pá nó tuarastal in ionad na sochar sin; nó
- (b) sochair de réir bhrí Chaibidlí 4 agus 5 de Theideal III den Rialachán seo a deonaíodh i ndáil leis an easláine a d’eascair as an éagumas sin chun oibre, faoi reachtaíocht an Bhallstáit eile, amhail agus dá mba thréimhsí sochair éagumais ghearrthéarmaigh iad, de réir mar is iomchuí, a íocadh i gcomhréir le hAlt 30A (1)-(4) den Ghníomh Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992. den Acht um Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta (Céim an Mheasúnaithe) a íocadh i gcomhréir le Cuid 1 den Acht um Athchóiriú Leasa 2007 nó le forálacha comhfhreagracha Thuaisceart Éireann.

■ ”;

- (10) cuirtear na hIarscríbhinní seo a leanas leo:

“IARSCRÍBHINN XII

SOCHAIR FADTÉARMACHA CÚRAIM ■ DÁ BHFORÁILTEAR DE MHAOLÚ
AR AIRTEAGAL 33A(2)

(Airteagal 33a(2)) ■

AN OSTAIR

Sochar cúraim fhadtéarmaigh in airgead tirim (An tAcht Cónaidhme um Shochar Cúraim Fhadtéarmaigh, BGBI. I Uimh. 110/1993 arna leasú) a dheonaítear mar thoradh ar thionóiscí ag an obair nó ar ghalair cheirde, déantar é a chomhordú faoi Chaibidil 2 de Theideal III – Sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.

AN FHRAINIC

- (a) *Liúntas síorfhreastail (Cód Slándála Sóisialta, Airteagal L.355-1), déantar é a chomhordú faoi Chaibidil 4 de Theideal III – Sochair easláine nó faoi Chaibidil 5 de Theideal III – Sochar seanaoise, ag brath ar an sochar a bheartaítear a fhorlíonadh leis an bhforlíonadh cúraim;*
- (b) *Sochar forlíontach síorfhreastail (Cód Slándála Sóisialta, Airteagal L.434-2) – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 2 de Theideal III – Sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.*

AN GHEARMÁIN

Cúram fadtéarmach sochar i dtaca le tionóiscí ag an obair agus le galair cheirde (Leabhar VII de Chód Sóisialta na Gearmáine, mír 44) – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 2 de Theideal III – Sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.

AN PHOLAINN

Forlíonadh cúraim (an tAcht dar dáta 17 Nollaig 1998 maidir le pinsin seanaoise agus sochair easláine as an gCiste Árachais Shóisialaigh) – déantar sin a chomhordú faoi Chaibidil 4 de Theideal III – Sochair easláine nó faoi Chaibidil 5 de Theideal III – Sochar seanaoise, ag brath ar an sochar lena bheartaítear an cúram a fhorlíonadh.

IARSCRÍBHINN XIII

SOCHAIR TEAGHLAIGH IN AIRGEAD TIRIM ATÁ CEAPTHA IONAD IONCAM LE LINN TRÉIMHSÍ TÓGÁLA LEANAÍ A GHABHÁIL

(Airteagal 68b)”.

Cuid I: Sochair teaghlaigh in airgead tirim atá ceaptha ionad ioncam le linn tréimhsí tógála leanaí a ghabháil

(Airteagal 68b(1))

AN OSTAIR

- (a) Liúntas Comhréidh Cúraim Leanaí (An tAcht Liúntas Cúraim Leanaí, 2001/103);**
- (b) Liúntas Cúraim Leanaí in ionad ioncam sochrach (An tAcht Liúntas Cúraim Leanaí, 2001/103)**
- (c) Bónas Páirtí (An tAcht Liúntas Cúraim Leanaí, 2001/103)**

AN BHEILG

An ceart chun saoire tuismitheoireachta i gcomhthéacs sos gairme (Foraithne Ríoga 29/10/1997 maidir le saoire do thuismitheoirí a thabhairt isteach i gcomhthéacs sos gairme).

AN BHULGÁIR

- (a) Sochar toirchis agus breithe (Cód Árachais Shóisialta, a fógraíodh le SG Uimh. 110 an 17.12.1999 agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2000), dar tosach nuair a bheidh an leanbh 6 mhí d'aois*
- (b) Sochar ar uchtú linbh idir 2 bhliain agus 5 bliana d'aois (Cód Árachais Shóisialta, a fógraíodh mar SG Uimh. 110 ón 17.12.1999, atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2000);*
- (c) Sochar chun leanbh a thógáil (Cód Árachais Shóisialta, a fógraíodh le SG Uimh. 110 an 17.12.1999 agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2000).*

AN tSEICIA

Liúntas Tuismitheora (An tAcht um Thacaíocht Shóisialta Stáit Uimh. 117/1995 Coll., arna leasú)

AN DANMHAIRG

- (a) Aisíoc Pá (An tAcht um Scéim Chothromúcháin le linn Máithreachais don earnáil phríobháideach) dar tosach an 15ú seachtain tar éis na breithe;*
- (b) Sochair Mháithreachais agus Atharachta in airgead tirim (An tAcht Comhdhlúthaithe maidir le Teidlíocht chun Saoire agus Sochair i gCás Breith Linbh) dar tosach an 15ú seachtain tar éis na breithe.*

AN EASTÓIN

Sochar Tuismitheora (An tAcht um Shochair Teaghlaigh an 15 Meitheamh 2016).

AN FHIONLAINN

Liúntas Tuismitheora (An tAcht um Árachas Breoiteachta, 1224/2004).

AN FHRAINIC

(a) *Comhlánú na saor-rogha gníomhaíochta is infheidhme (leanaí a rugadh/a glacadh roimh an 1 Eanáir 2015) (Airteagal 60-II den Acht um Maoiniú Slándála Sóisialta 2004);*

(b) *An sochar comhroinnte um thógáil linbh (PREPARE) (leanaí a rugadh an 1 Eanáir 2015 nó ina dhiaidh sin) (Airteagal 8-I-7º - Acht Uimh. 2014-873 an 4 Lúnasa 2014 maidir le fíor-chomhionannas idir mná agus fir).*

AN GHEARMÁIN

Liúntas Tuismitheora (An tAcht um Liúntas Tuismitheora agus Saoire do Thuismitheoirí).

AN UNGÁIR

An táille cúraim leanaí (An tAcht LXXXIII 1997 maidir le Seirbhísí Sláinte an Chórais um Árachas Éigeantach).

AN IODÁIL

Liúntas le haghaidh saoire do thuismitheoirí (Foraithne Reachtach an 26 Márta 2001, Uimh. 151).

AN LAITVIA

Sochar Tuismitheoirí (An Dlí maidir le Máithreachas agus Sochar Breoiteachta, 06.11.1995).

AN LIOTUÁIN

Sochar cúraim leanaí (Dlí Phoblacht na Liotuáine an 21 Nollaig 2000 maidir le hÁrachas Sóisialta Breoiteachta agus Máithreachais Uimh. IX-110; arna leasú).

LUCSAMBURG

Ioncam Athsholáthair le linn na Tréimhse Saoire do Thuismitheoirí (Dlí an 3 Samhain 2016 lena n-athchóirítear saoire do thuismitheoirí).

AN PHOLAINN

- (a) Forlíonadh ar an liúntas teaghlaigh i gcomhair cúraim leanaí le linn na tréimhse saoire do thuismitheoirí (Acht an 28 Samhain 2003 maidir le Sochair Theaghlaigh)*
- (b) Sochar do Thuismitheoirí (Acht an 28 Samhain 2003 maidir le Sochair Theaghlaigh)*

AN PHORTAINGÉIL

- (a) Liúntas Tuismitheora (Dlíthe forairhne Uimh. 89/2009 an 9 Aibreán 2009, agus Uimh 91/2009 an 9 Aibreán 2009) dar tosach an 7ú seachtain tar éis na breithe*
- (b) Liúntas Sínte Tuismitheora (Dlíthe forairhne Uimh. 89/2009 an 9 Aibreán 2009, agus Uimh 91/2009 an 9 Aibreán 2009)*
- (c) Liúntas uchtaíthe (Dlíthe forairhne Uimh. 89/2009 an 9 Aibreán 2009, agus Uimh 91/2009 an 9 Aibreán 2009)*

AN RÓMÁIN

Slánaíocht Mhíosúil um Thógáil Leanaí (Reacht Éigeandála Rialtais Uimh. 111 an 8 Nollaig 2010 maidir leis an tsaoire thuismitheoireachta agus an tslánaíocht mhíosúil um thógáil linbh, mar aon leis na leasuithe agus na breiseanna ina dhiaidh sin).

AN tSLÓVAIC

Liúntas Tuismitheora (Acht an Liúntais Tuismitheora Uimh. 571/2009, arna leasú).

AN tSLÓIVÉIN

- (a) Cúiteamh do Thuismitheoirí (An tAcht um Chosaint do Thuismitheoirí agus Sochair Teaghlaigh, Iris Oifigiúil Uimh. 26/14 agus 15/90, ZSDP-1);***
- (b) Liúntas Tuismitheora (An tAcht um Chosaint do Thuismitheoirí agus Sochair Theaghlaigh, Iris Oifigiúil Uimh. 26/14 agus 15/90, ZSDP-1)***

An tSUALAINN

Sochar tuismitheora (Caibidil 12 den Chód Árachais Shóisialta (2010:110)).

Cuid II Ballstáit a dhámhann na sochair theaghlaigh dá dtagraítear in Airteagal **68b**
ina n-iomláine

(Airteagal 68b(2)).

AN EASTÓIN

AN FHIONLAINN

AN LIOTUÁIN

LUCSAMBURG

An tSUALAINN”.

IARSCRÍBHINN II

Leasuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn 1 mar seo a leanas:

(a) scriostar an roinn “AN BHEILG-AN GHEARMÁIN”;

(b) sa roinn “BELGIUM-FRANCE”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) Malartú Litreacha an 21 Samhain 1994 agus an 8 Feabhra 1995 maidir leis na nósanna imeachta chun éilimh chómhálartacha a shocrú de bhun Airteagail 93, 94, 95 agus 96 de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72, sa leagan arna leasú le Malartú Litreacha an 2 Aibreán 2021 agus an 21 Samhain 2022.”;

(c) sna ranna “DENMARK-SWEDEN”, “DENMARK-FINLAND” agus “FINLAND-SWEDEN”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs, i ngach cás:

“An Socrú Riaracháin maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiúin Nordach an 12 Meitheamh 2012 maidir le Slándáil Shóisialta.”;

(d) scriostar an roinn “AN GHEARMÁIN-AN FHRAINIC”;

(e) sa roinn “AN GHEARMÁIN-LUCSAMBURG”, scriostar pointí (a) agus (b);

(f) sa roinn “FINLAND-SWEDEN”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

*“An Socrú Riaracháin maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiúin
Nordach an 12 Meitheamh 2012 maidir le Slándáil Shóisialta.”;*

(2) scriostar Iarscríbhinn 5;

(3) cuirtear an iarscríbhinn seo a leanas leis:

“IARSCRÍBHINN 6

(Airteagal 15(1b))

Earnáil na Foirgníochta

*Áirítear san earnáil foirgníochta de réir bhrí Airteagal 15 an obair foirgníochta uile
a bhaineann le foirgnimh a thógáil, a dheisiú, a chothabháil, a athrú nó a scartáil,
agus go háirithe an obair seo a leanas:*

(1) tohailt;

(2) créchartadh;

(3) obair thógála iarbhír;

(4) eilimintí réamhdhéanta a chóimeáil agus a dhíchóimeáil;

(5) feistiú nó suiteáil;

(6) athruithe;

(7) athchóiriú;

(8) deisiúcháin;

(9) díchóimeála

(10) scartáil;

(11) cothabháil;

(12) obair chothabhála, phéinteála agus ghlantacháin;

(13) feabhsuithe.”.

Tá Ráiteas déanta ag an gCoimisiún maidir le Rialú, Gníomhachtú agus Socrúchán Poist i ndáil leis an Rialachán seo, atá le fáil ag ...[IO cuir isteach tagairt IO an ráitis ón gCoimisiún agus nasc ELI].

Tá Ráiteas déanta ag an gCoimisiún maidir le hOibrithe Séasúracha i ndáil leis an Rialachán seo, atá le fáil ag ...[IO cuir isteach tagairt IO an ráitis ón gCoimisiún agus nasc ELI].

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Rialú, Gníomhachtú agus Socrúcháin Poist

(Rialachán ... [IO cuir isteach, le do thoil, uimhir agus tagairt IO an Rialacháin lena leasaítear Rialacháin Uimh. (CE) 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 ar bhonn COD 2016/0397])

Le linn na caibidlíochta maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus ar Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, leag roinnt Ballstát béim ar a thábhachtaí atá bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta do dhaoine dífhostaithe a théann chuig Ballstát eile seachas an Ballstát inniúil chun fostaíocht a lorg ann. Is cásanna iad sin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 64 agus 65 de Rialachán 883/2004, ina mbaineann duine atá go hiomlán dífhostaithe úsáid as an bhféidearthacht sochair dhífhostaíochta a choinneáil ón mBallstát inniúil ar feadh tréimhse theoranta ama, agus fostaíocht á lorg aige i mBallstát eile ag an am céanna. Le linn na tréimhse sin, ní mór don duine lena mbaineann clárú mar dhuine atá ag lorg oibre le seirbhísí fostaíochta an Bhallstáit eile, a bheith faoi réir an nós imeachta rialaithe a eagraítear ansin agus cloí leis na coinníollacha a leagtar síos faoi reachtaíocht an Bhallstáit sin, amhail is dá mbeadh sochair dhífhostaíochta á bhfáil aige ón mBallstát sin. Le linn na tréimhse sin, ní mór d'institiúid an Bhallstáit is faighteoir faisnéis ábhartha a sholáthar don Bhallstát inniúil ar bhonn míosúil maidir leis an obair leantach ar staid an duine dhífhostaithe, go háirithe maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an duine dífhostaithe fós cláraithe leis na seirbhísí fostaíochta agus an bhfuil na nósanna imeachta gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta atá i bhfeidhm ann á gcomhlíonadh aige.

Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaidh daoine a onnmhairíonn a sochar dífhostaíochta go hiomlán na bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta uile atá i bhfeidhm sa Bhallstát is faighteoir, faoi na coinníollacha céanna le daoine dífhostaithe a fhaigheann sochair ón mBallstát sin. Aithníonn an Coimisiún freisin a thábhachtaí atá an comhar frithpháirteach chun tacú le faireachán agus rialú a dhéanamh ar dhaoine dífhostaithe agus na nósanna imeachta agus na bearta sa Bhallstát eile á gcomhlíonadh acu chun cur leis an seans go ndéanfar iad a athimeascadh sa mhargadh saothair agus an gá atá le faireachán agus rialú a fheabhsú a thuilleadh trí uathmhalartú struchtúrach sonraí maidir le hatosú oibre agus ioncam nó sochar eile ar a laghad. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, cothóidh an Coimisiún an comhar frithpháirteach, tacóidh sé leis na Ballstáit na forálacha maidir leis an malartú idir institiúidí a chur chun feidhme, i gcás inar

gá, laistigh den chreat dlíthiúil athbhreithnithe agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar an gcur chun feidhme sin leis na Ballstáit.

I gcomhthéacs na hoibre ar an bPacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair, fiosróidh an Coimisiún conas na rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta a nuachóiriú agus a shimpliú a thuilleadh. Cuimseofar leis sin – *inter alia* – togra le haghaidh réiteach chun comhar agus malartú sonraí a neartú maidir le bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta idir na Ballstáit faoi chuimsiú oibleagáid tuairiscithe na mBallstát is faighteoirí. D’fhéadfaí a chuimsiú leis freisin malartú sonraí i gcás atosú oibre, nó foinsí eile ioncaim nó sochair eile a fháil. Ar an iomlán, bheadh sé d’aidhm aige sin feabhas a chur ar an bhfreagracht agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh daoine a onnmhairíonn a sochair go hiomlán na bearta rialaithe, gníomhachtaithe nó socrúcháin fostaíochta sa Bhallstát glactha amhail is dá mbeadh sochair dhífhostaíochta á bhfáil aige ón mBallstát sin. Ní hamháin go méadódh sé sin an dóchúlacht go ndéanfaí duine dífhostaithe a imeascadh i margadh an tsaothair ach chuirfeadh sé leis an muinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát sa chóras comhordaithe freisin. Sa ghearrthéarma, tosóidh an Coimisiún ag féachaint cheana féin faoin gcreat dlíthiúil athbhreithnithe ar fheabhsuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an malartú faisnéise digitithe agus caighdeánaithe idir na Ballstáit maidir le rialú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daoine dífhostaithe a onnmhairíonn a sochair. Chuige sin, molfaidh an Coimisiún feabhsuithe ar na malartuithe sonraí idir na hinstitiúidí laistigh den Chóras um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) tríd an bpróiseas rialta bainistithe athruithe. Molfaidh an Coimisiún go mbeidh na réimsí caighdeánaithe sonraí lena ndeimhnítear cuardach gníomhach poist agus atosú oibre i gcás an duine ag feidhmiú go hiomlán faoi dháta chur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hOibrithe Séasúracha

(Rialachán ... [IO cuir isteach, le do thoil, uimhir agus tagairt IO an Rialacháin lena leasaítear Rialacháin Uimh. (CE) 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 ar bhonn COD 2016/0397])

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘*Guidelines on seasonal workers in the EU in the context of the COVID-19 outbreak*’ [Treoirilínte maidir le hoibrithe séasúracha san Aontas i gcomhthéacs ráig COVID-19] an 17 Iúil 2020, sna conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a formheasadh an 9 Deireadh Fómhair 2020, agus sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 maidir le cosaint Eorpach d’oibrithe trasteorann agus séasúracha i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, i

measc tionscnaimh eile, aithníodh gur minic a bhíonn oibrithe séasúracha níos leochailí i leith dálaí oibre agus maireachtála forbhásacha ná oibrithe taistil eile. Le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus lena Rialachán cur chun feidhme (CE) Uimh. 987/2009 maidir le comhordú córas slándála sóisialta, rannchuidítear le feidhmiú ceart slándála sóisialta a éascú d'oibrithe séasúracha taistil agus tá siad gan dochar do scéimeanna sonracha náisiúnta tacaíochta ioncaim d'oibrithe séasúracha, i gcás inarb ann dóibh. Tá sé tábhachtach, áfach, go ndéanfaí iarrachtaí breise i réimsí beartais eile a mhéid a bhaineann le dálaí oibre agus maireachtála, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, pá íosta leordhóthanach, cóir chomhionann agus rochtain ar chosaint shóisialta. Chun tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do chosaint chearta slándála sóisialta na n-oibrithe séasúracha, tá sé thar a bheith tábhachtach faisnéis ábhartha maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoi na Rialacháin seo a chur ar fáil dóibh i dteanga shoiléir intuigthe.
